

Tuarascáil Taighde ar Nuachainteoirí na Gaeilge



John Walsh | Bernadette O'Rourke | Hugh Rowland

Arna hullmhú do  **Foras na Gaeilge** Deireadh Fómhair 2015

Tuarascáil Taighde ar Nuachaintoírí na Gaeilge

arna hullmhú d'Fhoras na Gaeilge

John Walsh, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Bernadette O'Rourke, Ollscoil Heriot-Watt, Dún Éideann

Hugh Rowland, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Deireadh Fómhair 2015

Clár na nÁbhar

Na hÚdair.....	3
Achoimre Fheidhmeach	4
1. Réamhrá.....	5
2. Taighde ar Nuachaintoirí na Gaeilge go dtí seo	8
3. Cé hiad Nuachaintoirí na Gaeilge agus cá bhfuil siad lonnaithe?	10
4. Cur Chuige agus Modheolaíocht an Taighde	12
5. Cúlra Sochtheangeolaíoch na Nuachaintoirí.....	15
6. Cad a Spreagann Daoine chun Iompú ina Nuachaintoirí Gaeilge?	25
7. Cumas sa Ghaeilge	33
8. Úsáid na Gaeilge.....	40
9. Idé-eolaíochtaí nuachaintoirí i leith na Gaeltachta	47
10. Tuairimí Nuachaintoirí i leith an Bheartais Teanga.....	55
11. Conclúidí.....	59
12. Tagairtí.....	63

Dearadh an chlúdaigh: Proactive Design and Marketing agus Pierre Fuentes ©

Na hÚdair

Léachtóir Sinsearach Gaeilge i Scoil na dTeangacha, na Litríochtaí agus an gCultúr, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh is ea an Dr. John Walsh. Bhí sé ina Leas-Déan Taighde i gColáiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Léinn Cheiltigh ó 2012-2014 agus is é Ceann Gníomhach Roinn na Gaeilge é ó 2014 i leith. Múineann sé an tsochtheangeolaíocht agus cúrsaí eile ag leibhéal na bunchéime agus na hiarchéime. Ar na spéiseanna taighde atá aige tá: an tsochtheangeolaíocht chriticiúil; sochtheangeolaíocht na Gaeilge agus teangacha mionlaithe eile; beartas teanga; idé-eolaíocht teanga; meáin teangacha mionlaithe agus an nasc idir teanga agus forbairt shocheacnamaíoch. Foilsíodh an dara eagrán dá leabhar is déanaí *Contests and Contexts: the Irish language and Ireland's socio-economic development* (Peter Lang) i 2012. Roimh dó teacht go Gaillimh, d'oibrigh sé mar léachtóir Gaeilge in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, leis an mBiúró Eorpach do Theangacha Neamhfhorleathana sa Bhruiséil agus mar iriseoir Gaeilge agus Béarla le RTÉ agus le TG4.

Is Ollamh le Sochtheangeolaíocht i Scoil na Bainistíochta agus na dTeangacha, Ollscoil Heriot-Watt, Dún Éideann, í Bernadette O'Rourke. Múineann sí ar chláracha i Roinn na dTeangacha agus an Léinn Idirchultúrtha agus is í Leas-Stiúrthóir an Ionaid um Thaighde Idirchultúrtha sa Roinn sin í. I measc a cuid spéiseanna taighde tá sochtheangeolaíocht na teagmhála teanga, bainistíocht na héagsúlachta teanga i bpobail ilteangacha agus beartas agus pleanáil teanga. Is í a scríobh *Galician and Irish in the European Context: Attitudes towards Weak and Strong Minority Languages* (Palgrave, 2011) agus tá sí ina heagarthóir ar an bhfo-shraith *Small Languages and Small Language Communities* ar an *International Journal of the Sociology of Language*. Is í cathaoirleach an Gnímh Eorpaigh COST (IS1306) 'New Speakers in a Multilingual Europe: Opportunities and Challenges'.

Ó Chontae Mhaigh Éo ó dhúchas don Dr. Hugh Rowland. Dhein sé BA sa Ghaeilge agus in Eolaíocht an Dlí in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Tá LLB, MA sa Nua-Ghaeilge agus PhD sa Nua-Ghaeilge aige ón ollscoil chéanna. Ar na spéiseanna taighde atá aige tá an idé-eolaíocht teanga, an náisiúnachas agus ról na Gaeilge sa saol poiblí go mórmhór san aois seo caite.

Achoimre Fheidhmeach

Sa tuarascáil seo cuirtear torthaí taighde ar chúlra, ar chleachtais agus an idé-eolaíochtaí ‘nuachainteoirí’ na Gaeilge i láthair. Tugtar ‘nuachainteoirí’ ar dhaoine a bhaineann úsáid rialta as teanga áirithe ach nach cainteoirí dúchais traidisiúnta de chuid na teanga sin iad. De ghnáth is tríd an gcóras oideachais dháttheangaigh nó tríd an tumoideachas a shealbhaíonn nuachainteoirí an sprioctheanga nó ag brath ar an gcomhthéacs sochtheangeolaíochta d’fhéadfadh an sealbhú tarlú mar thoradh ar chláracha athneartaithe teanga. I gcás na Gaeilge, baintear úsáid as sainmhíniú leathan den ‘nuachainteoir’ toisc go mbaineann an oiread sin éagsúlachta le pobal na teanga.

Tá an tuarascáil seo bunaithe ar thaighde atá á dhéanamh le blianta beaga anuas ag gréasán taighdeoirí Eorpacha dar teideal ‘New Speakers in a Multilingual Europe: Opportunities and Challenges’ faoi scáth na heagraíochta COST (European Co-operation in Science and Technology). Tá 50 taighdeoir ó 27 dtír Eorpacha páirteach sa ghréasán sin agus tá údair na tuarascála seo i mbun taighde ar nuachainteoirí na Gaeilge. Sa tuarascáil seo, déantar mionanailís ar 46 agallamh a cuireadh ar raon leathan nuachainteoirí Gaeilge agus ar ábhar scríofa eile a bailíodh uathu thar thréimhse trí bliana ó 2012 i leith. Cuirtear an anailís i láthair faoi théamaí éagsúla: (a) cúlra sochtheangeolaíoch (b) spreagadh (c) cumas (d) úsáid (e) idé-eolaíochtaí i leith na Gaeltachta agus (f) tuairimí i leith an bheartais teanga.

Léiríonn an tuarascáil seo go bhfuil cúlraí éagsúla ag nuachainteoirí na Gaeilge ó thaobh an teaghlaigh agus an oideachais araon. Freastalaíonn go leor acu ar ghnáthscoileanna Béarla ach tuairiscíonn cuid mhaith acu sin go raibh múinteoirí inspioráideacha Gaeilge acu. Tuairiscíonn nuachainteoirí go dtarlaíonn athruithe cinniúnacha i dtreo na Gaeilge ag pointí éagsúla sa saol, mar shampla mar thoradh ar chuairt Gaeltachta nó le linn bhlianta na hollscoile. Ag brath ar a gcumas agus ar a ndúthracht, úsáideann nuachainteoirí an Ghaeilge ar bhealaí difriúla. Bíonn cuid acu taobh le ciorcail chomhrá chun an Ghaeilge a labhairt le hócáideach ach úsáideann roinnt eile an Ghaeilge mar theanga an teaghlaigh lena gclann. Tá an Ghaeltacht tábhachtach do na nuachainteoirí ach ní hionann a dtuairimí ar thábhacht ná ar údarás na gcanúintí traidisiúnta a labhraítear ann. Creideann roinnt nuachainteoirí nach bhfuil an oiread céanna úinéireachta acu ar an nGaeilge agus atá ag muintir na Gaeltachta. Tá éagsúlacht tuairimí ag na nuachainteoirí ar bheartas an rialtais i leith na Gaeilge chomh maith. Éilíonn cuid acu cearta teanga go tréan ach b’fhearr le roinnt eile fuinneamh a chaitheamh le labhairt shóisialta na Gaeilge.

Mar chlabhsúr, déantar roinnt moltaí ó thaobh an bheartais teanga i bhfianaise na dtorthaí taighde agus aithnítear taighde eile a bhfuil gá leis amach anseo.

1. Réamhrá

Is éard atá sa tuarascáil seo cuid de thorthaí tionscadail taighde ar chúlra, ar chleachtais agus ar idé-eolaíochtaí ‘nuachainteoirí’ na Gaeilge. Is é Foras na Gaeilge a mhaoinigh an tuarascáil seo a bhfuil sé d’aidhm aici buneolas mar gheall ar thaighde acadúil atá á dhéanamh ar nuachainteoirí a chur i láthair an phobail. Fuarthas tacaíocht deontais cheana ó eagraíochtaí éagsúla nuair a bhí an taighde seo á dhéanamh: An Chomhairle um Thaighde in Éirinn (a mhaoinigh taighde John Walsh faoin scéim ‘New Foundations’ i 2013 agus 2014); an Arts and Humanities Research Council (An Ríocht Aontaithe) a mhaoinigh comhaltacht taighde Bernadette O’Rourke dá tionscadal taighde ‘New Speakers of Minority Languages and their role in Linguistic Revitalization’ i 2012 agus 2013; an Royal Society of Edinburgh a thug deontas beag chun cuid den ábhar a chódú; an Community Knowledge Initiative agus Coláiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, a chabhraigh linn cuid den ábhar a thrascríobh. Tá an tionscadal taighde ar a bhfuil an tuarascáil seo bunaithe á fhorbairt mar gheall de ghréasán taighde Eorpach de chuid COST (European Co-operation in Science and Technology) (Action IS1306: ‘New Speakers in a Multilingual Europe: Opportunities and Challenges’) a chuimsíonn 50 taighdeoir ó 27 dtír Eorpacha.¹ Chomh maith leis sin, bhain údair na tuarascála seo tairbhe as comhoibriú le baill den ghréasán NEOPHON (*Nuevos hablantes, nuevas identidades*), tionscadal taighde a mhaoinigh an *Ministerio de Ciencia e Innovación* (rialtas na Spáinne) mar chuid den *Plan Nacional de I+D+i 2008-2011*.

Sa tuarascáil seo agus sa tionscadal trí chéile, tugaimid ‘nuachainteoirí’ ar dhaoine a bhaineann úsáid rialta as teanga áirithe ach nach cainteoirí ‘dúchais’ traidisiúnta de chuid na teanga sin iad. Is trí mheán an oideachais dháttheangaigh nó an tumoideachais a shealbhaíonn an nuachainteoir an teanga go minic, nó tarlaíonn an sealbhú mar thoradh ar chláracha athneartaithe teanga nó cúrsaí d’fhoghlaiméoirí fásta. I gcás na Gaeilge, úsáidimid sainmhíniú leathan den nuachainteoir d’fhonn aitheantas a thabhairt don éagsúlacht mhór cúlraí agus cumais laistigh de phobal na teanga. Tá na gnéithe seo a leanas i gceist:

- Is lasmuigh den bhaile a shealbhaíonn formhór na nuachainteoirí an Ghaeilge, sa chóras oideachais de ghnáth.
- Is ann do roinnt cainteoirí a bhfuil cumas fulangach nó gníomhach acu sa Ghaeilge toisc gurb í a labhraíodh leo ag baile, nó gur labhraíodh idir Ghaeilge agus Bhéarla leo, ach nár bh í an Ghaeilge teanga na comharsanachta, .i. daoine a tógadh le Gaeilge lasmuigh den Ghaeltacht.
- Tá cúlra Gaeltachta ag roinnt nuachainteoirí eile, .i. chuala siad an Ghaeilge á labhairt go traidisiúnta ag gaolta nó ag comharsana leo ach níorbh í a labhraíodh leo ag baile.
- Is minic a shealbhaíonn nuachainteoirí an Ghaeilge go leibhéal ard cumais, .i. leibhéal B2 nó níos airde de Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha.
- Cé go mbaineann go leor nuachainteoirí úsáid rialta as an nGaeilge ina saol, d’fhéadfadh an comhthéacs sochttheangeolaíochta srian a chur leis an úsáid sin.

¹ Féach http://www.cost.eu/COST_Actions/isch/Actions/IS1306 agus <http://www.nspk.org.uk/>

- Dlúthchuid den choincheap iad na hiarrachtaí a dhéanann nuachaintoirí cur leis na réimsí úsáide ina labhraíonn siad an Ghaeilge lasmuigh den chomhthéacs oideachasúil.
- Saothraíonn roinnt nuachaintoirí leaganacha traidisiúnta agus canúintí áitiúla Gaeltachta agus d'fhéadfaidís dearcadh diúltach a léiriú i leith an chódmheasctha (meascadh an Bhéarla agus na Gaeilge). Cleachtann roinnt eile acu leaganacha níos iarthraidisiúnta a mbíonn meascán de Ghaeilge agus de Bhéarla i gceist leo go minic.
- Tá leibhéal cumais níos ísle ag roinnt cainteoirí agus dá réir sin baineann siad úsáid níos teoranta as an nGaeilge i gcomhthéacsanna áirithe sóisialta. D'fhéadfaí daoine a ghlacann páirt i gciorcail chomhrá do dhaoine fásta a áireamh i measc an ghrúpa sin.
- Bíonn spreagadh féiniúlachta nó polaitiúil ag go leor nuachaintoirí a thugann orthu úsáid níos gníomhaí a bhaint as an nGaeilge. Tarlaíonn athruithe suntasacha in úsáid na Gaeilge ag pointí cinniúnacha i saol an duine.
- Is ann chomh maith do nuachaintoirí eile a shealbhaíonn an Ghaeilge de bharr riachtanais nó mar thoradh ar an gcomhthéacs sóisialta agus ní de bharr spreagadh idé-eolaíochta agus d'fhéadfaidís filleadh ar úsáid an Bhéarla dá n-athródh an comhthéacs sin. D'fhéadfaí cuid mhaith daltaí Gaelscoileanna nó Gaelcholáistí a áireamh i measc an ghrúpa sin.²

Tá coincheap an nuachainteora bunaithe ar chritíc ar na catagóirí teangeolaíocha atá in úsáid le fada sa Teangeolaíocht chun cur síos a dhéanamh ar dhaoine a mbíonn teanga seachas a dteanga 'dhúchais' á labhairt acu go rialta: 'cainteoir T2', 'foghlaimoir', 'cainteoir dátheangach' srl (O'Rourke agus Pujolar 2013; O'Rourke agus Ramallo 2011, 2013). In ionad díriú ar na heasnamh a shamhlófaí ar urlabhra an chainteora, is fearr an téarma 'nuachaintoir' a thuiscint mar iarracht chun bogadh ar aghaidh ó chuid de na seanchoincheapa agus na seanlipéid a raibh an oiread sin údarais acu go stairiúil sa Teangeolaíocht ach a mbaineann go leor fadhbanna leo (O'Rourke et al 2015; O'Rourke agus Walsh 2015; féach chomh maith an chritíc ag Davies 2003). Is minic nach féidir idirdhealú go saoráideach idir nuachaintoirí agus cainteoirí dúchais na Gaeilge agus níl sé d'aidhm againn a thabhairt le tuiscint go mbíonn deighilt ghlan eatarthu i gcónaí. Tá fírinne an tsaoil níos doiléire agus níos éiginnte toisc go bhfuil difríochtaí bunúsacha idir an comhthéacs ina bhfuil cainteoirí óga á dtógáil le Gaeilge sa lá atá inniu ann gus an comhthéacs stairiúil sochtheangeolaíochta.

Mar seo a leanas atá struchtúr na tuarascála. Sa chéad chaibidil eile, déantar achoimre den taighde ábhartha go dtí seo i gcás na Gaeilge. I gcaibidil a 3, mínítear go hachomair an cur chuige taighde agus an mhodheolaíocht a úsáideadh. Ina dhiaidh sin arís, déantar cur síos agus anailís ar na téamaí seo a leanas:

- Cúlra sochtheangeolaíoch na rannpháirtithe taighde;
- Na cúinsí a spreag na rannpháirtithe le nuachaintoirí a dhéanamh díobh féin;
- Cumas na rannpháirtithe sa Ghaeilge;

² Féach an cháipéis seo i gcomhair plé níos mine ar na coincheapa seo:

http://www.nspk.org.uk/images/downloads/CONCEPTUALISATIONS_OF_NEW_SPEAKERNESS_final.pdf

- Úsáid na Gaeilge i measc nuachainteoirí;
- Idé-eolaíochtaí na rannpháirtithe i leith na Gaeltachta;
- Dearcadh nuachainteoirí ar bheartas na Gaeilge.

Sa chaibidil dheireanach, déantar roinnt réamh-mholtaí beartais bunaithe ar thorthaí an taighde agus déantar cur síos ar na riachtanais eile taighde atá fós le comhlíonadh. Is éard atá sa tuarascáil seo go baileach ná forléargas achomair ar na príomhcheisteanna a tháinig chun solais ón anailís a deineadh ar an ábhar taighde go dtí seo. Tá sé i gceist anailís níos téagartha agus cuimsithí a dhéanamh amach anseo i dtuarascálacha eile mar seo ach an maoiniú a bheith ar fáil.

2. Taighde ar Nuachaintoirí na Gaeilge go dtí seo

Ní hann d'aon mhórshaothar amháin ar an gceist seo toisc nár thug an chanúineolaíocht thraidisiúnta aird ar chaintoirí Gaeilge nach caintoirí dúchais iad. Is ann do shaothair mhóra uilíocha (mar shampla Ó Riagáin 1997) ina gcíortar an beartas teanga agus labhairt na Gaeilge go náisiúnta, idir Ghaeltacht agus eile. Pléitear gnéithe de cheist na nuachaintoirí sna monagraif a d'fhoilsigh Walsh (2012) agus O'Rourke (2011a, 2011b) faoin nGaeilge ach ní théitear i ngleic go cuimsitheach léi. Is ann do shaothair éagsúla ina bpléitear gnéithe éagsúla de chanúineolaíocht nuachaintoirí na Gaeilge cé nach n-úsáidtear an téarma 'nuachaintoir' iontu. Is féidir an taighde sin a roinnt ina dhá chuid: (a) ábhar teangeolaíoch nó sochtheangeolaíoch a bhaineann le caintoirí nach bhfuil ceangal stairiúil acu leis an urlabhra thraidisiúnta agus (b) ábhar teangeolaíoch nó sochtheangeolaíoch a bhaineann leis na hathruithe atá ag teacht ar an urlabhra thraidisiúnta Gaeltachta. Go teicniúil ní bhaineann urlabhra na Gaeltachta leis an staidéar seo agus go deimhin níor cuireadh agallamh ar rannpháirtithe Gaeltachta a tógadh le Gaeilge. Mar sin féin, is minic nach furasta idirdhealú soiléir a dhéanamh idir 'nuachaintoirí' agus caintoirí 'traidisiúnta' Gaeltachta go háirithe i measc na hóige (Walsh agus Lane 2014). Is gnách go n-úsáidtear an téarmaíocht stairiúil dála 'cainteoir T2' srl. sa chorpas taighde sin agus go háirithe i gcás an taighde Gaeltachta, is minic a leagtar béim ar na heasnamh a shamhlaítear a bheith ar an urlabhra chomhaimseartha suas leis na canúintí traidisiúnta stairiúla.

I measc na saothar faoi chaintoirí nach bhfuil ceangal stairiúil acu leis an nGaeltacht a d'fhéadfaí a lua tá tuairisc Uí Riagáin agus Uí Ghliasáin ar thionchar na nGaelscoileanna luatha i mBaile Átha Cliath (1979). Tógadh ar an mbunchloch sin ó shin agus deineadh anailís ar an nGaeilge a labhraíonn daltaí Gaelscoile i mBaile Átha Cliath (Ó Catháin 2001). Chomh maith leis sin, tá tráchtas dochtúireachta Murtagh (2003) ar chaomhnú agus ar chreimeadh na Gaeilge mar dhara teanga i measc lucht 'gnáthscoile' agus Gaelscoile agus Uí Dhuibhir (2009) ar an nGaeilge labhartha i measc dhaltaí Gaelscoile i rang a sé. Dhein Walsh (2007) staidéar ar na 'hearráidí' comhréire, foclóra agus gramadaí i nGaeilge scríofa dhaltaí Gaelcholáistí i mBaile Átha Cliath. Is ann do roinnt staidéar ar lucht labhartha na Gaeilge i mBéal Feirste chomh maith (féach mar shampla Maguire 1992). Le blianta beaga anuas, foilsíodh staidéar ar chleachtas na Gaeilge agus ar idé-eolaíocht ina leith i measc iarrphríosúnach Poblachtánach i dTuaisceart Éireann (Mac Giolla Chríost 2012). Deineadh cur síos achomair ar chur chun cinn na Gaeilge i measc caintoirí iarthraidisiúnta in Ó Murchú 2006 & 2007, foilseachán atá dírithe ar lucht léitheoireachta ginearálta seachas acadúil. I bplé níos leithne ar phobal labhartha na Gaeilge, mhol Dónall Ó Riagáin (2011) coincheap na 'Nua-Ghaeltachta' a chuimseodh na gréasáin ina n-úsáidtear an Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht thraidisiúnta. Roimhe sin, moladh go dtabharfaí 'Iar-Ghaeltacht' ar an gcuid sin den tír (formhór mór na hÉireann) nach bhfuil sa Ghaeltacht oifigiúil: 'Sa mhéid is gurbh í an Ghaeilge céadteanga agus príomhtheanga mhuintir thír na hÉireann ina hiomláine go dtí le déanaí, i dtéarmaí na staire de, agus sa mhéid go bhfuil fós sa tír ceantair áirithe a bhfuil an Ghaeilge a bheag nó a mhór in uachtar iontu, is iar-Ghaeltacht dá réir an chuid eile den tír lasmuigh de na ceantair sin. Tá impleachtaí nach beag ina leithéid de thuiscint don teanga féin, don limistéar agus dá bhfuil á iarraidh ar an bpobal ina leithéid de limistéar, go háirithe

agus iarrachtaí ar bun ag codanna den phobal sa limistéar athshealbhú a dhéanamh ar an teanga’ (Coimisiún na hIar-Ghaeltachta 2000: 199-200). D’áitigh Walsh cheana go bhféadfaí earraíocht a bhaint an athuair as coincheap na Breac-Ghaeltachta chun labhairt ar na gréasáin sin ina n-úsáidtear an Ghaeilge: ‘separating “Gaeltacht” from “Galltacht” is a false dichotomy, because the entire state is in essence a “Breac-Ghaeltacht”, where Irish is used frequently by a minority through networks and supported passively and symbolically by a majority, most of whom have some knowledge of the language’ (2012: 403).

Maidir leis an nGaeltacht, d’fhéadfaí aistí Uí Dhónaill (2000) agus Uí Bhéarra (2009) ar na hathruithe atá imithe ar an urlabhra thraidisiúnta a lua mar shamplaí den phlé ar an abhar sin chomh maith le staidéir chanúineolaíochta Uí Churnáin ar óige na Gaeltachta (2009, 2012) nó ar Ghaeilge Iorras Aithneach (2007). Le déanaí, foilsíodh staidéar ar chumas Gaeilge caoga páiste idir seacht mbliana agus dhá bhliain déag i nGaeltacht Chois Fharraige (Pétervary et al 2014). Sna staidéir sin go léir, cuireadh an urlabhra thraidisiúnta stairiúil Ghaeltachta i láthair mar shlat tomhais agus áitíodh go raibh an chanúint stairiúil ag imeacht as. I dtéarmaí níos ginearálta, i staidéir éagsúla choimisiúnaithe a foilsíodh le deich mbliana anuas tugadh foláireamh go raibh an Ghaeltacht mar cheantar labhartha Gaeilge ag dul ó chion (Ó Giollagáin et al 2007; Ó Giollagáin agus Charlton 2015). Ní gá gur i dtéarmaí na cailliúna agus an mheathlaithe amháin a d’fhéachfaí ar an nGaeltacht go teangeolaíoch, áfach: tá sochtheangeolaithe ar baill iad den ghréasán taighde COST i mbun taighde Gaeltachta chomh maith agus aird acu ar ghnéithe eile den dinimic chasta shochtheangeolaíoch a bhfuil idir chaomhnú agus athrú teanga i gceist léi (mar shampla Ó hIfearnáin agus Ó Murchadha 2011).

3. Cé hiad Nuachaintoirí na Gaeilge agus cá bhfuil siad lonnaithe?

Dar le Daonáireamh 2011, tuairiscíonn c. 41% de dhaonra Phoblacht na hÉireann (1.7 milliún duine) go bhfuil Gaeilge acu. Is i gConnachta agus sa Mhumhain atá na céatadán is airde. Dar le 77,185 (1.8%), labhraíonn siad an Ghaeilge go laethúil lasmuigh den chóras oideachais agus dar le 110,642 (2.6%), labhraíonn siad an teanga go seachtainiúil. Tá tuairim is dhá thrían de na cainteoirí laethúla (lasmuigh den chóras oideachais) nó 59,230 duine ina gcónaí lasmuigh den Ghaeltacht (An Phríomh-Oifig Staidrimh 2012: 40-41). I dTuaisceart Éireann, thuairisc 3.8% den daonra (beagnach 65,000 daoine) go raibh ar a gcumas an Ghaeilge a labhairt, a léamh, a scríobh agus a thuiscint (Northern Ireland Statistics & Research Agency 2012: 18) agus is dócha gur nuachaintoirí iad a bhformhór mór. Má chuirtear na cainteoirí laethúla agus seachtainiúla theas i dteannta na gcainteoirí cumasacha thuaidh, d'fhéadfadh suas le 200,000 nuachaintoir gníomhach, rialta Gaeilge a bheith ann (timpeall 5 faoin gcéad de dhaonra na hÉireann, thuaidh agus theas) chomh maith le grúpa níos mó a bhfuil cumas níos laige aige (O'Rourke agus Walsh 2015).

Cé gurb ann do ghréasáin nuachaintoirí ar fud na hÉireann, is beag taighde córasach atá déanta orthu. Is féidir a áitiú go bhfuil nasc ag cuid acu le Gaelscoileanna nó Gaelcholáistí i gceantair éagsúla ach tá tuilleadh taighde de dhíth chun é seo a fhiosrú. Bunaithe ar Ó Murchú (2006 agus 2007) agus ar ár dtaithí féin ar an ngort taighde, chuireamar i dtoll a chéile liosta de na ceantair sin ina bhfuil iarrachtaí ar bun an Ghaeilge a athneartú faoi láthair nó ina raibh iarracht chomhordaithe ar bun le fiche bliain anuas:

1. Scéimeanna pobail Bhord na Gaeilge, 1976-1983 (bruachbhailte Bhaile Átha Cliath).
2. Cill Dara Beo, 1998-9.
3. Port Láirge le Gaolainn, 1998-2008.
4. BAILE, Cúige Laighin, 2007-2009.
5. Iarthar Bhéal Feirste.
6. Gaillimh le Gaeilge.
7. Tiobraid Árann ag Labhairt.
8. An Caisleán Nua, deisceart Thiobraid Árann.
9. An Clár as Gaeilge/Iarthar Chontae an Chláir.
10. Gaeilge Mhaigh Eo.
11. Gael-Taca, Corcaigh.
12. Ceatharlach.
13. Glór na nGael (náisiúnta agus áitiúil).
14. Gaeilge Locha Riach, oirthear na Gaillimhe.
15. Muintir Chrónáin, Cluain Dolcáin, iarthar Bhaile Átha Cliath.
16. Deisceart Bhaile Átha Cliath.
17. Deisceart Bhéal Feirste (An Droichead).
18. An Srath Bán, Co. Thír Eoghain.
19. Carn Tóchair, Machaire Rátha, Co. Dhoire.
20. Cathair Dhoire.

Tá an dé imithe as cuid de na feachtais sin ach maireann roinnt acu i gcónaí agus is láithreacha iad ina mbíonn gréasáin nuachainteoirí le fáil. Tugadh aitheantas sa bheartas agus sa reachtaíocht teanga do na gréasáin sin le blianta beaga anuas. Mar shampla, luaitear mar chuspóir sa *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge*: ‘Pobail/gréasáin nua teanga a fhorbairt lasmuigh den Ghaeltacht. I bpobail uirbeacha is mó a bheidh siad sin, pobail a bhfuil an mhais chriticiúil riachtanach de thacaíocht Stáit agus pobail acu don Ghaeilge ...’ (Rialtas na hÉireann 2010: 23). In Airteagal a 11 (1) d’Acht na Gaeltachta 2012, scríobhtar: ‘Féadfaidh an tAire le hordú, pobal sonraithe, seachas pobal i Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta nó i limistéar Gaeltachta, a ainmniú chun bheith ina Líonra Gaeilge’. In ainneoin na máchailí iomadúla ar an Acht, tá sé suntasach ó thaobh an taighde seo gur tugadh aitheantas reachtúil ann den chéad uair ó bunaíodh an stát do ghréasáin Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht thraidisiúnta (O’Rourke agus Walsh 2015 : 67-8).

4. Cur Chuige agus Modheolaíocht an Taighde

Tá an tuarascáil seo bunaithe ar chuid de chorpas taighde a bailíodh ó 2012 i leith. San áireamh sa chorpas sin tá agallaimh leathstruchtúrtha bheathaisnéiseacha, nótaí páirce bunaithe ar bhreathnóireacht rannpháirtithe agus comhfhreagras breise le rannpháirtithe. Ní fhéadfaí anailís chuimsitheach a dhéanamh ar na hagallaimh go léir (100 ceann) sa chorpas sin de cheal acmhainní. Mar sin, roghnaíodh sampla 46 agallamh agus roinnt nótaí páirce a raibh tras-scríobh agus códú oscailte déanta orthu cheana féin. Roinneadh tras-scríbhinn gach agallamh i gcora comhráiteacha agus cuireadh uimhir le gach cor. Ina dhiaidh sin, deineadh códú breise ar na hagallaimh agus ar na nótaí páirce sa bhogearra NVivo a éascaíonn an anailís cháilíochtúil. Aithníodh téamaí agus patrúin coitianta i dtrí mhór-réimse: (1) cúla sochtheangeolaíoch agus teangeolaíoch na rannpháirtithe (2) cleachtais theanga na rannpháirtithe agus (3) féiniúlachtaí agus idé-eolaíochtaí teanga na rannpháirtithe. Is ar na trí mhór-réimse sin atá an tuarascáil a leanas bunaithe ach b'éigean dúinn go leor fo-chatagóirí a fhágáil ar lár de cheal spáis toisc go raibh an oiread sin sonraí ar fáil.

Deineadh an taighde seo de réir an ghnáthchleachtais eitice le damhnaí daonna. Dá réir sin, ní ainmnítear ná ní aithnítear aon rannpháirtí taighde agus ceiltar nó athraítear aon mhionsonra a bhfuil an baol ann go dtabharfadh sé le fios cé hé nó cé hí an rannpháirtí. Cuirtear códainm ina bhfuil litir agus uimhir le gach rannpháirtí. Tagraíonn an litir don láthair inar deineadh an t-agallamh agus tagraíonn an uimhir d'ord an chainteora. Mar shampla, ciallaíonn J13 gur deineadh an t-agallamh sin ar láthair áirithe dá ngairtear 'J' agus gurbh é/í an tríú duine déag a cuireadh faoi agallamh atá i gceist. Tar éis na sleachta a úsáidtear sa tuarascáil, cuirtear uimhir an choir chomhráitigh. Mar shampla, is éard is brí le (J13, 80) ná an t-ochtódú cor san agallamh le J13. Is ionann an litir bhreise I (mar shampla J13-I) agus intriacht ón agallóir. Seasann an litir bhreise A (mar shampla G15A) do chomhfhreagras scríofa leis an rannpháirtí tar éis an agallamh.

Roghnaíodh formhór na rannpháirtithe ar bhonn mhodheolaíocht na cloiche sneachta. Faoin modheolaíocht sin, téitear i dteagmháil le rannpháirtithe atá ar aithne ag na taighdeoirí cheana agus iarrtar orthu rannpháirtithe cuí eile a mholadh. Is bealach éifeachtach é chun rannpháirtithe taighde a mbaineann saintréithe leo a aimsiú (Berg, 2008). Ba dhúshlán é a chinntiú go n-aimseofaí go leor rannpháirtithe a léireodh an éagsúlacht ar fad a bhaineann le nuachaintoirí na Gaeilge. Mar sin féin, bunaithe ar an taithí fhada atá againn ar an ngort taighde seo, tá tréaniarracht déanta againn ionadaithe ó gach fo-ghrúpa a chur san áireamh. Dar linn, tá na fo-ghrúpaí seo a leanas i gceist:

- nuachaintoirí ar 'saineolaithe' iad (féach Piller 2003);
- nuachaintoirí a bhfuil blas na Gaeltachta ar a n-urlabhra;
- nuachaintoirí hibrideacha (meascán de Ghaeilge agus de Bhéarla in úsáid);
- daoine a tógadh le Gaeilge lasmuigh den Ghaeltacht;
- nuachaintoirí féideartha a bhfuil cumas níos teoranta acu.

Ní gá go mbeadh idirdhealú glan, soiléir idir na fo-ghrúpaí sin agus go deimhin d'fhéadfaí cuid de na nuachaintoirí a lua le níos mó ná ceann amháin acu.

Reáchtáladh an chuid is mó de na hagallaimh i nGaeilge, rud a léiríonn go raibh cumas maith nó ardchumas teangeolaíoch ag formhór na rannpháirtithe. D'úsáid cuid de na rannpháirtithe a cuireadh faoi agallamh idir Ghaeilge agus Bhéarla sna freagraí a thug siad toisc go raibh cumas ní ba theoranta acu. Roghnaigh na rannpháirtithe láithreacha oiriúnacha a mbeidís ar a gcompord iontu i gcomhair na n-agallamh: a dtithe féin, oifigí a raibh teacht acusan nó ag na taighdeoirí orthu, áiteanna poiblí dála caiféanna srl. Cuireadh agallamh leathstruchtúrtha beathaisnéiseach, a mhair suas le 45 nóiméad ar an meán, ar gach rannpháirtí. Bunaíodh an t-agallamh ar phrótacal ceisteanna a d'fhorbair an gréasán taighde NEOPHON a bhí lonnaithe san *Universitat Oberta de Catalunya* in Barcelona agus a raibh John Walsh agus Bernadette O'Rourke páirteach ann.

Maidir le hinscne, 25 fear agus 21 bean atá i gceist sa sampla atá faoi chaibidil sa tuarascáil seo. Ó thaobh cumais teanga, is saineolaithe iad 19 de na daoine a cuireadh faoi agallamh, is nuachainteoirí hibrídeacha iad 11 acu, tá blas na Gaeltachta ar urlabhra 11 eile acu, tógadh duine amháin sa le Béarla sa Ghaeltacht féin agus tógadh ceathrar acu le Gaeilge lasmuigh den Ghaeltacht. Baineann 21 de na cainteoirí leis an aoisghrúpa 18-30, ochtar leis an aoisghrúpa 30-40, seachtar leis an aoisghrúpa 40-60 agus deichniúr leis an aoisghrúpa 60-75. Tá taighde breise beartaithe ar an gcóhort 30-60 a mbeadh go leor tuismitheoirí san áireamh ann.

Tras-scríobhadh an t-ábhar go dílis ó na hagallaimh fhuaimne de réir phrótacal tras-scríofa de chuid NEOPHON. Ní úsáidtear gnáthphonaíocht abairte (camóga, lánstadanna srl.) toisc gur tras-scríobh ar ghnáthurlabhra nádúrtha a bhí i gceist. Seo a leanas leagan simplithe den phrótacal ar mhaithe le héascaíocht an léitheora.

Gnás tras-scríofa	Brí
Ionadaítear ainmneacha áiteanna agus daoine eile a ionadú mar seo: [ainm na háite], [Gaelscoil eile] etc.	Áiteanna/daoine a luann an t-agalláí
I:	Ceisteanna/intriachtaí ón agallóir
<i>right</i> (cló iodálach)	Códmheascadh i.e. nuair a úsáidtear focail nó frásaí Béarla
[...]	Ábhar fágtha ar lár
/	Tost gearr (0-2 shoicind)
//	Tost fada (2-5 shoicind)
(())	Caint dhothuigthe
LF	Gáire
?	Ceisteanna (úsáidtear chomh maith i gcomhair chlibcheisteanna ar nós “ceart go leor?”, “eh?”, “ <i>you know?</i> ”)
!	Uaillbhreas

Léiríodh earráidí gramadaí agus comhréire sa tras-scríobh de réir mar a tháinig siad chun cinn agus fágadh ann an códmheascadh. Ar mhaith le soiléireacht, ceartaíodh beagán earráidí foclóra san ábhar agus deineadh roinnt eagarthóireachta air.

5. Cúlra Sochtheangeolaíoch na Nuachainteoirí

Is éard atá i gceist le cúlra sochtheangeolaíoch ná an teanga nó na teangacha lenár tógadh an cainteoir le linn na hóige agus an luath-thaithí a bhí aige nó aici ar theangacha sa chóras oideachais.

5.1 Cúlra teangeolaíoch an teaghlaigh

Tuairiscíonn nuachainteoirí na Gaeilge cúlraí éagsúla sochtheangeolaíocha. Luann roinnt acu cúlra teaghlaigh a bhí báúil leis an nGaeilge, nó go raibh Gaeilge (éigin) ag daoine muinteartha leo. Uaireanta, tá cúlra Gaeltachta ag duine de thuismitheoirí an chainteora, cé go mb'fhéidir gur tógadh le Béarla é nó í. Míníonn daoine eile gur le Béarla a tógadh iad ach go bhfuil siad feasach ar a n-oidhreacht Ghaelach. Tráchtann roinnt eile acu ar úsáid ócáideach na Gaeilge sa teaghlach ina n-óige. Is teaghlaigh aonteangacha Bhéarla ag dul siar i bhfad iad an chuid is mó acu.

5.1.1 Dúil sa Ghaeilge ag dul siar sa teaghlach

Tuairiscíonn cuid de na nuachainteoirí go raibh dúil sa Ghaeilge ag thuismitheoirí nó ag seantuismitheoirí leo, rud a spreag iad chun an teanga a úsáid. Deir N1, Protastúnach sna 70í ó Thuaisceart Éireann, gur chuir sí suim sa Ghaeilge mar thoradh ar dhúil a hathar inti, cé gur dheacair do Phrotastúnaigh teacht uirthi:

Is breá liom na teangacha / mar is eol duit / ach ní raibh seans agam leis an Ghaedhlig a fhoghlaim / bhí suim ollmhór ag m'athair in achan rud Gaelach [...] ní raibh taithí aige ar an teanga féin ach bhí eolas mór aige ar achan rud a bhain leis an tír / stair / béaloideas / seandálaíocht / achan rud / suim mhór aige agus spreag sé mé i rith mo shaoil i gcónaí / spéis aige i stair na teanga ach ní raibh aon eolas aige ar an teanga féin / ní raibh deis aige sa tír seo agus muidne mar Phrotastúnaigh an teanga a fhoghlaim / ní raibh deis aige an teanga a fhoghlaim ar chor ar bith / ní raibh an teanga le cluinstit (N1, 5).

Tógadh J2, 48 bliain d'aois, le Gaeilge lasmuigh den Ghaeltacht. Bhí a seantuismitheoirí gníomhach i gConradh na Gaeilge agus mar thoradh air sin, ba chainteoirí gníomhacha Gaeilge iad a muintir féin. Dá réir sin, chinn siad a gclann a thógáil le Gaeilge:

Do bhuail mo thuismitheoirí le chéile ar an ollscoil sa Chumann Gaelach agus bhí / cé go raibh / bhí céim sa nGaeilge agus sa mBéarla ar siúl ag m'athair agus bhí mo mháthair san aon bhliain [...] bhí sí ana-ghníomhach sa Chumann Gaelach agus bhí sise ina reachtaire ag staid amháin sa Chumann Gaelach so bhí aithne acu ar a chéile ar an ollscoil agus thosaigh siad ag siúl amach le chéile cúpla bliain tar éis don bheirt acu an ollscoil a fhágáil agus nuair a phósadar rinneadar cinneadh muid a thógáil le Gaeilge / tógadh mo mháthair den chuid is mó le Gaeilge freisin í féin mar pháiste i mBaile Átha Cliath le thuismitheoirí de bhunadh [áiteanna eile] a bhog go Baile Átha Cliath nuair a dódh amach as an áit iad sna fichidí (J2, 24)

D'fhreastail ceithre ghlúin de theaghlach J4, 37 bliain d'aois, ar an nGaelscoil chéanna: a seanmháthair, a máthair, í féin agus a clann siúd. In ainneoin go ndeir sí go raibh siad ar fad líofa, níorbh í an Ghaeilge teanga an tí riamh:

Em bhí Gaeilge ag mo mhamó mar d'fhreastail sí ar scoil lán-Ghaelach em [scoil] agus is mise / bhuel *actually* beidh an ceathrú glúin dúinn ag freastal ar [ainm na scoile] an Meán Fómhair seo chugainn ní mo pháistí fhéin ach mo / mo nia ach em d'fhreastail sise ar [ainm na scoile] agus ansin ar [ainm na scoile eile] freisin agus mo / mo mháthair mar an gcéanna so bhí Gaeilge sa teach ach bhí is dócha nuair a bhí mo / mo mhamó ag fás aníos bhí sí an-tógtha suas le / an / an náisiúntacht go pointe *like* bhíodh sí ag freastal ar chéilithe agus bhíodh sí an-bhainteach leis an saol sóisialta a bhí aici *so you know* bhí Gaeilge aici ach ní raibh aon / *like* / tá / is Baile Átha Cliathachaí iad mo chlann ag dul siar / siar na blianta em *so but just* bhí Gaeilge sa chlann acu níl a fhios agam cén fáth níor cheistigh mé riamh é go pointe (J4, 46).

5.1.2 Cúlra Gaeltachta

Tógadh G21, 40 bliain d'aois, i gcathair le Béarla den chuid is mó ach ba as an nGaeltacht dá mháthair. Nuair a chaitheadh an teaghlach saoire sa Ghaeltacht, in áit dhúchais na máthar, ba mhó an Ghaeilge a bhíodh á labhairt acu ach ba é an Béarla a bhíodh chun tosaigh den chuid ba mhó sa chathair:

Ní déarfainn go raibh sé ana-láidir anois ach ní déarfainn go raibh sé ana-lag leis thá sé ana-dheacair na rudaí seo a bheachtú go cruinn ach ní theastaíonn uaim cur i gcéill go rabhamar ag Gaeilgeoireacht an t-am ar fad mar ní raibh / ní raibh Gaeilge ag m'athair agus cruthaíonn sé sin deacrachtaí is dócha sa chlann ach em yeah nuair a bhímis ar saoire i [Gaeltacht] braithim go mbíodh muid ag Gaeilgeoireacht i bhfad Éireann níos minicí mar bhíodh m'athair ag obair i mBaile Átha Cliath agus théimis uilig an clann go léir go [Gaeltacht] agus d'fhanfadh m'athair ag obair *so* bhí comhthéacs difriúil ansan *you know* ach tríd is tríd déarfainn fiche fán gcéad Gaeilge cúig déag fán gcéad Gaeilge b'fhéidir age baile (G21, 36).

Tógadh G20, 29 bliain d'aois le Gaeilge agus le Béarla lasmuigh den Ghaeltacht. Is fear Gaeltachta é a hathair agus tá roinnt Gaeilge ag a máthair. Labhair an bheirt tuismitheoirí Gaeilge lena gclann sna blianta luatha ach tar éis tamaill b'fhearr an cumas a bhí ag na páistí ná ag an máthair:

Gaeilge amháin go dtí déarfainn go raibh muid thart ar / go dtí go ndeachaigh muid ag an meánscoil déarfainn agus ansin thosaigh muid ag éirí beagáinín níos fearr ná Mam le Gaeilge mar níor tógadh Mam le Gaeilge ach rinneadar cinneadh muidne a thógáil le Gaeilge *so* d'airigh sise cineál míchompordach ansin agus thosaigh sise ag iompú ar an mBéarla *so* anois is Béarla den chuid is mó a labhraíonn mé le mo Mham agus Gaeilge ar fad a labhraíonn mé le mo Dhaid (G20, 36).

Tógadh G2, 29 bliain d'aois, le Gaeilge lasmuigh den Ghaeltacht. Is fear Gaeltachta é a hathair agus tá Gaeilge líofa ag a máthair. D'fhoghlaim sí canúint Ghaeltachta ina hóige trí thréimhse a chaitheamh i gceantar Gaeltachta in aice láimhe. Cé gur theastaigh óna muintir an chlann a thógáil le Gaeilge, d'iompaigh siad ar an mBéarla le duine de na deartháireacha tar éis dó athrú go scoil lán-Bhéarla. Cé nach raibh taithí chomh dearfach céanna ag a deartháir ar an nGaeilge, tá cuimhní geala ag G2 ar an nGaeilge agus í ag fás aníos:

An raibh sé / deacair an taithí sin em [...] an raibh an taithí sin diúltach ar aon tslí a bheith ag fás aníos le Gaelainn i lár [...] an Bhéarla? (G2-I, 57)

Ní dóigh liom go raibh *I mean* is cuimhin liom dul go tithe eile a mbíodh páistí ann le Gaelainn eh so bhí gréasán neamhfhoirmeálta ann i [ainm na háite] agus em *yeah* ní cuimhin liomsa rud ar bith diúltach faoin eispéireas nó faic ach b'fhéidir dá gcuirfeá an cheist ar mo dheartháir mar measaim toisc gurb é an té ba shine b'fhéidir nár thaitin sé leis siúd a bheith éagsúil ón dream eile (G2, 58).

Ba le Béarla agus le Gaeilge sa Ghaeltacht a tógadh G17, 28 bliain d'aois, ach bhí an Béarla sa treis mar theanga an tí:

Is teaghlach dhátteangach a bhí ionainn em / cé gur ceantar Gaeltachta é [áit] eh tá sí ana-lag mar Ghaeltacht eh ní fhéadfá a áiteamh gur eh tá sé i gcatagóir C agus tá sé ar cheann des na Gaeltachtaí is laige sa tír em / é sin ráite bheadh traidisiún láidir seanchais eh amhránaíochta ceoil agus scéalaíochta sa cheantar em / m'athair labhair sé Gaeilge linn ar fad sa teaghlach em go háirithe agus é ag tabhairt orduithe dúinn em go háirithe nuair a bhíomar i mbun obair feirme nó i mbun cúramaí tí ach [...] ' sé an Béarla is dócha a labhróidís linn dá mbeadh plé ar siúl ag an mbord ag an dinnéar mar shampla nó dá mbeadh an bheirt acu ag caint faoi cúrsaí an lae faoina raibh ar bun acu ar feadh an lae is i mBéarla a bheadh an comhrá sin ach aon uair a bheadh an t-athair ag labhairt linne amháin is i nGaeilge a labhródh sé (G17, 26).

5.1.3 Daoine a tógadh le Béarla ach a bhífeasach faoina n-oidhreacht Ghaeltachta nó Ghaelach

Tógadh G16, 30 bliain d'aois, le Béarla amháin ach bhí Gaeilge líofa ag an mbeirt thuismitheoirí toisc gur fhreastail siad ar oideachas lán-Ghaeilge ina n-óige. Cé gur Béarla a labhraídis eatarthu féin, leag siad an-bhéim ar an nGaeilge agus chaith G16 tréimhsí fada i gceantair éagsúla Ghaeltachta ina hóige, rud a d'fhág blas na Gaeltachta ar a hurlabhra:

No Béarla a labhraíonn siad le chéile ach em bheadh tá Gaelainn / Gaelainn ana-mhaith ag mo mháthair agus em bheadh m'athair in ann Cúirt an Mheáin Oíche a rá LF ach em *just* is dócha de bharr na scolaíochta a bhí acu bhí siad ar fad trí Ghaelainn so bhí fonn orthu / bhí fonn ar mo Mham ach go háirithe Gaelainn a chur chun cinn eadrainn agus chuamar i gcónaí ar choláistí samhraidh agus a leithéid i [ainm an

bhaile] áit a bhfuil [ainn an bhaile] so em bhí Gaelainn againn ó thús cé ná raibh sí mar theanga an tí abraimis agus mé óg (G16, 59).

Tógadh G5, 32 bliain d'aois le Béarla amháin ach bhí labhairt na Gaeilge go maith ag a sheanmháthair agus ag a athair. Deir sé gur fhreastail sé ar ghnáthscoil Bhéarla ach chaith sé tamall sa Ghaeltacht agus tá cuid de bhlás na Gaeltachta ar a urlabhra. Cé gur dhein sé iarracht iompú ar an nGaeilge lena athair, níor éirigh leis an iarracht:

Do bhí mo mhamó ag cloisint Gaeilge á labhairt go nádúrtha nuair a théadh sí siar [Gaeltacht] gach samhradh is Gaeilge amháin a bhíodh á labhairt ag na seandaoine em eatarthu féin / ina measc féin mar a déarfá so do bhí tuiscint ana-mhaith aici sin ag mo mháthair chríonna ar an nGaeilge dá bharr agus do bheartaigh sise eh a cuid páistí sin m'athair san áireamh a chur chuig em [Gaelscoil] [...] agus ansin do chuaigh seisean ar aghaidh / m'athair / chuaigh seisean ar aghaidh go dtí [Gaelscoil eile] so bheadh Gaeilge ana-mhaith aige siúd anois ach ní labhraímid Gaeilge eadrainn féin sa bhaile eh rinne sé iarracht ansin iompú ar an nGaeilge LF tamall de bhlianta ó shin agus mise ag gabháil do chéim [...] ach is dócha gurb é bun agus barr an scéil ná go raibh mise róchúthaileach dáiríre bhí sé thar a bheith mínádúrtha bhí sé tar éis sinn a thógáil le Béarla agus ní rabhas ar mo chompord ná ar mo shuaimhneas ag labhairt Gaeilge leis agus is mar sin atá go fóill (G5, 42).

Ba le Béarla den chuid is mó a tógadh G11, 24 bliain d'aois, ach ba as an nGaeltacht dá athair, cé nach mbíodh an Ghaeilge in úsáid aige go rialta. Mar sin féin, deir sé go labhraítí roinnt bheag Gaeilge sa bhaile agus chabhraigh an bhéim a leagadh ar an nGaeilge sa bhunscoil áitiúil leis an gclann tuiscint mhaith a fháil ar an teanga:

B'é an Béarla an teanga ba mhó a labhraíodh ach is dócha go raibh tuiscint againn ar an nGaelainn i gcónaí bhí a fhios againn go raibh sé ann mar go bhfuil gaolta againn amuigh sa [Gaeltacht in aice láimhe] agus go raibh cairde againn amuigh sa [Gaeltacht] chomh maith agus eh bhíos sa bhunscoil do bhíodh béim níos mó ar an nGaelainn ná mar a bhíodh cé nach Gaelscoil a bhí ann i [áit] bhíodh béim níos mó air agus is cuimhin liomsa a bheith ag déanamh dánta crua nuair a bhí mé ana-óg dánta leis an bPiarsach nach mbeadh ar chúrsa na hArdteiste anois is dócha agus bhíodh múinteoirí againne ón [Gaeltacht] chomh maith so bhí / bhíodh Gaelainn á labhairt uaireanta sa mbaile is cinnte de sin agus mar a dúirt mé bhí tuiscint againn uirthi i gcónaí bhí tuiscint / thuigeamar go raibh sé ann ach b'é an Béarla an teanga ba mhó toisc nach bhfuil Gaelainn ag mo mháthair (G11, 42)

Ba le Béarla amháin a tógadh B8, 45 bliain d'aois, ach leag sé go leor béime san agallamh ar a thábhachtaí a bhí sé dó a thuiscint gur chainteoirí Gaeilge iad a muintir ag dul siar cúpla glúin:

Tá oidhreacht Gaeilge agam bhí Gaeilge *I suppose* d'fhéach mé ar léarscáil éigin agus bhí cumas Gaeilge ag nach mór sílim leath an daonra san áit [...] is dóigh liom i 1901

nó 1911 *census* a tháinig amach agus bhí ceisteanna ann mar gheall ar cumas Gaeilge agus is dóigh liom i naoi déag a haon déag bhí eh sé scríte síos go raibh cumas Gaeilge ag [...] mo sheanathair bhí sé thart ar fiche ins an bhliain sin agus bhí sé ar / bhí páistí níos óige ná é sa chlann agus ansin bhí a athair agus a mháthair ina chónaí sa teach agus eh síos ar an [daonáireamh] bhí sé scríte síos go raibh cumas Gaeilge ag mo shin-sheanathair agus a chéile so bhí Gaeilge agus Béarla acu [...] bhí meas ag [...] m'athair riamh ar an nGaeilge agus bhí meas aige ar an oideachas agus déarfadh sé riamh liom gur theastaigh uaidh a bheith ina mhúinteoir agus gur shocraigh sé ar a bheith ina mhúinteoir nuair a bhí sé ar an bunscoil (B8, 4).

Is as contae ina mbíodh ceantar Breac-Ghaeltachta do B16, 55 bliain d'aois. Labhraíonn sise faoin gceangal Gaeltachta sin agus faoi thábhacht an oideachais lán-Ghaeilge chomh maith. Spreag an dá ghné sin í chun filleadh ar fhoghlaím na Gaeilge níos déanaí ina saol:

Nuair a bhí mé ar scoil bhí gach rud trí Ghaeilge cosúil le Gaelscoil atá ann inniu / bhí sé cosúil leis sin / agus tá suim / *I suppose I developed an interest* / ón t-am sin ins an Ghaeilge agus Stair / Tíreolas gach rud / agus ansin bhí suim agam sa Ghaeilge ón t-am sin agus freisin nuair a bhí mé óg sa bhaile bhí mo sheanmháthair ó áit ina raibh Gaeilge á labhairt i gcónaí [ainm na háite] agus so nuair a bhí m'athair óg *then* bhí mo sheanmháthair ag caint Gaeilge *I suppose not all the time* ach anois is aríst bhí a lán focal agus a lán Gaeilge ag m'athair agus bhí sé ag caint Gaeilge agus Béarla fite fuaite fite fuaite agus em freisin bhí a lán Gaeilge ag mo mháthair ach ní raibh an suim aici *I suppose* chun é a chaint ach bhí sí go maith / chuaigh sí ag an meánscoil i [ainm na háite] agus bhí gach ábhar an uair sin trí Ghaeilge *right up to the Leaving Cert* so bhí a lán Gaeilge aici freisin (B16, 4)

5.1.4 Úsáid ócáideach na Gaeilge

Tráchtann cuid de na nuachaintoirí ar úsáid ócáideach na Gaeilge ina measc nuair a bhí siad óg. Baineann na samplaí seo a leanas le daoine a tógadh i gcontae a raibh ceantar Breac-Ghaeltachta ann san am a caitheadh agus mar sin gur mhair cuimhne éigin ar an nGaeilge bheo i measc na ndaoine.

Dar le B21, 60 bliain d'aois, ba mhó an Ghaeilge a bhíodh i gcaint a mháthar ná mar a thuigeadh sí féin:

Bhuel do bhíodh mo mháthair i gcónaí ag rá nach raibh aon Ghaeilge aici ach bhí focal Gaeilge tríd an gcaint aici i mBéarla / go flúirseach! Em níor thug m'athair le fios dom go raibh aon suim aige sa Ghaeilge ach ní raibh sé diúltach mar gheall air ach ní raibh aon Ghaeilge aige dar liomsa! (B21, 19).

Tráchtann B20, 55 bliain d'aois, ar a máthair a bheith ag paidreoireacht as Gaeilge. Deir sé go dtosaíodh sí ag paidreoireacht mar sin nuair a chuireadh sé ceist uirthi an raibh Gaeilge aici. Is dócha gur léiriú é sin gur chuala sí an Ghaeilge ó chainteoirí dúchais ina hóige:

Bhí mo mháthair / bhí beagán / bhí a cuid paidreacha ar eolas ag mo mháthair (B20, 12)

As Gaeilge? (B20-I, 13)

As Gaeilge / na seanphaidreacha / ní chloistear anois iad beag nó mór / agus bhí sé deacair iad a thuiscint nuair a bhí mé óg / ní raibh an chanúint sin agam (B20, 14).

Cén saghas canúint a bhí ann? (B20-I, 15).

Bhuel bhí canúint [ainm an Chontae] aici / ach an seanchanúint / an seanGhaeilinn a bhí á labhairt aici tríd na paidreacha (B20, 16).

5.2 Cúlra oideachais na gcainteoirí

Luann go leor nuachainteoirí gur le linn bhlianta na scoile a dúisíodh a suim sa Ghaeilge. Luaitear dúthracht an mhúinteora i ngnáthscoileanna Béarla, múinteoirí a spreag daoine lena gcuid féin a dhéanamh den Ghaeilge trí bhéim láidir a leagan ar ghnéithe éagsúla den teanga agus den chultúr Gaelach. Tráchtar ar mhúinteoirí Gaeltachta i ngnáthscoileanna Béarla chomh maith. Déanann roinnt nuachainteoirí cur síos ar na buntáistí teangeolaíocha a bhain leis an tumoideachas. Tuairiscíonn na rannpháirtithe a tógadh le Gaeilge go raibh siad an-mhuiníneach astu féin agus iad ar scoil toisc go raibh buntáiste breise teangeolaíoch acu ón mbaile.

5.2.1 Suim sa Ghaeilge á múscailt i ngnáthscoil Bhéarla

D'fhreastail go leor de na nuachainteoirí ar ghnáthscoileanna Béarla ach bhí múinteoirí cumasacha Gaeilge acu a spreag a suim sa teanga agus a thacaigh leo ar bhealaí éagsúla. Labhraíonn N3, 32 bliain d'aois as Tuaisceart Éireann, faoi mhúinteoir dá leithéid a chuaigh i bhfeidhm go mór air féin agus ar a chairde:

Sílím go raibh an t-ádh liom múinteoir den scoth a bheith agam in san chéad trí bliana sin ansin // [ainm na mná] / tá sí anois ina príomhoide ar scoil anseo [...] / is léir go raibh sí féin an-phaiseanta agus an-spreagtha faoin teanga agus is dóigh gur chuir sí é sin isteach ionainn mar dhaltaí // ach mé féin / is dócha / b'fhéidir go raibh mé i gcónaí ag dul i dtreo na Gaedhlighe measaim ach chuidigh múinteoir den chineál sin / dá mbeadh droch-mhúinteoir agam seans go mbeadh sé níos deacra dul i dtreo na teanga / ach cinnte go ndeachaigh an bhean sin i bhfeidhm orm cinnte / ón bhliainghrúpa sin ina raibh mise tá seachtar againn a bhfuil Gaedhlig líofa againn / tá muid cairdiúil lena chéile / buaileann muid suas lena chéile / tá cuid againn ag obair sna meáin Ghaedhlighe agus sa chóras oideachais Gaedhlighe / a leithéid de sin / ní tharlaíonn sin go rómhinic sa Tuaisceart go bhfuil an oiread sin daoine ann (N2, 8).

Déanann G1, 28 bliain d'aois, cur síos ar an oiliúint mhaith a fuair sé sa Ghaeilge sa bhunscoil áitiúil, ar ghnáth-bhunscoil Bhéarla í. Níor thuig sé a chumasáí a bhí sé sa Ghaeilge go dtí gur shroich sé an mheánscoil:

Sea ach ní hé go raibh sé ar eolas againn ach rinne sé iarracht é a chlúdach linn *now* eh i gcás daoine eh a bhí i mbunscoileanna eile sa gceantar is ar éigin a bhí dhá fhocal Gaeilge acu agus iad ag teacht isteach sa meánscoil mar ní raibh aon suim ag na múinteoirí / is dócha múinteoirí níos óige a bhí ann ní raibh aon suim acu / nílím a rá go raibh Gaeilge rómhaith agus bhí mise ag ceapadh go raibh Gaeilge an-mhaith ag an bpríomhoide nuair a bhí mise óg ach anois measaim nach raibh ach gnáth-Ghaeilge a mbéifeá ag súil ó mhúinteoir bunscoile ach eh fós féin bhrúigh sé an teanga orainn gach uair a raibh sé in ann / níl a fhios agam ar chothaigh sé dea-ghotha i leith na Gaeilge eh i measc na ndaltaí ach is cinnte go raibh caighdeán níos fearr Gaeilge againn ar fad agus muid sa mheánscoil / sheas muid amach fiú na daoine nach mbeadh acadúil sa taobh acadúil mar a smaoinítear air sin go traidisiúnta is dócha so bhí sé éifeachtach ó thaobh na Gaeilge a múineadh (G1, 53).

Tagraíonn G16, 30 bliain d'aois, do shármhúinteoirí ag leibhéal na bunscoile agus na meánscoile araon:

So scoil Béarla a bhí ann em [...] ach em bhí Gaeilgeoirí / bhí múinteoir amháin faoi leith a bhí thar barr ar fad agus bhí sise ag múineadh rang a ceathair agus rang a sé agus bhí Gaelainn den scoth á mhúineadh aici siúd so em agus is dócha agus ansin bhí múinteoirí eile agam sa chéad bhliain agus mé ar an mheánscoil agus múinteoirí is mó a spreag ar aghaidh mé (G16, 97)

Pléann G5, 32 bliain d'aois, an bhéim a leagadh ar an gcultúr Gaelach chomh maith leis an teanga féin sa bhunscoil:

Gnáthscoil Bhéarla ab ea í is ea eh mar a deirim an-bhéim ar an gcultúr Gaelach / ar na cluichí fiú ar an amhránaíocht agus ar an aisteoireacht trí Ghaeilge eh do ghlacamar páirt i Slógadh mar shampla ceann de na blianta agus ansin bhí an teanga féin bhí múineadh na teanga féin eh agus is cuimhin liom go raibh cuid mhaith samplaí den Tuiseal Ginideach slánaithe againn mar shampla faoi rang a sé eh in éagmais rialacha gan amhras ach bhí tuairim mhaith againn ar an bhfeidhm a bhí leis an nGinideach fiú ag an am sin agus do sheas sé sin linn is dóigh liom i gcónaí riamh anall (G5, 54).

5.2.2 Tumoideachas

D'fhreastail mionlach de na rannpháirtithe sa taighde ar Ghaelscoileanna nó i gcás na gcainteoirí ní ba shine, ar an seanchóras 'scoileanna A' a bunaíodh sna 1930í. Cuireadh agallamh ar líon beag daoine a tógadh le Béarla sa Ghaeltacht ach a d'fhreastail ar an scoil áitiúil a bhí ag feidhmiú trí Ghaeilge.

Déanann B15, 18 bliain d'aois, cur síos ar chinneadh a mhuintire é féin agus a dheirfiúr a aistriú chuig Gaelscoil chun go mbainfidís ardchumas sa Ghaeilge amach. Fiafraíodh de cén cumas Gaeilge a bhí aige agus é sa bhunscoil:

No ní raibh / ní raibh aon Ghaeilge agam ar chor ar bith ach bhí sé ar intinn mo mháthair chun rud éigin a dhéanamh faoi / nuair a bhíomar / nuair a bhíomar / go

háirithe mé féin agus mo dheirfiúr nuair a bhíomar ag dul go dtí an bhunscoil ní raibh an bhéim sin curtha ar an nGaeilge ar chor ar bith / bhí an phríomhoide ag an am / bhí sí an-tógtha leis an Matamaitic agus an Eolaíocht agus na rudaí mar sin agus bhíomar chomh lag ó thaobh an Ghaeilge de / so bheartaigh mo mháthair chun mé féin agus mo dheirfiúr em / a tharraingt nó a chur isteach go scoil atá suite lasmuigh den chathrach i gContae [eile] [...] agus an rud a bhí i gceist ná seacht bliain / idirbhliain idir an bhunscoil agus meánscoil so rinne mé féin agus mo dheirfiúr an bhliain sin agus bhíomar ag déanamh gach rud trí Ghaeilge rinneamar na hábhair go léir trí Ghaeilge agus bhí orainn caint as Gaeilge an t-am ar fad (B15, 16).

Tráchtann B14, 20 bliain d'aois, ar an tréimhse a chaith sí i scoil chónaithe lán-Ghaeilge agus ar an tionchar mór a bhí aici ar a cumas sa teanga agus ar a meon ina leith:

Ó thaitin sé go mór liom / bhí sé measctha do chailíní agus buachaillí agus sin an áit / caithfidh mé a rá a mhúscail / déarfainn / an suim atá agam sa teanga / so fuaireas fiú struchtúr na teanga ní raibh sé sin agam / rudaí bunúsach cosúil le 'an bhfuil cead agam rud éigin a fháil?' nó 'an féidir liom é sin a dhéanamh?' agus nuair atá saghas an struchtúr agat is féidir leat / céim ar chéim *I suppose* forbairt ar an méid atá agat / so nuair a rachaidh / nuair a chuaigh mé ar aghaidh go dtí an meánscoil ansin / bhíos in ann b'fhéidir an foclóir agus abairt / habairtí a bhí níos casta *I suppose* nár mar a bhí againn roimhe sin a phiocadh ná mar a bhí comhscoláire a bhí san rang céanna liom *but yeah* / an-taithí a bhí ann / caithfidh mé a rá (B14, 14).

Tógadh K1, 32 bliain d'aois, le Béarla i gceantar Gaeltachta agus bhí sé i dtuilleamaí na bunscoile chun cumas sa Ghaeilge a bhaint amach. Arís eile, tagraíonn sé do na múinteoirí cumasacha a bhí aige:

Bheifeá ag brath is dócha ar / ar do cuimhní fhéin ach do thógas mo chuid Gaelainne liom is dócha ón áit san agus eh caithim a rá go raibh na múinteoirí san fíor eh fíor líofa agus fíor / fíor-Ghaelach chomh maith em bhí bean ó [baile Gaeltachta] mar / mar mhúinteoir agam do mo chéad ceithre bhliana sa scoil ó / na naíonáin eh shóisearacha go rang a dó agus ansan bhí fear eile cé nárbh as an nGaeltacht dó d'fhoghlaim sé a chuid Gaelainne thíos [i mbaile Gaeltachta] (K1, 40).

Is cuimhin le G21, 40 bliain d'aois, gur fhreastail sé ar Ghaelscoil a raibh múinteoirí an-díograiseacha ann ach admhaíonn sé go mb'fhéidir go ndéanann sé idéalú ar labhairt na Gaeilge i measc na ndaltaí féin:

Chuas go [ainm na scoile] agus is dócha Gaelscoil is ea é agus bhí agus tá / braithim níl mé deimhneach níl mé i dteagmháil le aon duine atha ag dul chuig an scoil ach bhí an Ghaeilge ana-láidir bhí foireann ana-láidir múinteoirí ann agus em cinnte ní cuimhin liom féin bítear ag caint ar teanga an chlóis agus rudaí mar sin braithim go rabhamar ag caint i mBéarla ach nílím deimhneach déanta na fírinne ach thá sé deacair bíonn tú ag cuimhneamh siar agus a bheith idéalach agus a rá leat féin bhíomar ag caint i nGaeilge an t-am ar fad ach ní raibh ná baol leis (G21, 38).

5.2.3 Taithí daoine a tógadh le Gaeilge ar an tumoideachas

Luann roinnt agallaithe gur dhein a muintir cinneadh feasach go gcuirfí oideachas trí Ghaeilge orthu, mar shampla J2, 48 bliain d'aois, a tógadh le Gaeilge lasmuigh den Ghaeltacht:

Nuair a phósadar do roghnaíodar teach a cheannach in aice le [ainm na háite] rud a rinne a lán tuismitheoirí / bhí a lán teaghlach Gaelach nó leath-Ghaelach ag cónaí san eastát céanna [...] b'shin an t-aon bhunscoil lán-Ghaelach a bhí ar fáil seachas [ainm na scoile] a bhí i lár na cathrach in aice le [áit eile] ag an am so cheannaíodar an teach ansin le go bhféadfaidís aon pháistí a bheadh acu rud a tharla ina dhiaidh sin a chur ag an scoil sin (J2, 30).

Luann na daoine a tógadh le Gaeilge go raibh siad muiníneach astu féin sa chóras tumoideachais toisc go raibh cumas ní b'fhearr acu ná a gcomhscoláirí, mar a léiríonn an sliocht seo as agallamh le G2, 29 bliain d'aois:

Bhí sé ana-éasca orm mar bhí ní raibh aon deacracht agam cumarsáid a dhéanamh le múinteoirí as Gaelainn ná faic agus is dócha bhí foclóir agam a bhí cuíosach / bhuel a bhí fairsing i gcomparáid leis an dream eile agus is cuimhin liom fiú sna naíonáin bheaga bhíomar ag gabháil trí litreacha na haibítire agus tháingamar go dtí 'I' agus ní fhéadfadh éinne cuimhneamh ar fhocal Gaelainne a bhí ag tosnú le 'I' / agus bhí a fhios agamsa 'iora rua' so bhí sé chomh fuirist bhí mé féin ann go raibh Gaelainn againn age baile agus bhí ar a laghad beirt eile a ritheann liom ar an bpointe eh go raibh Gaelainn acu sin leis age baile (G2, 68).

Deir G20, 29 bliain d'aois agus a tógadh le Gaeilge, go raibh sí ag súil leis an oideachas meánleibhéil lán-Ghaeilge áit a mbeadh níos mó daoine a raibh an cúlra céanna acu agus a bhí aici féin. Tráchtann sí ar ghrúpa cairde sa Ghaelcholáiste a labhraíodh an Ghaeilge eatarthu féin i gcónaí:

Bhí mé go mór / go mór chun cinn ar dhaoine eile sa bhunscoil agus bhí mise i / ní raibh aon cheist faoi bhí mise ag iarraidh Gaeilge a labhairt an t-am ar fad sa chlós agus mar sin de agus b'fhéidir gur cheap daoine gur cineál *nerd* a bhí ionam mar gheall air sin ar an mbunscoil agus is cuimhin liom go raibh mé chomh sásta sin a bheith ag fágáil na bunscoile agus ag dul go [ainm an Ghaelcholáiste] mar thuig mé go raibh polasaí láidir teangan acu ansin agus go raibh go raibh daltaí ag freastal ar an scoil sin a raibh an cúlra céanna liom fhéin acu (G20, 88) [...] Agus labhraíomar Gaeilge an t-am ar fad sa chlós da mba rud é go ndeachaigh grúpa dínn isteach sa bhaile mór théis na scoile Gaeilge a bhíodh á labhairt againn (G20, 90).

Os a choinne sin, deir J2 go mbíodh iompar measctha teanga ar siúl i measc a comhscoláirí féin le linn bhlianta na meánscoile:

Meascán de Bhéarla agus Gaeilge / Gaeilge den chuid is mó sa scoil fiú amháin nuair nach raibh na múinteoirí thart ach shleamhnaíodh go leor againn isteach i gcomhráití trí mheán an Bhéarla taobh amuigh den scoil ach tharlaíodh sé sin níos mó le daoine ar leith ná le daoine eile so bhí cuid againn a lean ar aghaidh ag labhairt i nGaeilge mar gur sin a bhí againn ó dhúchas agus sa bhunscoil ach ansin bhí go leor daoine eile a d'aistrigh go Béarla láithreach a luaithe is d'fhágadh siad geataí na scoile go laethúil (J2, 40).

6. Cad a Spreagann Daoine chun Iompú ina Nuachainteoirí Gaeilge?

Sa tionscadal seo, tógaimid coincheap an *muda* ar iasacht ó shochtheangeolaíocht chriticiúil na Catalóinise (agus leithinis na hIbéire trí chéile), áit a n-úsáidtear é chun tagairt do phointí criticiúla le linn shaol an duine nuair a athraíonn sé/sí an cleachtas teangeolaíoch go mór i dtreo na sprioctheanga (an Chatalóinis, an Bhascais nó an Ghailísis) (féach Pujolar agus Puigdevall 2015; Ortega et al 2015; O'Rourke agus Ramallo 2011, 2013, 2015). Ciallaíonn an briathar Catalóinise *mudar* athrú nó claochlú agus is é *muda* (uimhir iolra *mudes*) an t-ainmfhocal. Móimintí claochlaithe ar an gcleachtas teangeolaíoch iad na *mudes* agus is minic gné láidir féiniúlachta ag baint leo chomh maith sa mhéid is go n-athraíonn féintuiscint an chainteora air/uirthi féin chomh maith (féach Walsh agus O'Rourke 2014). Toisc gur bheathaisnéisí teanga iad na hagallaimh a deineadh, tá eolas againn ar na móimintí tipiciúla ina dtarlaíonn na *mudes*. Bunaithe ar anailís ar chuid den chorpas a bailíodh go dtí seo, d'aithníomar seacht gcinn de *mudes* croineolaíocha cheana i gcás na Gaeilge: (a) bunscoil/meánscoil (b) Gaelscoil (c) Gaeltacht (d) ollscoil (e) teaghlach agus (f) aois scoir (Walsh agus O'Rourke 2014: 68). Seachas féachaint ar mhóimintí croineolaíocha mar sin, sa chéad alt eile pléifimid na spreagthaí éagsúla a luaigh na cainteoirí féin. Orthu sin bhí múscailt suime de bharr chuairt ar an nGaeltacht, athrú cumais nó cleachtais mar thoradh ar chuairteanna ar an nGaeltacht, blianta cinniúnacha na hollscoile, feasacht pholaitiúil an nuachainteora, cúrsaí ceoil agus cultúir, oscailt súl faoi oidhreacht Ghaeltachta an chainteora agus an bhraistint gur cuid de dhlúth agus d'inneach an chainteora í an Ghaeilge.

6.1 Múscailt spéise mar thoradh ar chuairt Gaeltachta

Tuairiscíonn go leor nuachainteoirí gur tharla *muda* cinniúnach ina saol mar thoradh ar chuairt ar na nGaeltacht. Deir N4, fear 34 bliain d'aois as Tuaisceart Éireann, nár thuig sé go dtí gur thug sé cuairt ar Rann na Feirste mar dhéagóir gur teanga phobail í an Ghaeilge sa Gaeltacht:

Chuaigh mé chun na Gaeltachta / go Rann na Feirste don chéad uair i 1996 táim ag déanamh agus is cuimhin liom gur chaith mé ceithre bliana as a chéile ag triail ar ais ar Rann na Feirste gach samhradh agus chuaigh mé go Dún Lúiche cúpla uair chomh maith / *yeah* agus sin an áit ar tháinig an teanga chun beatha domsa / ábhar scoile a bhí ann roimhe sin a raibh dúil agam ann ach go tobann d'aithin mé go raibh an oiread dúil a bhí agam in san rud acadúil seo go dtáinig sé chun beatha os mo chomhair / os comhair mo shúile / bhí daoine ann / bhí pobal ann a bhí ag caint Gaeilge agus rud iontach a bhí ann dom // spreag sé go mór mé (N4, 21) [...] Go dtí seo deirim gur Gael mé // ní dóigh liom gur aithin mé ag an aois sin cad é a bhí ann *you know but* // sin an rud a bhí ann *you know* // bhí mé i measc na nGael agus mhothaigh mé iontach compordach agus is dóigh gur mhothaigh mé níos sona ionam féin ansin ná mar a bhí riamh roimhe (N4, 23).

Tógadh G11, 24 bliain d'aois, le Béarla den chuid is mó in aice na Gaeltachta ach tar éis dó cuairteanna rialta a thabhairt ar an gceantar sin shocraigh sé go bhfoghlaimeadh sé an

chanúint thraidisiúnta a bhí á labhairt ann. Spreag an cultúr traidisiúnta é chomh maith chun *muda* cinniúnach a dhéanamh:

B'shin tréimhse nua domsa ó thaobh mar is ansan a thosnaigh suim sna rudaí Gaelacha ar fad is ansan a thosnaigh mé ag amhránaíocht ar an sean-nós agus ag éisteacht leis na hamhráintí san agus gnéithe eile den chultúr Gaelach agus bhíos ag labhairt le daoine le sár-Ghaelainn agus bhíos á labhairt leo toisc go raibh suim agam an Ghaelainn a dh'aireachtaint uathu seachas díreach a bheith ag labhairt leo bhíos ag iarraidh / is cuimhin liomsa gach aon uair gur dh'airigh mé rud a bhain leis an gcanúint nuair a dh'airínn rud éigin nua ag cur ceist orthu cad is brí leis sin is cuimhin liom gach aon tréimhse [a bhí mé ann] ag scríobh síos [...] 'ag fuireach' agus 'dén t-am' agus iad san ar fad (G11, 116).

D'fhreastail J3, 26 bliain d'aois, ar choláiste samhraidh agus ar scoil Ghaeltachta ina dhiaidh sin. Nuair a chonacthas dó gurbh í an Ghaeilge teanga an phobail sa cheantar Gaeltachta sin, shocraigh sé go n-úsáidfadh sé an teanga ní ba mhinice ar scoil:

Bhuel d'aithin mé go raibh an seod seo faoi mo shrón agus cad chuige nach mbainfinn leas as / bhí mé ag freastal ar choláiste Gaedhlighe *or* coláiste samhraidh ba chóir dom a rá ó raibh mé dhá bhliain déag d'aois agus chonaic mé an taobh eile den Ghaedhlig ansin is dóigh liom chonaic mé go dtiocfadh léi a bheith ina teanga pobail agus teanga idir chairde agus rudaí mar sin de so d'aithin mé sin agus bhí mé ag iarraidh aithris a dhéanamh air sin sa scoil é féin mar mhothaigh mé gur cur amú a bhí ann i ndáiríre na cainteoirí dúchais ann agus gan Gaedhlig a labhairt leo (J3, 44).

6.2 Athrú cumais mar thoradh ar chuairt Gaeltachta

Chomh maith le dearcadh dearfach a spreag *muda* teangeolaíoch, labhraíonn na rannpháirtithe faoin bhfeabhas a tháinig ar a gcumas sa Ghaeilge tar éis dóibh tréimhsí a chaitheamh sa Ghaeltacht. Ba le Béarla a tógadh G15, 26 bliain d'aois. Tháinig feabhas chomh mór sin ar a chuid Gaeilge tar éis dó cúrsa Gaeltachta a dhéanamh gur chreid a mhúinteoir gurbh í an Ghaeilge an teanga bhaile a bhí aige:

Bhí mé chun tosaigh i gcónaí ar chuid mhór de lucht an ranga ó thaobh na Gaeilge de, ach is i ngeall ar na cúrsaí Gaeltachta a rinne mé le linn dom a bheith ar an mbunscoil é sin. Níl a fhios agam an mbaineann sé seo le hábhar, ach cuireadh chun cúrsa Gaeltachta mé den chéad uair nuair a bhí mé i rang a cúig agus rinne mé iarracht mhór an teanga a labhairt nuair a bhí mé ann (murab ionann agus gach duine eile – saontacht na hóige.) Nuair a tháinig mé ar ais go'n bhunscoil ina dhiaidh sin bhraith mé go raibh feabhas tagtha ar mo chuid Gaeilge labhartha. B'aisteach leis an múinteoir an feabhas céanna agus d'fhiafraigh sí de mo mháthair an nós linn Gaeilge a labhairt sa mbaile – léiriú, b'fhéidir, ar an méid a d'fhoghlaim mé le linn an tsamhraidh sin (G15A, 2).

Deir N2, 33 bliain d'aois as Tuaisceart Éireann, gur bhain sé líofacht amach tar éis dó samhradh a chaitheamh ina chinnire i gcoláiste samhraidh. Ag deireadh na tréimhse sin, bhí sé ar a chompord ar fad sa Ghaeilge:

B'fhéidir an bhliain ar fhág mé an scoil / is dóigh go raibh mé 18 faoi sin / chaith mé an samhradh ar fad sa Ghaeltacht mar cheannaire an samhraidh sin sular thosaigh mé san ollscoil / bhain mé leibhéal amach go raibh mé muiníneach / iomlán líofa agus muiníneach as mo chuid Gaedhlighe agus ón tréimhse sin ar aghaidh bhí mé ag labhairt níos mó Gaedhlighe ná Béarla ó bhí mé 18 // bheinn go maith ag an Ghaedhlig ar scoil agus achan rud ach ní bheinn in ann a bheith dul isteach i gcomhlúadar Gaedhlighe agus céad faoin gcéad nó páirt iomlán a ghlacadh sa chomhrá sin ach ag deireadh an tsamhraidh sin an bhliain 2000 / ag tús an tsamhraidh sin rinn mé cúrsa Gaeltachta [...] agus mhothaigh mé *really* go raibh mo mhuinín ag feabhsú i gcónaí agus ag deireadh an tsamhraidh sin bhí mé mar cheannaire ansin i gcoláiste eile i dTír Chonaill / agus mhothaigh mé iomlán nádúrtha agus compordach ag dul isteach (N2, 10).

Tráchtann N4, 34 bliain d'aois as an Tuaisceart chomh maith, ar an tacaíocht a fuair sé ón teaghlach Gaeltachta a mbíodh sé ag fanacht leo. De bharr na tacaíochta sin, a deir sé, d'éirigh leis an Ghaeilge a shealbhú:

Bhí an t-ádh liom leis an teaghlach a raibh mé ag fanacht leo go raibh cúpla páiste óg sa teach agus go raibh sí an-chainteach // go raibh siad ag iarraidh a bheith ag caint linn / bhí siad ag iarraidh a bheith istigh sna seomraí agus a bheith ag caint leis na cuairteoirí i gcónaí agus ag coinneáil cuideachta linn agus bhain mise an-úsáid as seo chun a bheith ag éisteach leo / a bheith ag tógáil suas na dóigheanna a raibh siad ag cur abairtí le chéile agus an fhoghraíocht a bhí acu agus mar sin a fhoghlaim // agus bhí siadsan breá sásta rud beag cuideachta a bhí acu agus a bheith in ann labhairt le daoine // *yeah* chaith mé cuid mhór ama le bunadh an tí / le bean an tí ag imirt cártaí istoíche ag iarraidh rudaí a fhoghlaim uathí / sin an cineál tabhairt faoi a bhí agam / ag díriú isteach air sin *you know* agus rudaí a phiocadh suas ar an dóigh sin / agus mhothaigh mé go dtáinig faoi dheireadh trí seachtaine ansin go raibh athrú inteacht ag teacht / go raibh mé ag mothú go raibh an teanga sealbhaithe agam go pointe áirithe / ní raibh mé líofa *but* go raibh mé in ann an teanga a úsáid i gceart (N4, 27).

6.3 Blianta cinniúnacha na hollscoile

Luaitear an ollscoil go minic mar *muda* cinniúnach eile i saol an nuachainteora. I gcás na ndaoine a chinn go ndéanfaidís staidéar ar an nGaeilge féin nó ar ábhar trí mheán na Gaeilge ar an tríú leibhéal, déantar cur síos go minic ar a thábhachtaí a bhí an comhlúadar ollscoile a thaithídís maidir lena gcumas sa Ghaeilge agus lena ndearcadh ina leith. Deir G15, 26 bliain d'aois, gur chinn sé féin agus grúpa cairde leis go labhróidís Gaeilge le chéile agus iad i mbun staidéir uirthi:

Thart ar an am céanna shocraigh mise agus baicle cairde agam tiontú ar an nGaeilge taobh amuigh den seomra ranga. Ní cuimhin liom go baileach é, ach caithfidh sé gur

cinneadh comhfhiosach é sin, gur phléigh muid an cheist agus gur shocraigh muid ar iarracht níos mó a dhéanamh an teanga a labhairt. Ag iarraidh an cúrsa Gaeilge a dhéanamh níos éasca a bhí muid. Cinneadh acadúil, thar rud ar bith eile, a bhí ann. Ach go dtí sin is Béarla a labhraíodh muid le chéile i gcónaí. D'éirigh cúpla easaontú as an gcinneadh céanna. D'éiríodh muide sách teasaí uaireanta nuair a thiontaíodh mic léinn eile ar an mBéarla a thúisce amach an doras iad, ag tathant orthu gan é sin a dhéanamh (G15A, 8).

Luann J3, 26 bliain d'aois, tábhacht an chomhthéacs shóisialta chun *muda* a dhéanamh i dtreo na Gaeilge. Sa sliocht seo a leanas, déanann sé cur síos ar an tionchar a bhí ag ócáidí sóisialta trí mheán na Gaeilge le linn bhlianta na hollscoile ar a chumas sa teanga:

Ó bhoil bhí sin galánta mar don chéad uair bhí pobal againne agus bhí / bhí / pobal againne agus bhí muid ar chomhaois agus bhí cineál tuiscint eadrainn murach an [grúpa sóisialta Gaeilge] níl a fhios agam cad é a dhéanfainn mar thug sé comhthéacs sóisialta don / don rud ar fad agus an bhfuil a fhios agat b'fhéidir gur fhoghlaim mé níos mó i gclub an Chonartha nó mar a fhoghlaim mé an lá sin sa halla léachta agus b'fhéidir gur ar an ábhar go raibh mé amuigh an oíche roimhe sin fosta agus an bhfuil a fhios agat leis an comhthéacs sóisialta sílim gur chuidigh sin go mór i ndáiríre (J3, 61).

Tógadh G17 le Béarla den chuid is mó sa Ghaeltacht ach ba bheag suim a bhí aige sa Ghaeilge go dtí gur bhuail sé le scata daoine óga eile san ollscoil a raibh an teanga ar a dtail acu:

Níor chuir mé spéis sa Ghaeilge fiú go dtí go ndeachaigh mé go dtí an Coláiste agus gur bhuaileas le daoine a bhí ar / chomh is dócha bhuel go raibh suim acu sa Ghaeilge agus ansin thosnaíos / bhíos bainteach le clubanna [ainmneacha na gcumann] a bhí bainteach leis an nGaeilge agus is ansin a chuir mise suim sa Ghaeilge agus sa teanga agus thosnaíos ag baint ard-sult as comhlúadar na Gaeilge agus as / eh is dócha timpeallacht na Gaeilge agus imeachtaí Gaeilge ar bun againn em cúrsaí an chéad uair a chuamar mar shampla go dtí an tOireachtas em mhúscail sé sin ana-chuid / *like* ní raibh a fhios agam / fiú níor chuala mise riamh trácht ar an Oireachtas roimhe sin [...] nuair a bhaineas an coláiste / an ollscoil amach [...] thugas faoi ndeara don chéad uair [...] nach rabhas rólíofa in aon chor nuair a casadh daoine eile as na Gaeltachtaí orm agus bhí daoine ann a labhrann Gaeilge *like* sin an chéad uair is dóigh ar labhraíos Gaeilge le daoine a bhí ar comhaois liom (G17, 40).

Míníonn G1, 28 bliain d'aois, gur thacaigh léachtóir ollscoile leis barr feabhais a chur ar a chuid Gaeilge. Bhain sé sin siar as toisc gur chreid sé go raibh Gaeilge mhaith aige cheana:

Rud a d'iarr sí orm ná leabhar nach leabhar ar an gcúrsa sa gcéad bhliain léirmheas a scríobh air agus bhí sé de rogha agat ceann a bhí ar an gcúrsa a dhéanamh agus rinne gach duine é sin ach rinne mé féin iarracht agus scríobh mé léirmheas ar leabhar eile agus eh thug sí cuireadh dom teacht isteach agus an aiste a phlé agus léirigh sí na botúin a bhí agam agus shíl mise go raibh an-jab déanta agam den aiste seo agus em

chuir sí comhairle orm is dócha *you know* go raibh go leor le déanamh agam ach eh thug sí cineál (G1, 82) [...] misneach dom chomh maith eh gur thaitin an aiste go mór [léi] ach go raibh laigeachtaí móra le mo chuid Gaeilge so em rudaí mar sin is dócha eh idir tacaíocht agus is dócha gur buaileadh / bhuel gur baineadh geit asam chomh maith nuair nár éirigh rómhaith liom agus eh dúshlán is dócha sin an rud is mó a tharraing mé chun na Gaeilge is cinnte nach raibh mé ag smaoineamh ar a bheith i mo mhúinteoir mar a bheadh an chuid eile acu nó mar sin níor bhain sé le dul chun cinn em eh sa saol ná aon rud mar sin is rud pearsanta a bhí ann (G1, 85)

Dar le G22, 25 bliain d'aois, tá baint idir an líofacht agus an cruinneas a mbeifí ag súil leis i gcomhthéacs foirmeálta foghlama ar an ollscoil. Deir sé gur tháinig feabhas as cuimse air toisc go gceartaíodh léachtóirí agus teagascóirí é:

I think go raibh tuiscint agam ag aois an-óg ach nuair atá muid ag caint faoi líofacht is dóigh gur bhain mé líofacht amach nuair a thosaigh mé ar an ollscoil caithfidh mé a rá mar bhí léachtóirí ann bhí teagascóirí ann agus b'shin an chéad uair riamh is dóigh liom a raibh daoine do mo cheartú seachas mé a mholadh an bhfuil a fhios agat? / bíonn sé difriúil nuair atá tú ar an ollscoil go raibh maith agat [as] an Ghaeilge a roghnú mar ábhar ollscoile ach ag an am céanna caithfidh tú leibhéal áirithe a bhaint amach gach bliain agus stopann an moladh agus tosaíonn an ceartú *you know* glacfadh mé leis sin tá sé sin go breá / is dóigh ar an ollscoil a thosaigh an líofacht (G22, 73).

6.4 Feasacht na nuachaintoirí á dúiseacht faoin bpolaitíocht nó faoin bhféiniúlacht

Luann roinnt nuachaintoirí cúinsí polaitiúla nó féiniúlachta a spreag iad chun *muda* a dhéanamh. Dar le G23, 22 bliain d'aois, is ionann mionteangacha a chur chun cinn agus dúshlán a thabhairt don domhandú. Tuiscint pholaitiúil ie ea í sin, freámhaithe sa sóisialachas agus sa phoblachtánachas, a chuaigh i bhfeidhm air agus a thug spreagadh dó an Ghaeilge a úsáid taobh amuigh den chóras oideachais:

Sea bhí líofacht éigin agam is dócha ó bhí mé i mo pháiste em ach ní raibh suim ar bith agam sa teanga go dtí go raibh mé b'fhéidir ceithre bliana déag nó mar sin nuair a thosaigh mé ag iarraidh a bheith ag caint i nGaeilge taobh amuigh den scoil agus tháinig sin le tuiscint pholaitiúil sílim (G23, 58) [...] D'éirigh mé níos poblachtánaí agus níos sóisialaí agus mar sin agus cineál in éadan domhandaithe agus achan rud agus thuig mé go raibh tábhacht leis an teanga mar gheall air sin agus go raibh baint aici le féiniúlacht (G23, 60).

Chuaigh múinteoir ollscoile i bhfeidhm ar G21, 40 bliain d'aois, nuair a chuir sé féiniúlacht Éireannach, Bhaile Átha Cliathach agus Eorpach ar a shúile dó. Thaitin sé le G21, mar chaintoir Gaeilge cathrach, a bheith in ann ceist na teanga a thuiscint taobh istigh de choincheap an náisiúnachais chultúrtha:

D'imigh mo dhuine i bhfeidhm orm agus chothaigh sé b'fhéidir grá don teanga agus tuiscint ar leith do chúrsaí féiniúlachta agus a thábhachtaí a bhí an teanga mar chuid

de m'fhéiniúlacht mar Bhaile Átha Cliathach agus mar Éireannach agus *yeah* thá sé sin ana-thábhachtach agus *yeah* mar Eorpach leis fiú amháin leis is ansan a tuismíodh na tuiscintí áirithe san / roimhe sin is dóigh liom ní bhíonn tú ag smaoineamh go fuarchúiseach go hoibiachtúil ar na cúrsaí sin glacann tú gur gá duit an Ghaeilge a dhéanamh mar ábhar don Ardteist (G21, 54).

Is minice a thráchtann nuachaintoirí níos sine ar an náisiúnachas cultúrtha mar spreagadh a thug orthu *muda* teangeolaíoch a dhéanamh nó ar a laghad cinneadh a dhéanamh go dtosóidís ag athfhoghlaim na Gaeilge. Feictear é sin sa chéad dá shliocht eile as agallaimh le B10, bean 54 bliain d'aois agus le B7, bean 50 bliain d'aois. Tá an bheirt bhan sin páirteach i gciorcal comhrá i gceanta tuaithe agus labhair siad idir Bhéarla agus Ghaeilge sna hagallaimh. Áitíonn B10 gur cuid de DNA na nÉireannach í an Ghaeilge agus is i dtéarmaí an náisiúnachais a dhéanann sí cur síos ar a tábhacht. Níl an *muda* seo chomh neamhbhalbh leis na cinn eile ach is cosúil gur spreag an luí leis an náisiúnachas cinneadh na mná seo chun páirt a ghlacadh sa chiorcal comhrá:

Chuaigh mé ar ais ag staidéar agus ag múineadh agus bhíos ag múineadh sa [ainm an Chontae] VEC ar feadh trí déag bliain agus éirigh mé amach as mo obair ar an bliain seo caite and *it's only now* tá mé ag smaoineamh ar Gaeilge agus ar an / agus go bhfuil a lán daoine ón *Poland* in Éirinn agus tá siad ag caint in a teanga agus bhí mé ag smaoineamh tá sé an-tábhachtach na daoine ón Éirinn bheith ag caint ina theanga féin freisin *so you know it's only lately that I'm even thinking of it but it is I would hate to lose it I don't know I would just hate to lose it like you'd hate to lose em people I think it's part of our DNA you know so* (B10, 64).

Is i dtéarmaí an náisiúnachais chultúrtha a labhraíonn B7 faoin nGaeilge chomh maith cé gur iompaigh sí ar an mBéarla amháin sa chuid sin den agallamh:

I think back to the am / that I discovered that Irish was our language / that English wasn't our language / and the shock I got / 10 or 11 years of age / I just couldn't believe / I don't know what it is / I remember being shocked and kind of ashamed that we weren't speaking our own language / that we were speaking another language of another country (B7, 112).

Suaithantas féiniúlachta atá sa Ghaeilge i gcás N4, 34 bliain d'aois arb as Tuaisceart Éireann dó. Deir sé go raibh baint láidir idir an Ghaeilge agus a fhéiniúlacht agus gur tuigeadh dó go ndealódh an teanga é ó dhaoine a raibh féiniúlacht eile acu. Tá sé le tuiscint ón sliocht seo gur ghríosaigh an fhéiniúlacht sin an *muda* teangeolaíoch toisc gur chreid sé go dtreiseodh an Ghaeilge an fhéiniúlacht níos mó fós:

Táim ag déanamh go raibh mé rud beag réabhlóideach chomh maith agus tógadh mé i mbaile na réabhlóide sa tuaisceart / is baile Poblachtánach gan amhras a bhí i mo bhaile dúchais agus sílim go raibh / an saghas mothúcháin sin chun tosaigh *you know* // agus go raibh féiniúlacht iontach tábhachtach dúinne mar a deirimse bhí sé iontach tabhachtach ar thaobh mo mháthairse de / agus sílim gur mhothaigh achan duine i bpobal s'againne féin go raibh féiniúlacht millteanach tábhachtach dúinne agus sin

sna hochtóidí bhí trioblóid go leor ar na sráideanna agus bhí muid fhéin ann agus bhí an taobh eile ann agus b'éigean dúinne comharthaí a chaitheamh le léiriú cé muid agus is dóigh gur thóg mise an Ghaeilge mar chuid de sin / *you know* gur bealach dáiríre a bhí ann tabhairt faoi m'fhéiniúlacht fhéin agus aithint ce mé fhéin sa domhan (N4, 19).

6.5 Oidhreacht Ghaeltachta an nuachainteora

Luann roinnt rannpháirtithe a n-oidhreacht Ghaeltachta féin mar chúinse a spreag *muda* teangeolaíoch. Tógadh B13, 60 bliain d'aois, i gceantar a bhí ina Bhreac-Ghaeltacht tráth. Deir sí gur thosaigh sí ag athfhoghlaim na Gaeilge mar thoradh ar chomhrá le craoltóir clúiteach Gaeilge nuair nár éirigh léi comhrá Gaeilge a choinneáil leis. Tá cumas teoranta Gaeilge ag B13 agus labhair sí i mBéarla sa chuid seo den agallamh:

I think so we'll keep plodding away one of the things / you know one of the things that em / prompted me to do more with the Irish I got a phone call on one day right outside the coffee shop and who was it Seán Bán Breatnach and eh we had a conversation and I spluttered and made loads of mistakes and we had a conversation anyway and then it was over and he rang again and I spluttered through what had to be said and explained what we were trying to do now / this is going back three years ago and I was saying here am I Seán Bán Breatnach is ringing me and I should have better Irish I'm from an area which was a Gaeltacht once and that was one of the things that prompted me most so that I could have a better command of the language because I wanted to / anyway (B13, 243).

Tá cúla teangeolaíoch an-éagsúil ag K1, 32 bliain d'aois, a tógadh le Béarla sa Ghaeltacht. Labhraíonn sé faoi mhóimint chinniúnach an-chinnnte nuair a tuigeadh dó go gcaithfeadh sé feabhas a chur ar a chuid Gaeilge. Sa sliocht seo a leanas, míníonn sé gur fhreastail sé ar chúrsa breise Gaeilge aimsir na hArdteistiméireachta agus gur fhiafraigh an múinteoir de cén fáth a raibh sé i láthair toisc gurbh as an nGaeltacht dó. Tháinig náire air nach raibh a chuid Gaeilge líofa go leor agus shocraigh sé *muda* a dhéanamh:

An lá a tháinig an sóinseáil is dócha cosúil le Naomh Pól ar an mbóthar go dtí Damascus sin mar sin cad a dúirt mo / mo iarmhúinteoir meánscoile liom mar bhí *watershed moment* agam bhí mé ag freastal ar cúrsa [...] Ardteistiméireachta bhí sé ar siúl thíos sa [ainm na háite] agus ba í [ainm na mná] [...] an duine a bhí ag cur an ceardlann eh ar fáil do dhaoine an lá céanna agus [...] ní raibh éinne ann ón nGaeltacht a gheofa a rá ach mé fhéin agus is cuimhin liom gur labhair sí linn agus bhí sí / bhuel bhí sí go hiontach deas mar mhúinteoir agus go hiontach cineálta linn is gach aon rud eile ach nuair a chuir / nuair a d'fhiafraigh sí díom an fáth go rabhas féin ann mar gurbh as an Ghaeltacht dom agus ní hé in aon slí borb nó in aon slí saghas gonta eh sa tslí san ach bhí sí *just* ag iarraidh is dócha mé a chur chun cainte chomh maith ach do tháinig saghas eh [...] / ní drochmhisneach orm ach eh baineadh geit asam mar go rabhas ann agus is dócha gur gur / gur n-osclaíodh em doras éigin i m'aigne agus eh bhí [...] saghas náire orm i slí (K1, 56) [...] Is cuimhin liom an lá san

bhíomar le bheith ag gabháil don / don béaltrial an mhaidin dar gcionn so chuas abhaile an oíche chéanna agus do sheasas os comhair scáthán éigint eh agus bhí mé ag labhairt Gaelainne liom fhéin agus ag iarraidh an seanmheirg is dócha agus an smúit a / a shéideadh ón nGaelainn a bhí agam agus ó shoin i leith ansan do chuireas anashuim sa nGaelainn (K1, 57).

Tá cúlra den chineál céanna ag G6, 22 bliain d'aois. Tógadh é le Béarla sa Ghaeltacht ach shocraigh sé go labhródh sé Gaeilge lena mháthair, ar cainteoir dúchais í, nuair a bhain sé na déaga amach. Treisíodh a chinneadh arís agus é ar an ollscoil nuair a bhuail sé le cainteoirí Gaeltachta eile:

Labhraím Gaeilge le mo mháthair anois tá sé sin b'fhéidir ceathair nó cúig de bhlianta ó shin / em go dtí sin is go hiondúil a bhíodh muid ag déanamh comhrá i mBéarla eh shocraigh mé agus mé ag teacht aníos b'fhéidir cúig / sé / seacht mbliana déag d'aois go raibh de cheart orm eh m'iarrachtaí / í a ghríosú chun Gaeilge a labhairt liom mar / mar siocair go bhfuil Gaeilge iontach / iontach / shármhaith aici agus bhí mise ag iarraidh an blas agus an saibhreas sin a thabhairt liom agus mise ag eh / go háirithe anois agus mise ar an ollscoil tchím daoine thart orm a bhfuil Gaeilge iontach nádúrtha / iontach líofa acu iontach canúnach acu fosta agus tá mise ag iarraidh tá mise ag déanamh iarrachta teacht ar chanúint ar mo chanúint fhéin agus sílim gurbh é sin an modh ab fhearr é a dhéanamh ná a bheith ag caint i nGaeilge (G6, 36).

7. Cumas sa Ghaeilge

Chuir go leor de na nuachainteoirí tuairimí diúltacha in iúl maidir lena gcumas féin chun cumarsáid a dhéanamh le daoine níos líofa ná iad nó le cainteoirí dúchais. Déanann cuid acu féinmheasúnú dian orthu féin agus deir siad go dtagann imní orthu go dtiocfaidh meath ar a gcuid Gaeilge de dheasca easpa teagmhála le cainteoirí eile. Os a choinne sin, bíonn tuairimí dearfacha ag roinnt nuachainteoirí orthu féin chomh maith. Dar le cuid acu, is cainteoirí cumasacha iad nó is leor a gcumas do na riachtanais chumarsáide a bhíonn acu.

7.1 Tuairimí diúltacha mar gheall ar chumas nuachainteoirí

Braitheann roinnt de na nuachainteoirí míchompordach faoina gcumas agus deir siad nach bhfuil líofacht bainte amach acu go fóill nó go bhfuil teorainn lena gcumas iad féin a chur in iúl. Bíonn deacrachta tuisceana ag cainteoirí hibrídeacha le cainteoirí dúchais uaireanta agus cuireann easpa cleachtaidh isteach ar dhaoine eile. Fiú i gcás nuachainteoirí a bhfuil ardleibhéal líofachta bainte amach acu, nó tuiscint mhaith acu ar chanúint thraidisiúnta, is minic a deir siad nár tháinig deireadh leis an bhfoghlaim fós.

Labhraíonn roinnt nuachainteoirí faoina dheacra agus a éiríonn sé a gcumas sa Ghaeilge a chosaint mura mbíonn dóthain deiseanna acu an teanga a chleachtadh. Is fadhb í sin a bhíonn ag go leor cainteoirí lasmuigh den Ghaeltacht ach is measa fós í i gceantar aontachtach sa Tuaisceart faoi mar a mhíníonn N3, 33 bliain d'aois:

Nuair a tháinig mé ar ais ar dtús / rinn mé teastas iarchéime san oideachas i [coláiste] agus bhí deiseanna agam ansin an Ghaedhlig a labhairt agus a chleachtadh / rinn mé an chéim teagaisc trí mheán na Gaedhlig agus bhí deiseanna agam sa chathair fosta / agus thapaigh mé na deiseanna seo ar fad / ach ó bhog mé ar ais go [ainm an bhaile] ní bhíonn na deiseanna céanna an Ghaedhlig a labhairt agus motháimse go bhfuil mo chuid Gaedhlig ag meath an t-am ar fad / ach bhí an t-ádh orm go raibh mé ag obair le [eagraíocht Ghaeilge] agus bhí mé ag taisteal go dtí na Gaelscoileanna agus bhí deiseanna agam dá bharr sin mo chuid Gaedhlig a úsáid ach anois agus mé ag obair in earnáil an Bhéarla ní bhíonn na deiseanna sin agam / déanaimse iarracht éisteacht le RnaG agus mé ag taisteal chun na hoibre sa charr agus ar ais ón obair agus achan uair a bhím ag labhairt le mo chairde ón ollscoil / labhraíonn muid an Ghaedhlig le chéile den chuid is mó / le bheith ionraic faoi / is dóigh go bhfuil an méid Gaedhlig a labhraíonn muid tite siar go 60% nó fiú 50% den am mar gheall go bhfuil muid ag titim as an nós (N3, 15).

Deir B15, 18 bliain d'aois, nach bhfaigheann sé dóthain deiseanna a chuid Gaeilge a labhairt agus creideann sé nach bhfuil ach cumas measartha aige féin:

I gcomparáid le daoine eile bhuel caithfidh mé a admháil / caithfidh mé a bheith macánta freisin i gcomparáid le daoine atá ina gcónaí i gConamara nó sa Daingean freisin ní bheadh an caighdeán líofachta agam de bharr go mbíonn saghas easpa cleachtadh agam i rith na bliana / bím ag caint as Béarla formhór na hama / ní bheidh an cleachtadh céanna agam ach i gcomparáid le daoine eile tá i bhfad níos mó agam

mar a dúirt mé cheana féin mar gheall ar mo chairde tá saghas faic ag roinnt dóibh / níl ach beirt nó triúr agus tá Gaeilge acu so mar sin de / ceapaim / táim i lár i gcomparáid le daoine nach bhfuil aon Ghaeilge acu ar chor ar bith agus na daoine atá caighdeán an-ard ar fad acu (B15, 68).

Deir B4, bean 60 bliain d'aois atá ag athfhoghlaim na Gaeilge i gcirocal comhrá, go gcuireann easpa cleachtaidh agus easpa féinmhuiníne as di féin chomh maith:

Bhuel *yeah* ag an pointe sin nuair a bhí mé thart ar fiche a haon bhí sé b'fhéidir trí bhliain ó d'fhág mé an scoil so bhí mo Ghaeilge bhí sé saghas *hard drive* ag an bpointe sin so sin an fáth go rabhas ag lorg focal *oh my God* cá bhfuil *you know* bíonn na focail agatsa ach bíonn siad saghas faoi ghlas *you know* bíonn sé deacair bíonn / ní bhíonn tú in ann / bíonn sé deacair smaoineamh agus chomh maith leis sin bíonn easpa féinmhuinín / *oh my God* níl mé in ann a bheith ag caint mar seo mar níl taithí agam *but so* sin an fáth go rabhas mall [...] creideann mise go bhfuil sé ag gach uile duine *you know it's just* easpa cleachtadh (B4, 30).

Fiú i gcás na nuachaintoirí ar saineolaithe iad agus a bhfuil iarracht ar leith déanta acu canúint thraidisiúnta a shealbhú, is minic an easpa chéanna féinmhuiníne le brath. Nuair a cuireadh faoi agallamh é bhí G1, 28 bliain d'aois, ar tí iarchéim a bhaint amach sa Ghaeilge ach fós féin bhí díomá air nach raibh rialacha uile na teanga ar a thoil aige:

Bhí frustrachas orm is dócha ó thaobh foghlaim na teanga / bíonn frustrachas ort i gcónaí is tú ag foghlaim na Gaeilge / tá sí deacair is dócha em tá teangacha amuigh ansin atá i bhfad níos deacra ná an Ghaeilge ach fós féin tá sé deacair go leor agus em scríobh na Gaeilge ach go háirithe eh nuair a fheicim aiste a scríobh mé agus marcanna dearga air bíonn frustrachas orm caithfidh mé a rá eh tá mé ar tí [teideal na hiarchéime] a bhaint amach anois agus fós tá lochtannaí ann / tá rudaí nach dtuigim inti ní maith liom sin cuireann sin frustrachas orm caithfidh mé a rá em is dócha tá teorainn le mo chuid Gaeilge agus cuireann sé sin isteach orm mar ní bhímse in ann mé féin a chur in iúl go héifeachtúil uaireanta sin rud a chuirfeadh frustrachas ar dhuine ar bith nuair atá an dara teanga á úsáid acu is dócha ach tá sé deacair tá deacracht faoi leith ag baint leis an nGaeilge mar tuigeann tú go maith gur féidir leo dul i muinín an Bhéarla (G1, 117).

Cé gur nós leis canúint thraidisiúnta a chleachtadh ina urlabhra féin, deir G15, 26 bliain d'aois, go mb'fhéidir go mbeadh deacracht aige le cainteoirí dúchais a chleachtann leaganacha an-traidisiúnta den Ghaeilge:

Em tá mé sách bródúil as an mBéarla atá agam caithfidh mé a rá idir em chanúint agus LF téarmaíocht agus ba dheacair dul in iomaíocht leis sin / tá me ceart go leor maidir leis an nGaeilge tá bearnaí sách móra em / ann i gcónaí abair dá mbeinnse ag caint le seanfhear críonna as an nGaeltacht agus é ag caint go sciobtha chuile sheans go rachadh cuid mhaith de na focail sin débhríoch orm agus em ba mhaith liom é sin a leigheasú mar sin ní / ní déarfainn go bhfuil ardlíofacht bainte amach agam ach tá mé ceart go leor (G15, 56).

Léiríonn roinnt nuachainteoirí míchompord leis an lipéad ‘líofacht’ agus tuigeann siad go mbaineann deacrachtaí lena shainmhíniú. Cé go bhfuil sé ag obair in earnáil na Gaeilge, ní dóigh le G5, 32 bliain d’aois, go bhfuil sé líofa fós:

Em is focal dainséarach é líofacht LF déarfainn go rabhas thart ar fiche nó mar sin agus fiú amháin fiú go dtí an lá inniu féin ní déarfainn gur cainteoir líofa mé / ní maith liom / bíonn drogall orm an focal a úsáid braitheann sé ar cé leis a mbím ag caint / an bhfuilim ar mo shuaimhneas leis an duine sin / cé chomh cairdiúil is atáim leis / cén chanúint atá aige siúd (G5, 66).

Tógadh G6, 22 bliain d’aois, sa Ghaeltacht le Béarla amháin ach tá tréaniarracht á déanamh aige le blianta beaga anuas feabhas a chur ar a chumas. Deir sé go mbíonn deacrachtaí praiticiúla ag daoine ar mian leo é sin a dhéanamh toisc an-éagsúlacht sa chumas Gaeilge a bheith ag na daoine eile a mbeadh an nuachainteoir i dteagmháil leo. Ba ghá a bheith sa Ghaeltacht nó i measc ‘díograiseoirí eile’ chun caighdeán níos airde a bhaint amach:

Seo rud a chuireann náire orm is dócha go bhfuil mo chuid Gaedhlighe fós ar chaighdeán níos ísle ná mo chuid Bhéarla eh go háirithe i dtaobh foclóir is a leithéidí sin de em is dócha gur tionchar é seo ar an / ar an dóigh a úsáidim an Béarla i gcomhthéacs i bhfad níos forleithne ná mar a úsáidim an Ghaedhlig em dá mbeifeá ag iarraidh teacht as an ollscoil agus Gaedhlig go hiomlán líofa agat déarfainn go mbeadh ort a bheith ag cur fút sa Ghaeltacht nó a bheith ag cur fút le daoine a bheadh breá sásta Gaedhlig a labhairt eh sa teach agus seo rud go hiondúil nach bhfaighfeá em siocair go bhfuil daoine chomh / go bhfuil daoine chomh éagsúil sin ag teacht ar an ollscoil agus nach mbeadh an t-ádh leat bualadh le díograiseoirí Gaedhlighe eile i do / i do i measc do chairde (G6, 76).

Tógadh N4, 34 bliain d’aois sa Tuaisceart agus níor fhoghlaim sé an Ghaeilge go dtí go raibh sé sna déaga. Cé gur cainteoir líofa é, admhaíonn sé go mbíonn air dul i muinín an Bhéarla ó am go chéile ach labhraíonn sé ar a thaithí mar a bheadh aistear foghlama ann agus súil aige go mbeidh cumas níos fearr aige amach anseo:

Ní aithním *you know* / gur féidir a rá go bhfuil mé sásta ag am ar bith leis an chaighdeán Gaedhlighe atá agam ach tá súil agam go bhfuil mé ag feabhsú i gcónaí // mo chumas féin / bíonn muid ar fad ag brath ar an chorrfhocal Béarla anseo is ansiúd chun cuidiú linne / go háirithe daoine ar mo mhacasamhail a d’fhoghlaim an Ghaedhlig agus nár fhoghlaim muid mórán go dtí go raibh muid sna déaga ach arís eile tá sé ráite agam go bhfuil na deacrachtaí céanna acu sa Ghaeltacht arís / an Béarla a choinneáil amach as an chaint ach tá cumas s’agam sa Bhéarla / bheinn i bhfad níos cumasaí sa Bhéarla / sin mo chéad theanga // ach tá súil agam / agus mar a deirim bím ag i gcónaí ag iarraidh cur leis / go dtig liomsa a bheith chomh cumasach céanna lá éigin in san Ghaedhlig ach tá obair le déanamh agam go fóill (N4, 35).

Tá taithí áirithe ag B9, fear 24 bliain d’aois, ar an teangeolaíocht toisc gur dhein sé roinnt staidéir uirthi ar an ollscoil. Sa sliocht seo a leanas, úsáideann sé an téarma teicniúil ‘near

native’ agus deir sé nach mbaineann an lipéad sin leis féin. Ní fhéadfadh duine blas ‘nádúrtha’ a bheith aige, dar leis, mura dtógfaí le Gaeilge é:

Tuigim nach bhfuil mo saghas / Gaeilge / saghas / em / mo Ghaeilge labhartha / b’fhéidir nach bhfuil sé *near native* / tuigim sin (B9, 80).

Cén fáth? (B9-I, 81).

Níl an blas agam *like* / ní bhíonn an blas agat / ní bhíonn an blas ag daoine ach sna háiteanna sin nuair a thógtar an chlann / *like you know?* (B9, 82)

Sa Ghaeltacht? (B9-I, 83)

Sa Ghaeltacht / bhuel ní fiú sa Ghaeltacht / ach nuair atá tú [ag tógáil] an leanbh suas le Gaeilge / *so* / sin an blas / sin blas nádúrtha (B9, 84).

Cé go n-admhaíonn siad go bhfuil dul chun cinn le déanamh acu fós, tá roinnt nuachaintoirí sásta lena gcumas i bhfianaise na n-acmhainní foghlama a bhí ar fáil dóibh go dtí seo. Mar shampla leagann G3, 26 bliain d’aois as na Stáit Aontaithe, béim ar a laghad teagmhála a bhí aici leis an nGaeilge roimh di teacht go hÉirinn:

Níl mé rómhaith LF níl mé chomh maith ná ba mhaith liom a bheith em / ba mhaith liom a bheith iomlán líofa agus em ach leis na / na hacmhainní a bhí agam eh em sílim go ndearna mé jab maith em bhí / bhí na múinteoirí sin agam ar feadh cúpla bliain ach / cúpla bliana ach ina dhiaidh sin bhog [múinteoir] amach go Stát eile [...] so bhí orm mo chuid staidéir féin a dhéanamh liom féin agus beagán le [fear céile] ach em ach rinne mé mo chuid staidéir liom fhéin agus mise ag scoil ag an ollscoil agus mise ag / ag obair in em i bpost dúshlánach ar fad mar sin ní raibh seans mhór agam díriú ar an Ghaeilge agus bhí an tseans sin agam an bhliain seo agus beagán em an bhliain seo caite so mar gheall ar sin sílim go bhfuil mé ag déanamh go maith ach ba mhaith liom díriú níos mó air (G3, 48).

Oibríonn B14, 24 bliain d’aois, mar mhúinteoir i nGaelcholáiste. Deir sí go mbíonn cainteoirí Gaeilge ag foghlaim óna chéile agus cé go n-admhaíonn sí nach bhfuil sí féin gan cháim, dar léi gur leor a cumas don phost atá aici:

Tá a fhios agam gur féidir liom a bheith anseo mar mhúinteoir, agus go bhfuil mo chuid Gaeilge maith go leor / bhuel tá súil agam go bhfuil sé ar aon nós / chun a bheith mar mhúinteoir i nGaelcholáiste agus táim sásta leis sin / nuair a theastaíonn uaim comparáidiú a dhéanamh idir mo chuid Gaeilge agus Gaeilge atá ag daoine eile tá muid go léir ag foghlaim óna chéile agus is rud iontach é sin / níl mo Ghaeilge chomh maith is atá sé ag múinteoirí eile nó ag cainteoirí eile / tá sé sin ceart go leor glacaim leis sin / ach táim sásta leis an caighdeán / leis an gcaighdeán atá agam anois / cé go gcaithfidh mé dul ar ais ar na rialacha gramadaí agus a leithéid agus bheadh sé go deas saghas / níos mó a fhoghlaim / ach ag an am céanna is múinteoir bunscoile mé agus táim ag plé le rang a dó agus nílímse ag freastal ar léachtóirí / ar / *not* léachtóirí, ar léachtaí a thuilleadh so b’fhéidir lá éigin (B14, 88).

7.2 Tuairimí dearfacha mar gheall ar chumas nuachaintoirí

Bíodh is go léiríonn roinnt nuachaintoirí easpa féinmhuiníne faoina gcumas Gaeilge, is ann do dhaoine atá sásta nó réasúnta sásta leo féin. Cuid acu sin, is cainteoirí hibrídeacha iad agus bheadh daoine eile níos gaire do phróifíl an tsaineolaí. Dar le cuid de na saineolaithe, tá siad go mór ar a gcompord ag labhairt na Gaeilge ach ní hann don fhoirfeacht agus teastaíonn uathu feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge i gcónaí. Tuairiscíonn roinnt nuachaintoirí go bhfuil luí nádúrtha acu le teangacha trí chéile. Dar le daoine eile, ní gá a bheith chomh ‘foirfe’ leis an gcainteoir dúchais chun a bheith i do chainteoir maith.

Dar le B11, bean 23 bliain d’aois, tá sí cumasach go leor sa Ghaeilge agus bhí dúil aici sa teanga riamh:

Is dócha go bhfuil Gaeilge sách mhaith agam em níl mé cinnte *really* thaitin an Ghaeilge liom i gcónaí agus em tháinig sé sách éasca dom is dócha b’fhéidir i gcomparáid le rudaí eile (B11, 52).

Tá cúpla teanga ar a thoil ag G8, fear 22 bliain d’aois as na Stáit Aontaithe a dhein staidéar ar an teangeolaíocht cheana. Dar leis gurb í an Ghaeilge a thríú teanga ó thaobh cumais:

Bhuel anois b’fhéidir go bhfuil mé níos / níos láidre *yeah* déarfainn go bhfuil mé níos láidre i / i nGaeilge ná a bhí mé i bhFraincis de ghnáth déarfainn / deirim ó bhuel tá Béarla agamsa cinnte agus i ndiaidh Béarla tá Fraincis agamsa tá Gaeilge agamsa ach anois tá mé ag dul as an chleachtadh i mo chuid Fraincise [...] bheadh Gaeilge idir an dara háit nó an tríú háit idir Fhraincis idir an Fhraincis agus an Ghaeilge (G8, 66).

Tá B19 65 bliain d’aois agus úsáideann sé na meáin chumarsáide mar shlat tomhais chun a chumas a mheas. Deir sé go dtuigeann sé cláracha raidió agus teilifíse agus gur féidir leis cumarsáid a dhéanamh le haon duine sa Ghaeilge:

Is deacair a rá ach an rud a deirim ná má tá clár Gaeilge ar siúl ar an raidió nó ar an teilifís tá mé ábalta é a thuiscint / agus em má tá go leor ama agam / tá mé ábalta mo thuairimí a chur in iúl d’aon duine as Gaeilge (B19, 61).

Dar le B5, 66 bliain d’aois, níl sé chomh maith leis an gcainteoir dúchais ach creideann sé gur cainteoir maith é mar sin féin:

Yeah bhuel dá gcuirfí an cheist sin orm / em caithfidh mé a admháil go bhfuil líofacht maith teangan agam *you know*? B’fhéidir nach bhfuil mé chomh foirfe leis / leis an gcainteoir dúchais ach má bhíonn an deis agam smaoineamh air / go bhfuil líofacht agus caighdeán maith agam agus tá mé sásta leis sin *you know*? (B5, 66).

Labhraíonn roinnt de na saineolaithe ar a chompordaí atá siad ag úsáid na Gaeilge anois, nó míníonn siad gur bhain siad leibhéal réasúnta ard cumais amach ina n-óige. I gcás G11, 24 bliain d’aois a tógadh le Béarla in aice na Gaeltachta, is cuimhin leis a bheith ábalta an Ghaeilge a labhairt agus é sa bhunscoil:

[Ceist] thar a bheith suibhachtúil is dócha em nuair a bhíos sa bhunscoil bhí mé anachompordach agus is cuimhin liom bhínn ag labhairt Gaelainne le daoine ní go minic mar is deocair b'fhéidir nuair nach bhfuil an tsuim ag daoine eile ach bhínn in ann an Ghaelainn a labhairt go compordach agus nuair a bhí rud éigin uaimse bhí mé in ann é a chur in iúl don duine eile bíodh is nach raibh / bíodh is go raibh fuilleach botún á dhéanamh agamsa agus nach raibh an tuiséal ceart á úsáid ná pé rud ach bhí mé in ann rud éigin a chur in iúl agus is dócha gurb é sin go bhfuil sé sin an-tábhachtach a dhéanamh (G11, 102).

Tráchtann G16, 30 bliain d'aois, ar chuairteanna rialta Gaeltachta a chabhraigh léi ardchumas a bhaint amach:

Déarfainn gur cainteoir maith mé em tá súil agam ach go háirithe dheineas mo dhícheall i gcónaí teagmháil a bheith agam le muintir na Gaeltachta agus dul chun na Gaeltachta go rialta agus mé ag em foghlaim agus mé i mbun céime ach go háirithe bhí scéimeanna iontacha ann agus go mbeifeá in ann dul ar feadh trí seachtaine nó coicís chun na Gaeltachta saor in aisce agus dheineas é sin gach aon bhliain agus mé ar ollscoil agus d'fhanas le cainteoirí breátha agus mé i mbun foghlama (G16, 113).

Tógadh G20, 29 bliain d'aois le Gaeilge lasmuigh den Ghaeltacht. Tá sí réasúnta sásta lena cumas scríbhneoireachta ach goilleann sé uirthi nuair a dhéanann sí botúin sa chaint. Dar léi go bhfuil a cumas imithe in olcas toisc gur múinteoir í:

Ag an bpointe seo is dóigh go bhfuil ardchumas Gaeilge agam em níl a fhios agam ní bheadh ní dóigh liom go / go bhuel b'fhéidir go mbeadh botún nó dhó i / i mo chuid scríbhneoireachta ach ní bheadh an oiread sin agus má dhéanaim botún agus mé ag caint cuireann sé as go mór dom LF *you know* ach em ach aithním *like* ó thosaigh mé ag múineadh go bhfuil mo chuid Gaeilge théis / go bhfuil go bhfuil sé imithe in olcas beagáinín (G20, 118).

Tá G22 25 bliain d'aois agus oibríonn sé in earnáil na Gaeilge. Dar leis gur cainteoir cumasach é agus gur bhain sé an cumas sin amach trí iarracht chomhfhiosach le feabhas a chur air féin:

Is féidir liom a rá go bhfuil sé i bhfad níos fearr ná mar a bhí sé deich mbliana ó shin agus tá cúis leis sin tá mé ag obair in earnáil na Gaeilge / labhram Gaeilge go laethúil agus labhram le Gaeilgeoirí tá post agam le Gaeilge / ó d'fhág mé an ollscoil bhí mé i gcónaí bainteach le hearnáil na Gaeilge mar sin spreag sé sin mé mo Ghaeilge a cheartú níos mó ná an Ghaeilge a fhoghlaim mar tig leat teanga a fhoghlaim but nuair atá leibhéal áirithe bainte amach agat caithfidh tú a rá leat féin *look it* / céard atá mé ag dul a dhéanamh an bhfuil mé sásta leis an leibhéal sin nó an bhfuil mé ag iarraidh a bheith i mo chainteoir cumasach agus tá difríocht idir cainteoir cumasach agus cainteoir dúchais mar ní dóigh liom gur cainteoir dúchais atá ionam ach measaimse gur cainteoir cumasach atá ionam (G22, 69).

Déanann G23, 22 bliain d'aois, measúnú dearfach air féin ach leagann sé béim ar thábhacht na léitheoireachta chun cumas níos fearr fós a bhaint amach:

Bheinn measartha líofa em agus muiníneach go leor ach mar sin féin sílim go dtig liom i bhfad níos mó a fhoghlaim fá dtaobh den teanga / tá focal nua le foghlaim agam bím ag léamh [...] agus tchímse go bhfuil an oiread sin saibhris sa teanga tá rudaí nua le foghlaim i gcónaí (G23, 76).

Dar le B8, 45 bliain d'aois, is ionann a bheith i do chainteoir cumasach agus a bheith ábalta comhrá nádúrtha a dhéanamh gan smaoineamh air:

Bhuel is dócha compordach *yeah* compordach agus in ann comhrá ar bith a dhéanamh / gnó ar bith a dhéanamh rud ar bith a dhéanamh trí mheán na Gaeilge is é sin le rá eh *yeah* ábalta comhrá nádúrtha a bheith agat mar em ní raibh mé in ann é sin a dhéanamh agus bhí mé ag iarraidh é sin a fháil ar ais ní raibh sé sin riamh agam nuair a tógadh mé bhí an Ghaeilge briste scoile seo agam *right* (B8, 52) [...] anois ceapaim go bhfuil mé in ann Gaeilge a labhairt gan smaoineamh (B8, 54).

8. Úsáid na Gaeilge

Baineann an-éagsúlacht le húsáid na Gaeilge i measc nuachainteoirí, bunaithe ar phróifíl an chainteora. Is gnách le cainteoirí hibrídeacha nó le cainteoirí a bhfuil cumas teoranta acu níos lú úsáide a bhaint as an teanga, mar a bheifí ag súil leis, ach tuairiscíonn na fo-ghrúpaí sin úsáid rialta nó réasúnta rialta mar sin féin. Luann cainteoirí éagsúla na deiseanna úsáide a sholáthraíonn imeachtaí cultúrtha ar nós an cheoil agus na drámaíochta chomh maith le hócáidí a bhaineann le cultúr na Gaeilge féin. Maidir le cainteoirí líofa (nuachainteoirí nó cainteoirí Gaeltachta) nach labhraíonn an Ghaeilge lena gclann, bíonn leisce ar roinnt rannpháirtithe iad a cháineadh cé gur trua leo an cinneadh sin. Creideann nuachainteoirí áirithe gur geall le caomhnóirí na Gaeilge iad agus go bhfuil dualgas orthu an teanga a chur ar aghaidh.

8.1 Ciorcail chomhrá

Freastalaíonn sciar áirithe de na nuachainteoirí ar chiorcail chomhrá go rialta. Léiríonn na hagallaimh nach ionann an díograis agus an tiomantas atá ag gach duine acu. Tá roinnt acu sásta leis an teagmháil theoranta sin leis an nGaeilge agus ní theastaíonn uathu ardchumas a bhaint amach. Santaíonn roinnt eile go mbeadh an ciorcal comhrá ina thúsphointe chun gurbh fhéidir leo tuilleadh staidéir a dhéanamh ar an nGaeilge nó cúrsa dioplóma nó ollscoile a dhéanamh ina dhiaidh sin.

Labhraíonn B21, 60 bliain d'aois, faoin gciorcail cainte áitiúil faoi mar a bheadh caitheamh aimsire ann agus leagann sé béim ar an atmaisféar réchúiseach, tacúil a bhíonn i réim ann:

Agus le dhá bhliain anuas anois tá an ciorcal cainte ar siúl agus sin é an fáth go bhfuilim ag freastal air sin *just* chun bualadh le daoine agus a bheith ag labhairt! (B21, 82) Bhuel tógaim go bréa réidh é / éistim / bhuel ag an aois atá agamsa is féidir liom éisteacht / tá go leor agam / *like* fiú amháin roinnt de na leids ag an gciorcail comhrá tá siad mall go maith ag cur abairtí le chéile *so* éistim / agus piocaim suas pé rud atá le rá acu / agus glacaimid le rudaí (B21, 178).

Fuair N1, 75 bliain d'aois, céim sa Ghaeilge ina hóige. Is Protastúnach Tuaisceartach í agus dá réir sin, is teoranta iad na deiseanna teagmhála a bhíonn aici leis an nGaeilge. Glacann sí páirt rialta i gciorcail chomhrá a mhinice agus is féidir:

Bhuel tá sé deacair anois toisc nach mbím ag staidéar níos mó / cailleann tú í / tá seans agam a bheith páirteach i gciorcail comhrá Gaelach uair amháin sa tseachtain i [ainm an bhaile] / bím ann chomh minic agus is féidir liom / agus tá grúpa beag i [baile eile] fosta a ólann caife le chéile agus a bhíonn ag labhairt as Gaedhlig le chéile fosta uair amháin sa tseachtain / táim ag déanamh mo dhíchill ach tá a fhios agam go bhfuil an oiread sin Gaedhlig caillte agam ó bronnadh an chéim orm i bhfad ó shin anois / tá cairde agam / cairde ar chuir mé aithne orthu fríd an Ghaedhlig agus fríd na ranganna agus na damhsaí céilí agus mar sin de (N1, 11).

Tá B6 45 bliain d'aois agus tá Dioplóma sa Ghaeilge á dhéanamh aici faoi láthair. Chuir sí a hiníon chuig Gaelscoil. Is mian léi an Ghaeilge a úsáid go proifisiúnta amach anseo. Ba i gciortcal comhrá a thosaigh sí ag athfhoghlaim na Gaeilge:

Tháinig mé b'fhéidir [ar feadh] dhá bhliain is leith agus bhí mé ana-chúthaileach mo chuid Gaeilge a labhairt / tháinig mé cúpla uair *you know* is níor d'oscail mé mo bhéal bhí mé ag éisteacht leo agus diaidh ar ndiaidh tháinig mo chuid Gaeilge *you know* ó cúl mo chinn go dtí mo bhéal arís agus em bhí mé in ann labhairt leo / tá caighdeán eh difriúil ag gach duine sa ciortcal cainte agus níl *you know* úsáideann siad an Béarla uaireanta agus an Gaeilge agus ní bhíonn a lán brú ort *you know* an Gaeilge an brú a cuireann tú ort féin an Gaeilge a labhairt sa ciortcal cainte agus ceapaim gur rud maith é sin mar bíonn sé oscailte le haghaidh gach duine ansin chun teacht tá Gaeilge ag gach duine em a d'fhreastail ar aon bhunscoil nó meánscoil sa tír seo tá cúpla focal ag gach duine ach uaireanta bíonn eagra ar daoine *like you know* labhairt (B6, 137).

8.2 Ceol agus cultúr Gaelach

Luann go leor rannpháirtithe imeachtaí cultúrtha agus ceoil mar spásanna chun a gcuid Gaeilge a chleachtadh. Tagraíonn B5, fear 66 bliain d'aois, dá thaithí le Comhaltas Ceoltóirí Éireann:

Bíonn i bhfad níos mó deis agamsa mo chuid Gaeilge a úsáid le Comhaltas / mar / is é polasaí an Chomhaltas ná tabhairt faoin gceol agus tabhairt faoin teanga ag an am céanna agus mar sin de / *like* rud atá i gceist againn anois faoi láthair ná níos mó dátheangachas a úsáid sa chumarsáid *like* cuir i gcás anois eh gach rud a dhéanann Comhaltas / cuir i gcás aon leabhar nó bileog eolais nó mar sin a réitíonn siad bíonn siad i nGaeilge agus bíonn siad i [mBéarla] agus sin an polasaí atá againn anois faoi láthair / agus *like* bíonn i bhfad níos mó deis agam *like* mo chuid Gaeilge a úsáid trí mheán na heachtraí nó gach rud a dhéanaimid sa Chomhaltas agus mar sin de / agus *like* le blianta beaga anuas tugaim fé ndeara go bhfuil i bhfad níos mó daoine ag luí isteach ar an nGaeilge *you know* ag na hócáidí / cuir i gcás ag fleánna ceoil agus mar sin de (B5, 34).

Is as na Stáit Aontaithe do G3, 26 bliain d'aois. Ba trí mheán an cheoil thraidisiúnta a tháinig sí ar an nGaeilge ar dtús agus chaith sí tamall in Éirinn ag foghlaim na Gaeilge. Le linn an ama sin, thug sí go leor ama i dteannta ceoltóirí traidisiúnta eile a raibh Gaeilge acu:

Nuair a thosaigh mé ag foghlaim an teanga / na teanga / ní raibh aon rud / ní raibh aon rud ní ba mhó i gceist ná tháinig suim agam sa chultúr na hÉireann / i gcultúr na hÉireann em fríd an cheol agus b'fhéidir na cairde a bhí agam ag an am sin agus b'fhéidir gur / go raibh em go raibh siad [muinteartha] le daoine as Éire agus / as Éirinn agus rudaí mar sin (G3, 58).

Luann roinnt nuachaintoirí cumainn nó féilte drámaíochta mar chomhthéacs sóisialta inar féidir an teanga a úsáid ar shlí thaitneamhach, neamhfhoirmeálta (féach chomh maith 6.3).

Dar le B18, bean 27 bliain d'aois, cothaíonn a leithéid de chomhthéacs muinín in úsáid na teanga féin:

Mar a deir mé tá an-suim agam i gcúrsaí drámaíochta agus bhunaigh mé grúpa / *now* táimid ina chodladh agus sin an chaoi a ndéarfaidh mé é / le cúpla bliain anuas / *but just* mar gheall air go bhfuilimse ar ais san ollscoil agus tiocfaidh mé ar ais chuige sin *but* tá mé ar ais san ollscoil faoi láthair / ní raibh mé in ann an grúpa a bheith beo ag an am seo mar bhí mé i mo stiúrthóir agus cineál léiritheoir agus gach rud ag an am céanna *so but* bhí grúpa againn [ainm an ghrúpa] agus bhí suas le beirt dhuine déag *actually* agus chuireadar cúpla dráma ar stáitse agus rinne muid na *rounds* ó thaobh na féilte drámaíochta de / bhaineadar ana-thaitneamh as caithfidh mé a rá (B18, 6).

Creideann nuachaintoirí eile go mbaineann tábhacht chultúrtha leis an nGaeilge agus gur cheart í sin a chur ar a súile don phobal. Sa tslí sin, féachann siad orthu féin mar a bheadh ambasadóirí ar son na teanga. I gcás G1, 28 bliain d'aois, is tábhachtaí dó an ghné chultúrtha agus stairiúil sin ná gnéithe polaitiúla ar nós seirbhísí poiblí ná cearta teanga:

Is dócha rud amháin a dhéanann dochar don teanga ná aineolas tá sé tábhachtach go mbeadh daoine amuigh ansin a bheadh in ann eh an tábhacht a bhaineann leis an nGaeilge an saibhreas a bhaineann leis an nGaeilge a mhíniú do lucht an Bhéarla do dhaoine nach bhfuil an teanga acu nach bhfuil an deis acu an teanga a léamh nó a thuiscint tá sé sin tábhachtach / ó thaobh a bheith gníomhach in eagraíochtaí níl an oiread suime agam sa taobh sin de ach bheinn breá sásta mé féin am a chaitheamh ag scríobh ag tabhairt cainteanna rud ar bith a chuirfeadh leis an eolas atá ag muintir na hÉireann ar an teanga / bheinn sásta é sin a dhéanamh ach ní bheinnse ar thóir a bheith ag máirseáil nó rud ar bith mar sin em b'fhéidir go rachainn amach ag máirseáil faoi rudaí eile ach ní faoin nGaeilge ní dóigh liom (G1, 126).

8.3 Úsáid na Gaeilge sa teaghlach

Bhí taithí éagsúil ag nuachaintoirí ar tuismitheoirí iad ar úsáid na Gaeilge sa bhaile. Tuairiscíonn roinnt acu gur chinn siad an Ghaeilge a úsáid mar theanga an teaghlaigh, nó an Ghaeilge agus an Béarla in éineacht. Níor tharla sé i gcónaí gur thug na páistí an Ghaeilge leo, áfach. Is ann do dhaoine eile eile nár labhair an Ghaeilge lena gclann cé gur iompaigh cuid de na páistí ina nuachaintoirí de thoradh an chórais oideachais beag beann ar chomhthéacs an teaghlaigh. Phós B4, 60 bliain d'aois, fear a raibh Gaeilge aige agus spreag sé í chun í a úsáid nuair a bhí clann acu:

De réir a chéile *then* bhíomar páirteach in eagraíochtaí mar shampla Glór na nGael agus *you know* Gaeilge sa phobal agus an Ghaeilge a chur chun cinn agus em nuair a tháinig na leanaí *you know* bhí suim againn *you know* bhí gach uile ceiliúradh *you know* baiste *you know* is iad ag dul ar scoil ainmneacha roghnaíomar [ainmneacha Gaelacha] *just* bhí / agus bhí an Gaeilge saghas / rinneamar spás don Ghaeilge saghas teach dhátheangach a bhí ann *you know* agus bhíomar páirteach i / nuair a bhunaíodh Gaelscoil ar an mbaile i [ainm na háite] (B4, 10)

Agus ar labhair sibh Gaeilge leo nuair a bhí siad óg? (B4-I, 70).

Yeah yeah you know níl siad iontach mar a tharlaíonn uaireanta bíonn na daoine óga / nuair a bhíonn na tuismitheoirí saghas tugtha do rud éigin ach de réir is atá siad ag éirí níos sine tá siad is dócha níos stuama agus tuigean siad go bhfuil / a bhaineann leis an teanga agus an cultúr yeah (B4, 71).

Oibríonn B20, 55 bliain d'aois, leis an nGaeilge go proifisiúnta agus tá sé gafa le cur chun cinn na Gaeilge ina cheantar féin. Déanann se iarracht Gaeilge a labhairt lena chlann féin ach admhaíonn sé nach bhfuil ag éirí go rómhaith leis faoi láthair toisc nach bhfuil siadsan chomh gafa céanna leis an teanga agus atá seisean:

Déanaimse iarracht Gaeilge a labhairt leo ach tá siad ar fad san ollscoil anois an triúr acu *and* mar gheall air sin / tuigimse go maith go bhfuil siad ag déanamh dianstaidéir ar na hábhair éagsúla cosúil le hAcmhainní Daonna / Ríomhaireacht / Stair agus Béarla agus tá scrúdú / tá siad i mbun scrúduithe gach aon tseachtain / tá siad i mbun obair scoile gach aon tseachtain agus tá sé an-dheacair Gaeilge a labhairt leo nuair atá siad ag díriú isteach ar a gcuid staidéir ach nílím á rá nach labhraímse Gaeilge leo / *yeah* labhraímse Gaeilge leo nuair is féidir liom é ach is fíorbheagán Gaeilge a labhraímse leo mar tuigim an cás ina bhfuil siad agus tá a fhios agam go mbeidh brú orthu tar éis dóibh an ollscoil a chríochnú / beidh neart Gaeilge á labhairt ansin, as sin amach (B20, 150).

Deir B21, fear 60 bliain d'aois, nár labhair sé Gaeilge lena chlann nuair a bhí siad óg. Tá Gaeilge líofa ag a iníon anois, áfach, toisc go bhfuil cairde aici ar oileán Gaeltachta:

Ó níor bhrúigh mé Gaeilge uirthi in aon chor / in aon chor / tá ceathrar cailín agus fear amháin ach d'fhágas fúthu / athair mé níos mó ná múinteoir so níor bhrúigh mé aon rud ach má bhí cabhair ag teastáil uathu b'fhéidir gur chuir siad ceist (B21, 108).

D'fhreastail J4, 37 bliain d'aois ar Ghaelscoil agus bhí post aici in earnáil na Gaeilge ach labhair sí Béarla den chuid is mó lena clann toisc nach bhfuil Gaeilge ag a fear céile. Léiríonn an sliocht seo a leanas castacht na ceiste sin. Ar láimh amháin, deir J4 go gcuirfí isteach ar dhlúthchaidreamh ('intimacy') an teaghlaigh dá mbeadh an Ghaeilge in úsáid aici leis na páistí ach ar an láimh eile is cuimhin léi gurbh é an focal Gaeilge 'te' an chéad fhocal a labhair a mac:

There's a certain intimacy i gclann a bheadh caillte againn *you know* an bealach sin / sin go léir ráite *like sort of* i stair na clainne is / is focal Gaeilge an chéad focal a bhí ag an bhfear is sine *you know* dúirt sé an focal 'te' nuair a bhí sé sa bhfolcadh oíche amháin *you know* agus é ag cur lámh ar an sconná agus dúirt sé 'te' mar bheadh sé de nós agam agus mé ag tabhairt folcadh dó labhairt i nGaeilge leis *you know* (J4, 128).

8.4 Dearcadh i leith cainteoirí nach labhraíonn an Ghaeilge lena gclann

Sheachain na nuachainteoirí ar fad an breithiúnas nuair a fiafraíodh díobh cén dearcadh a bhí acu faoi chainteoirí eile, bídis ina nuachainteoirí nó ina gcainteoirí Gaeltachta, nach dtógann

a gclann le Gaeilge. Áitíonn na nuachaintoirí go bhfuil cead a gcinn ag tuismitheoirí a bhfuil an Ghaeilge ar a dtail acu a rogha teanga a labhairt lena bpáistí ach deir go leor acu gur díol trua é nuair a roghnaítear an Béarla. Léiríonn a gcuid freagraí go dtuigeann siad a ghoilliúnaí agus a chasta a bhíonn an cheist seo go minic. Is léir go bhféachann go leor nuachaintoirí, go háirithe daoine ar ‘saineolaithe’ iad, orthu féin mar chaomhnóirí na Gaeilge a mbeadh dualgas orthu í a chur ar aghaidh dá mbeadh clann orthu. Mar sin féin, áitíonn roinnt nuachaintoirí go bhféadfaí oidhreacht Bhéarla an pháiste a cheilt dá dtógfaí le Gaeilge é nó í.

Sa chéad sliocht, léiríonn B11, bean 23 bliain d’aois, go mbeadh sí míchompordach dá mbrúfaí an Ghaeilge mar theanga an teaghlaigh ach mar sin féin taibhsítear di go bhfuil freagracht ar leith ar mhuintir na Gaeltachta í a labhairt lena gclann:

Bhuel is dócha muna bhfuil an Ghaeilge acu em *you know* tá sé deacair iachall a chur orthu í a fhoghlaim agus ansan í a bheith mar an príomhtheanga sa tigh is rud millteanach é sin a iarraidh ar éinne ach em ach ag an am céanna is dócha go bhfuil freagracht ar leith ag leibhéal eicint ar dhaoine a bhfuil cónaí orthu sa nGaeltacht a bheith coinsiasach faoin nGaeilge agus iarracht ar leith a dhéanamh is dócha (B11, 78).

Dar le G15, 26 bliain d’aois, is trua go roghnódh tuismitheoir a bhfuil an Ghaeilge aige nó aici an Béarla toisc go bhfuil sainiúlacht ar leith sa Ghaeilge:

Is mór an feall iad ach ar ndóigh bheadh siad in ann an cinneadh sin a chosaint agus tá aithne agam ar dhaoine áirid a rinne é sin / ’sé an peaca é sin / ’sé an trua é atá i gceist agam LF níl mé ag iarraidh feall na peaca a rá le teann díspeagtha ach em (G15, 114)

Cad ina thaobh gur trua é mar sin? (G15-I, 115)

Bhuel b’fhéidir gur dearcadh an-rómánsúil é seo ach is maith liom an teanga agus creidim go gcuireann an teanga sin / le sainiúlacht na tíre agus tá an tsainiúlacht inti féin go maith agus nuair a bheartaíonn tuismitheoir ar gan Ghaeilge a chur ar aghaidh go dtí an chéad ghlúin eile tá muid uilig ag éirí beagáinín níos eh rialta (G15, 116).

Léiríonn G16, 30 bliain d’aois, go dtuigeann sí nach go nádúrtha a dhéanfar teanga an teaghlaigh den Ghaeilge agus gur gá do na tuismitheoirí cinneadh coinsiasach a dhéanamh faoin gceist:

Caitheann tú suí síos agus cinneadh a dhéanamh roimh ré an bhfuil tú chun an clann a thógaint as Gaelainn nó as Béarla agus tá cásanna áirithe ann agus go dtéann an cainteoir nár tógadh le Gaelainn é nó í go ndéanann an cinneadh sin *right* táim pósta le cainteoir dúchais agus táim chun an cinneadh a thógaint *right* táim chun Gaelainn a fhoghlaim chun a bheith ar chomhchéim ionas go mbeimis in ann an clann a thógaint trí Ghaelainn ach is annamh a tharlaíonn sé sin i mo thuairim (G16, 174).

Tógadh G17, fear 28 bliain d’aois, le Béarla agus le Gaeilge. Sa sliocht seo, léiríonn sé gur trua leis go dtógfaí duine le Béarla dá mbeadh Gaeilge ag na tuismitheoirí toisc gur thug an Ghaeilge an oiread dó féin ina shaol:

Is deacair caitheamh anuas orthu ar shlí mar sin an cinneadh atá déanta acu agus níl mise chun caitheamh anuas orthu ach eh an rud a déarfainn ná ní ceart / is dócha is rud luachmhar é an teanga agus is dóigh liom gurb é ceann des na luachanna ia mó a fuaireas ó mo thuismitheoirí féin gur oscail sé an saol seo ar fad dom a bheadh dúnta agus nach mbeadh ann munar labhair siad an teanga liom em / so an rud a déarfainn nó gur chun leas na bpáistí i gcónaí a bheadh sé an Ghaeilge a labhairt leo (G17, 111).

Dar le J2, bean 48 bliain d'aois, cheilfí cuid dá oidhreacht Ghaelach ar an bpáiste mura labhrófaí Gaeilge leis:

Tá sé ana-bhrónach [...] agus dúirt cara liom é sin freisin / uchtaíodh í mar pháiste agus nuair a chuaigh sí lena máthair nádúrtha / teacht ar an máthair fuair sí amach go raibh Gaeilge ag an mháthair sin gur tháinig sí ó Ghaeltacht Dhún na nGall agus chuir sé ana-fhearg uirthi bhuel bhí fearg uirthi pé scéal é go raibh brú ar an mháthair í / í a thabhairt uaithi ach chuir sé fearg uirthi freisin gur ceileadh a hoidhreacht Gaelach uirthi mar gheall ar a tharla dá máthair agus di siúd nuair a rugadh / nuair a rugadh í so ceapaim gur rud fíorbhrónach atá ann mar tá tú ag ceilt oidhreachta / ní chosnaíonn sé aon airgead ort do pháistí a thógáil le Gaeilge / cosnaíonn sé am b'fhéidir is dua ach nach é an rud is nádúrtha go dtógfá do pháistí le do theanga féin? [...] so cuireann sé fearg orm agus cuireann sé brón orm nach dtugann aon tuismitheoir a theanga nó a dteanga dhúchais féin do na páistí (J2, 93).

Áitíonn G2 go mbíonn lagmhisneach nó easpa muiníne ar mhuintir na Gaeltachta faoina gcuid Gaeilge go minic toisc a chasta atá an staid shochtheangeolaíoch ann agus mar sin gur cheart an cáineadh a sheachaint:

Ní fúmsa atá sé le breithiúnas a dhéanamh ar éinne agus bíonn cúinsí pearsanta ag / agus mé féin rud amháin a thugas faoi ndeara agus an teagmháil ata agamsa le muintir na Gaeltachta ná gur gach aon duine acu tá braitheann siad easnamhach braitheann siad easnamh éigin ina gcuid Gaelainne b'fhéidir nach bhfuil Gaelainn ag an athair sa gclann nó b'fhéidir gur tógadh duine eile nó gur saolaíodh duine eile thar sáile (G2, 148).

Léiríonn an sliocht seo as agallamh le J1, bean 33 bliain d'aois, go gcreideann sí go bhfuil freagracht ar nuachaintoirí Gaeilge a labhairt lena gclann toisc nach féidir brath ar an aistriú teanga sa Ghaeltacht. Tá páiste ag an mbean seo ach thóg sí le Béarla é toisc nach raibh Gaeilge rómhaith aici ag an am agus nach raibh mórán machnaimh déanta aici ar an gceist seo. Tá aithreachas uirthi faoi sin anois:

Mura bhfuilimidne á dhéanamh cé bheadh á dhéanamh? Agus is é an rud céanna is / deir daoine cén fáth go bhfuil an rialtas / an stát ag caitheamh an oiread airgid ag caomhnú na Gaeilge mura bhfuil na hÉireannaigh chun é a dhéanamh níl na daoine sa Spáinn nó na daoine sa Rúis níl aon duine eile ann chun é a dhéanamh agus an chéad áit a dtosnaíonn sé ná leis an gclann [...] mura bhfuil an t-aistriú sin sna glúin agat níl faic agat is cuma faoi teilifís agus faoi / tá tú tú ag togail / teach cartaí gan an bhunús sin a bheith agat ar chor ar bith (J1, 121).

Os a choinne sin, níl G1 cinnte an le Gaeilge a thógfadh sé a chlann dá mbeadh páistí aige toisc go mbaineann an oiread dá chúlra cultúrtha agus oidhreacht le Béarla na hÉireann. Mar sin féin, is tábhachtach dó go mbeadh eolas ag na páistí ar an nGaeilge:

Ó thaobh dá mbeadh páiste agam a thógáil i nGaeilge níl a fhios agam mar ní bheadh a fhios agam faoi na cúinsí pearsanta a bheadh ann / tá sé an-deacair páistí a thógáil le Gaeilge / caithfidh mé a smaoineamh arís ar mo chúlra féin em eh bheadh sé cineáilín mí-nádúrtha sílim go mbeadh teanga dá labhairt agam leis dá mbeadh páistí agam leis na páistí nach mbeadh ag na seanthuistí eh bheadh sé sin aisteach agus deacair sílim thógfadh sé deacrachtaí agus an cheist a chur tú maidir le úinéireacht / eh ní maith liom cineál nach mbeadh tuiscint mhaith ag páistí dá mbeadh páistí agam ar an gcineál Béarla atá agam féin eh dá mbeadh cineál aithne mhaith acu orm féin / sílim go mbeadh orthu an aithne sin a fháil tríd an mBéarla b'fhéidir [...] / ba mhaith liom dá mbeadh siad eolasach ar chultúr na hÉireann agus tá Béarla na hÉireann mar chuid den chultúr sin anois chomh maith leis an nGaeilge / ach tá sé an-tábhachtach go mbeadh siad eolasach ar an nGaeilge chomh maith (G1, 126).

9. Idé-eolaíochtaí nuachainteoirí i leith na Gaeltachta

D'eascair líon ollmhór ábhair as na sonraí faoi idé-eolaíochtaí agus féiniúlachtaí na nuachainteoirí ach ceal spáis táimid chun díriú ar fhothéama amháin .i. idé-eolaíochtaí na nuachainteoirí i leith urlabhra agus chainteoirí na Gaeltachta. Cé gur luaigh formhór na rannpháirtithe an Ghaeltacht bealach amháin nó bealach eile, bhí dearcaí idir dhiúltach agus dearfach ina measc i leith dhlisteanacht urlabhra na Gaeltachta mar sprioctheanga nuachainteoirí.

9.1 Dlisteanacht an chainteora Gaeltachta agus ceisteanna úinéireachta

Ba théama é ról na Gaeltachta agus cainteoirí Gaeltachta mar eiseamláirí teangeolaíoch a tháinig chun cinn arís is arís eile sna sonraí. Tháinig an topaic chun cinn i mbealaí éagsúla, ach go nádúrtha i lár comhrá nuair a d'fhiafraíomar de rannpháirtithe a gcumas Gaeilge a mheas nó trí iniúchadh níos díri ó na taighdeoirí. I gcás fhormhór na n-agallaithe, cuid dá bhfeasacht agus dá dtuiscint ab ea an Ghaeltacht agus chuir siad béim láidir ar an ngá atá leis an nGaeltacht a choinneáil beo. I gcás go leor díobh úsáideadh mar acmhainn foghlama í agus mar cheann scríbe chun a nGaeilge féin a fheabhsú agus mar eiseamláir dá gcuid Gaeilge. Tá cúpla sampla de sin ann.

Dúirt B10, bean 54 bliain d'aois as ceantar tuaithe nach bhfuil sa Ghaeltacht, go mbeadh sé deacair an teanga a choinneáil beo gan an Ghaeltacht toisc nach mbeadh ceann scríbe ann di siúd ná d'fhoghlaimeoirí eile cosúil léi:

Oh yeah sin ceart muna bhfuil an Gaeltacht ann bheadh sé an-deacair [...] muna bhfuil na Gaeltachtaí ann ní bheadh aon kind of destination againn agus yeah yes ba cheart iad a choimeád (B10, 76).

Dhein go leor de na daoine a chuireamar faoi agallamh nasc soiléir idir Gaeilge 'mhaith' a labhairt agus daoine arb as an nGaeltacht dóibh. Bhí sé seo ar aon dul leis an íslíú céime a shíl nuachainteoirí a bhí tuillte ag a mbealach féin leis an nGaeilge a labhairt. Chuir B11, ábhar oide 23 bliain d'aois, in iúl toisc gur tógadh daoine sa Ghaeltacht ag labhairt na Gaeilge go bhfuil an teanga acu 'níos nádúrtha'. Mar a fheictear sa sliocht thíos, déanann sí comparáid idir sin agus a Gaeilge 'foghlamtha' ó Ghaelscoil nach bhfuil gan braistint áite aici agus nach bhfuil blas áitiúil ar bith uirthi:

Agus an bhfuil mórán difríocht idir do chuid Gaeilge agus Gaeilge atá ag na daoine sin ón nGaeltacht? (B11-I, 41)

Ó bheadh yeah bheadh Gaeilge níos fearr acu ar ndóigh mar tógadh le Gaeilge iad agus em bheadh sé níos nádúrtha acu ná mar atá agamsa (B11, 42)

Nuair a deir tú níos fearr cén fáth a deireann tú é sin? (B11-I, 43)

Em bhuel is dócha go bhfuil sé níos flúirsí acu tá mé sách flúirseach mé féin agus Gaeilge foghlamtha atá agam Gaeilge saghas Gaelscoile atá agamsa agus an Ghaeilge a bheadh acu siúd tá sé níos nádúrtha (B11, 44)

Nuair a deireann tú Gaeilge Gaelscoile cén saghas Gaeilge í sin? (B11-I, 45)

Eh níl mé cinnte i ndáiríre *really just* em ní canúint ar leith é *it's just* / ní bhaineann sé le aon canúint ar leith is dócha (B11, 46).

Cuireann B12, cainteoir saineolach 25 bliain d'aois, in iúl go bhfuil sí ar aon intinn faoi seo den chuid is mó, ag rá go mbíonn '*real* blas' ag daoine ón nGaeltacht agus gur Gaeilge 'saghas caighdeánach' atá aici féin. Cé go nglacann sí ar bhealach leis an tslí a labhraíonn sí féin, braitheann sí go bhfuil gá mór ann am a chaitheamh sa Ghaeltacht mar aon le go leor nuachainteoirí eile:

Agus cén saghas Gaeilge a bhí acu i gcomparáid le do chuid Gaeilge? (B12-I, 41)

Bhí níos mó nathanna acu / ceapaim go bhfuil Gaeilge saghas caighdeánach agam *you know* tá an *real* blas acu agus nathanna agus úsáideann siad *I don't know* abairtí deasa is féidir leo abairtí deasa a chur le chéile agus *just* cheap mé go raibh do labhair siad chomh tapa freisin *you know* thóg sé cúpla nóiméad domsa chun *kind of* é a thuiscint *but* sin a cheap mé *anyway* (B12, 42)

Agus an féidir é sin a fhoghlaim dar leat an bhfuil sé ar intinn agat an blas sin a fhoghlaim duit féin nó an bhfuil tú sásta le do bhlas féin? (B12-I, 43)

I think tá mé sásta le mo bhlas féin ach ba bhreá liom níos mó nathanna nádúrtha a fhoghlaim a úsáideann siad sa bhaile *but I think* chun é sin a fhoghlaim caithfidh tú tréimhse fada a chaitheamh leo ag labhairt leo agus ag éisteacht leo chun é a phiocadh suas (B12, 44)

Sa Ghaeltacht? (B12-I, 45)

Sa Ghaeltacht *yeah* (B12, 46).

Tá B13 ar scor anois agus páirteach go gníomhach ina cuid Gaeilge a fheabhsú trí pháirt a ghlacadh i ngrúpaí seachtainiúla comhrá go háitiúil; labhraíonn sí go follasach faoi 'proper pronunciation' na gcainteoirí Gaeltachta agus lorgaíonn sí cainteoirí dúchais ina hiarracht le haithris a dhéanamh air, agus tugann sí 'learner Irish' ar a cuid Gaeilge féin:

They have wonderful Irish [...] I started speaking to him in Irish and he we had the most amazing conversation yeah beautiful Irish (B13, 100)

And when you say beautiful Irish what do you mean by? (B13-I, 101)

There was a flow there was a blas I would consider my Irish now as em eh learning the whole time trying to put sentences together eh but I suppose it's the new type of way that Irish is spoken (B13, 102).

Níl ag éirí le B13 teacht ar an nGaeilge is fearr, dar léi. Cruthaíonn sé sin teannas uaireanta toisc gur gá cuairteanna a thabhairt ar choláistí samhraidh chun teacht ar Ghaeilge mar sin, cuairteanna a chreideann sise a bheith costasach agus nach féidir le cách íoc astu.

Tháinig an meas ar bhlas na Gaeltachta chun cinn arís is arís eile sna comhráite leis na nuachainteoirí. Labhraíonn B14, múinteoir óg bunscoile a oibríonn i gcoláiste samhraidh Gaeilge faoi na ‘fuaimeanna’ agus ‘an-bhlas’ cuid de na cainteoirí a bhfuil aithne aici orthu agus a bhfuil an-mheas aici orthu. Mar a deir sí:

Bhí an-bhlas acu agus bhí difríochtaí ann *just* / na fuaimeanna sin é / sin cad a dúirt mo léachtóir liom [...] bhí Gaeilge piochta agam mar ábhar ealaíne agus dúirt sí / *just* caithfidh tú obair ar an tslí a deireann tú rudaí / tá tú cruinn nuair a bhíonn tú ag scríobh ach *you know* na focail / na fuaimeanna / caithfidh tú saghas blas éigin a chur isteach ann / *so* tá difríochtaí ann cinnte (B14, 26).

Leagann G15, 26 bliain d’aois, béim ar thábhacht Ghaeilge na Gaeltachta toisc gur nasc í leis an am atá thart agus bealach údarach le labhairt dar leis. Tá sé i gcoinne canúint Bhaile Átha Cliath nó canúint níos uirbí a chruthú.

An chaoi a mbreathnaímse air sin ná níl ach oiread sin stádas le scaipeadh / le dáileadh ar phobal na teanga trí chéile agus dá mhéid is a chuirfinn stádas nó gradam nó lárchanúnú ar chanúint Bhaile Átha Cliath nó cibé cén téarma atá air anois eh ‘sé is mó a bhaineann sé de stádas na Gaeltachta féin agus dá bhrí sin in ainneoin go bhfuil muid uilig ar son na teanga ar bhealaí éagsúla em braithim go ndéantar faillí agus go ndéantar fiú amháin beag is fiú más i ngan fhios dúinn féin é ar em ar Ghaeilge na Gaeltachta agus ar ndóigh tá sé i bhfad níos tábhachtaí go mbeadh Gaeilge na Gaeltachta ann ná lárchanúintí (G15, 58)

Cad ina thaobh go bhfuil Gaeilge na Gaeltachta níos tábhachtaí? (G15-I, 59)

An bearna neamhbhriste sin a bheith ann maidir le féiniúlacht an phobail mhóir tá sé sách tábhachtach dúinn braithim go mbraithimid ceangal le / leis na / leis na glúnta siar lenár sinsir agus mar sin de tá sé sin sách fealsúnta agus ní hé go luíonn sé go trom orm ó lá go lá ach mar sin féin em tá sé níos luachmhaire *de facto* an ceangal sin a bheith neamhbhriste ná briste mar a bheadh abair ar Oileán Mhanann (G15, 60)

[...]

Ach tá, is léir go bhfuil luach ard agat ar chaint na ndaoine sin i dtéarmaí ginearálta? (G15-I, 63)

Tá luach an-ard agam ar an gcainteoir dúchais a dhéanfas iarracht an teanga a choinneáil beo agus atá sásta smaoineamh go doimhin faoi na focail a úsáideann sé nó sí ó lá go lá ar an / ar an gcineál sin duine a dhéanfadh iarracht comhfhiosach an Béarla a sheachaint má chreideann sé nó sí gur / go bhfuil sé ar son na teanga (G15, 64).

Déantar idéalú ar urlabhra Gaeltachta ach mar sin féin creideann go leor nuachaintoirí go bhfuil sé dodhéanta í a bhaint amach. Cé gur labhair go leor nuachaintoirí faoi iarrachtaí aithris a dhéanamh ar urlabhra Gaeltachta, bhraith siad nach mbeadh cuma chomh ‘nádúrtha’ ar a n-urlabhra agus a bheadh ar urlabhra duine a tógadh i gcuid den tír ina labhraítear an Ghaeilge go traidisiúnta.

9.2 Dúshláin roimh dhlisteanacht urlabhra na Gaeltachta

Cé go bhfuil meas aici ar fhoghraíocht na Gaeltachta, cuireann B14 idé-eolaíochtaí nach bhfuil chomh dearfach céanna in iúl faoi urlabhra na Gaeltachta freisin. Deir sí go bhfuil an tslí a labhraíonn sí difriúil ach dlisteanach. Mar nach as an nGaeltacht di, braitheann sí nach mbeidh aon duine den tuairim riamh gur de bhunadh na Gaeltachta í. Ina cás siúd, tá sé níos tábhachtaí go labhródh sí Gaeilge nach bhfuil ‘chomh nádúrtha’ seachas gach aon Ghaeilge a labhairt ar chor ar bith:

An mbíonn an blas sin ag daoine taobh amuigh den Ghaeltacht? (B14-I, 27)

Ní dóigh liom go bhfuil / ní dóigh liom / déanann sé sin ciall mar ní rugadh mise le Gaeilge, agus ní rugadh daoine le Gaeilge ó bhíodar // so // tá sé deacair a rá / is féidir é sin a fhoghlaim is féidir é sin a phiocadh suas ach ní dóigh liom go mbíonn sé chomh nádúrtha ag na daoine is a bhíonn sí leis na daoine sa Ghaeltacht agus má tá caithfidh tú iarracht a dhéanamh an blas sin a thaispeáint agus bíonn ort / not fiú ag smaoineamh air ach bíonn / cuireann tú béim ar fhocail áirithe chun an blas sin a thaispeáint / b’fhéidir nach dtagann sé amach chomh nádúrtha / ach sin mar a bhíonn sé againn / bhíos ag caint le [ainm an duine] agus dúirt sé ‘Níl muid ón nGaeltacht / táimid i gContae [ainm] / canathaobh go mbeadh an blas céanna againn is atá ag na daoine ón nDaingean?’ So sin é / ar a laghad tá Gaeilge againn / so / sin an rud is tábhachtaí! (B14, 28)

Tá caint nádúrtha gar d’urlabhra Gaeltachta ag G2, 29 bliain d’aois, agus léiríonn sí seasamh doiléir ina leith freisin. Ar lámh amháin tugann sí tús áite don Ghaeltacht i dteannta idé-eolaíocht íonaíoch a thacaíonn leis an dearcadh gur chóir an Ghaeilge a choinneáil ‘glan’ ar thionchar an Bhéarla. Mar shampla, labhraíonn sí faoi ‘an Ghaelainn a choimeád Gaelach’ (G2, 106). Ar an lámh eile, ní maith léi an fheitis a bhaineann le cainteoir dúchais na Gaeilge,

agus aithníonn sí cé nach bhfuil a Gaeilge nuachainteora féin gan locht, go bhfuil sí bródúil as a hiarrachtaí chun a bheith níos líofa.

Cé go gcreideann go leor nuachainteoirí go bhfuil an Ghaeltacht tábhachtach do thodhchaí na teanga, aithníonn siad freisin go bhfuil fírinne shochtheangeolaíoch ag teacht chun cinn lasmuigh de na pobail thraidisiúnta Ghaeilge, agus go bhfuil baint acu féin mar nuachainteoirí le múnla an tsaoil nua sin:

Ó sin ceist [...] an bhfuil gá le Gaeltacht? Bhuel ó thaobh *I suppose* ó thaobh pleanála de agus a leithéid / tá sé deacair an cheist sin a fhreagairt / an gá le Gaeltacht? Ceapaim go bhfuil gá le Gaeltacht / caithimid dul ar ais go dtí áit éigin a bhfuil sórt / nádúrtha [...] níl sé scriosta ag aon duine eile (B14, 66)

An bhfuil go leor cainteoirí Gaeilge taobh amuigh den Ghaeltacht? (B14-I, 67)

Tá cinnte / *sure* / bímse / tá Gaeilge agam agus ag na daoine anseo / níor rugadh aon duine againn aon duine a bhí tusa ag caint le / níor rugadh muid le Gaeilge ar chor ar bith / *so yeah* tá Gaeilge lasmuigh de na Gaeltachtaí go háirithe anois de bharr go bhfuil an-chuid Gaelscoileanna / Gaelcholáiste / tá an-chuid / tá / tá an-éileamh orthu chomh maith / tá stádas faoi leith ag baint leis an teanga anois / is rud iontach é sin (B14, 68).

Tagann meas ar an urlabhra Gaeltachta le brón agus cumha go minic go bhfuil an chaint thraidisiúnta ag imeacht mar a léirítear sna sleachta thíos ó B20, gníomhaí teanga 55 bliain d'aois. Tá iarracht mhór déanta aige a chinntiú go bhfuil a chuid Gaeilge fréamhaithe sa chanúint áitiúil agus thug sé faoi staidéar cuimsitheach ar na canúintí marbha ó cheantar a bhíodh ina Ghaeltacht. Tá sé den tuairim freisin gur chóir an Ghaeltacht a choimeád mar cheantar Gaeilge agus cáineann sé beagán na cainteoirí Gaeltachta atá ag iompú ar an mBéarla:

Taobh istigh den Ghaeltacht ba cheart Gaeilge stairiúil a bheith ag gach cainteoir ó dhúchas gan iompú ar an mBéarla / sin an riail ach níl siad ann *you know?* / nuair a bhímse ag éisteacht le Raidió na Gaeltachta anois ní bhímse ag éisteacht le Raidió na Gaeltachta anois le bliain anuas ach ní minic a chloiseann tú cainteoir ó dhúchas fíorchainteoir ó dhúchas mar níl siad ann níos mó tá siad ar fad san uaigh faoin am seo *you know?* Ach taobh amuigh den Ghaeltacht *yeah* is dóigh liom cainteoir maith agus leithéidí [Áine] ansin *yeah* agus [Mícheál] / an raibh tú ag caint le [Mícheál]? (B20, 226)

...tá siad ag dul i dtreo an Bhéarla // ní labhraíonn siad go nádúrtha níos mó agus tá siad ag déanamh praiseach den rud ar fad (B20, 42).

I gcás nuachainteoirí eile, aithníodh go minic cé go bhfuil an Ghaeltacht tábhachtach nach í an t-aon samhail de phobal comhaimseartha Gaeilge í agus gur chóir roinnt aitheantais a

thabhairt do na ‘foghlaimoirí’, ar mó a líon creidtear. Bhí roinnt argóintí contrártha soiléire ann i leith idéal an chainteora dúchais, ar nós B1, cainteoir níos óige a bhraitheann nach bhfuil nasc ar bith idir cainteoirí dúchais agus an Ghaeltacht. Creideann sise gurb ionann cainteoirí dúchais Gaeilge agus daoine ‘a labhair an teanga i gcónaí’ beag beann ar an áit arb as dóibh (B1, 110).

Chuir B6, bean 45 bliain d’aois ó Bhaile Átha Cliath a bhog go ceantar leath-thuaithe agus a bhfuil a hiníon ag freastal ar Ghaelscoil, idé-eolaíocht dá leithéid in iúl freisin.

Labhair é is cuma liom LF *you know* tuigim go bhfuil na fuaimeanna ana-thábhachtach ach tá sé níos tábhachtach iarracht a dhéanamh *you know* // níl mé as an Gaeltacht *you know* ní raibh mé riamh i mo chónaí ann tá Gaeilge as Baile Átha Cliath agam so sin é *you know* agus déanaim iarracht agus *you know* duine eile is mise duine eile a labhraíonn an Ghaeilge (B6, 199)

You know it’s a kind of a thing of a them and us situation and they don’t they’re not interested in the life of the language and the language being kept going they see it as theirs and you’ve no right to it we’re all of the same nationality and it’s just you know by the grace of God that they were born where they were born and you know for anyone else who’d like to learn Irish and wasn’t brought up in an Irish speaking home it’s unfortunate you know // the attitude has to change but the government has to change it as well and it wouldn’t do any harm to take to change the status and to give places like [name of place] and places where they make an effort to keep the language alive (B6, 356).

Cé gur aontaigh B5, 55 bliain d’aois as ceantar breac-uirbeach sa tír, go bhfuil cainteoirí dúchais tábhachtach má tá an teanga le coimeád beo, leathnaigh sé an raon lasmuigh den Ghaeltacht chun na meáin Ghaeilge a chuimsiú m.sh. TG4 agus Raidió na Gaeltachta ar acmhainní tábhachtacha iad dar leis do dhaoine cosúil leis féin atá ina gcónaí lasmuigh den Ghaeltacht:

An féidir an teanga a choimeád beo gan na cainteoirí dúchasacha? Muna bhfuil cainteoirí ... (B5-I, 71)

Ní dóigh liom gur féidir / caithfidh / caithfidh go leor / go leor / leis an teanga a chloisteáil caithfear iad a chloisteáil go minic agus *like* ó tharla go bhfuil Raidió na Gaeltachta againn sa tír seo agus TG4 tá sé sin á déanamh [...] tá i bhfad níos mó deiseanna ann ó tharla [...] gur cuireadh tús le Raidió na Gaeltachta agus TG4 / má smaoiníonn tú sa sean / sa seanaimsir nuair nach raibh Raidió na Gaeltachta ann nó TG4 ann is beag seans a bhí ag daoine éisteacht nó an teanga a chloisteáil ó lá go lae! *You know* an t-aon seans amháin a bhí acu ná dul go dtí an Ghaeltacht chun an teanga a chloisteáil, *you know?* So is maith an rud é sin *like* tá i bhfad níos mó seansanna ann anois agus ag smaoineamh ar [...] an méid Gaelscoileanna atá ag freastal ar an teanga i ngach aon / i ngach aon cuid den tír (B5, 72).

9.3 Úinéireacht na Gaeilge

I dteannta ceisteanna faoi dhlisteanacht agus an Ghaeltacht, bhí ceisteanna ann faoi úinéireacht na Gaeilge. Fiafraíodh de na rannpháirtithe ar bhraith siad gurb í an Gaeilge a dteanga nó an leo í? Thagair formhór na rannpháirtithe don Bhéarla mar a gcéad teanga nó mar a dteanga dúchais agus don Ghaeilge mar theanga ar mian leo a bheith níos cumasaí inti. Léiriú de sin is ea an sliocht seo a leanas. B10, bean 65 bliain d'aois, atá ar scor anois agus ar ball gníomhach de ghrúpa comhrá Gaeilge áitiúil í:

Má chuirtear ceist ort em cad í do theanga féin? (B10-I, 73)

Mo theanga féin *yeah* sin é ceist deacair *you know* mar gach lá bím ag caint as mBéarla ach bainim an-suim sa Béarla as bím ag léamh // *isn't that funny that question I suppose just Béarla really if I were to be really honest because you know I'll go to the library today I'll take out an English book as Béarla* (B10, 74).

Bhraith roinnt rannpháirtithe freisin nach raibh dóthain Gaeilge acu chun go dtabharfaí cainteoirí Gaeilge orthu nó nár úsáid siad í minic go leor. Is bean 55 bliain d'aois í B16 atá tiomanta, mar atá B10 thuas, dá cuid Gaeilge a fheabhsú trí pháirt a ghlacadh go rialta ina grúpa comhrá Gaeilge áitiúil. Mar a léiríonn sí thíos, ar fhoirm an daonáirimh b'fhearr léi an Ghaeilge a lua mar 'a teanga féin':

Má chuirtear an cheist ort cad í do theanga féin cad a déarfá? (B16-I, 138)

Well in the census in that / I'd put in both I think / ach I suppose I have to say English / that unfortunately / that's it's English yeah / I hate saying it / it's the language you're using but I'd say it with great reservation do you know? [...] / I'd prefer to say Irish but I don't speak enough [of] it / but I do put in both in the census / say I'm an Irish speaker (B16, 139).

Tógadh G20, bean 29 bliain d'aois, ag labhairt Gaeilge lasmuigh den Ghaeltacht. Cé go dtagraíonn sí don Ghaeilge mar a céad teanga, mar dhuine a tógadh lasmuigh den Ghaeltacht thraidisiúnta níl an dlisteanacht chéanna aici agus a bheadh ag cainteoir Gaeltachta 'ar leis' an Ghaeilge níos mó ná í:

An leatsa an Ghaelainn an dóigh leat, an dóigh leat gurb í do theangasa í an leatsa í mar theanga? (G20-I, 143)

Is liomsa í mar theanga *yeah* ach arís em braithim gur / gur le lucht na Gaeltachta í ar bhealach níos / níos láidre ná gur liomsa í (G20, 144)

Cad ina thaobh? (G20-I, 145)

Bhuel toisc gur / toisc gur as pobal Gaeltachta iad nó pobal na Gaeilge iad ach tógadh mise i dteaghlach Gaeilge taobh istigh de phobal Béarla so sin é an fáth (G20, 146)

Mar sin tá úinéireacht níos mó nó tá ceart níos mó ag lucht na Gaeltachta? (G20-I, 147)

Ní dóigh liom go bhfuil ceart níos mó ach ach b'fhéidir go bhfuil úinéireacht níos mó agus tá taithí níos fairsinge acu freisin ar / ar shaol iomlán a chaitheamh trí Ghaeilge ná mar atá agamsa (G20, 148).

10. Tuairimí Nuachainteoirí i leith an Bheartais Teanga

Braitheann cuid de na nuachainteoirí go bhfuil dualgas orthu a bheith báúil le seirbhísí Gaeilge agus úsáid a bhaint as na seirbhísí sin, sa chás go mbíonn siad ar fáil. Níl gach duine ar aon intinn faoi thábhacht na gceart teanga, áfach. Is ann do nuachainteoirí a bhíonn sásta dul ag agóidíocht ar mhaithe lena gcearta a éileamh agus is ann chomh maith céanna do dhaoine eile nach bhfuil chomh corraithe sin faoi na ceisteanna sin. Is gnách do nuachainteoirí ar saineolaithe iad a bheith níos míshásta leis an mbeartas teanga ná nuachainteoirí a bhfuil cumas níos teoranta acu.

10.1 Dualgas ar nuachainteoirí tacú le seirbhísí i nGaeilge

Creideann roinnt de na nuachainteoirí go gcaithfidh siad seirbhísí Gaeilge a úsáid, nuair is ann dóibh. Tá difríocht le sonrú idir tuaisceart agus deisceart maidir leis an gceist sin, áfach. Sa chás nach bhfuil cearta teanga ar fáil, leagtar béim ar ghníomhartha eile a bhféadfadh an nuachainteoir dul ina muinín chun cur le húsáid na Gaeilge.

Ba le Gaeilge a tógadh G20, 29 bliain d'aois. Creideann sí go gcaithfidh sí leanúint uirthi ag úsáid na Gaeilge toisc gur mionteanga í atá faoi bhagairt:

Braithim go bhfuil dualgas orm leanúint orm ag labhairt Gaeilge agus a bheith ag cosaint na teanga *you know* má fheicim comharthaíocht droch-chomharthaíocht nó rud éigin scairt a chuir ar an gCoimisinéir Teanga b'fhéidir / tá sé déanta agam ní dhéanaim é sách minic ach airím go bhfuil / níl a fhios agam ach ní hé / ní hé an dualgas amháin é *just is* / taitníonn an teanga liom níl a fhios agam (G20, 106)

[...] Cad a chruthaíonn an dualgas? G20-I, 107)

Toisc gur mionteanga í is dóigh *yeah* go bhfuil sí faoi bhagairt agus mura ndéanaimse é cé a dhéanfas é? Nach féidir linn a bheith ag brath ar dhaoine eile le chuile rud a dhéanamh *so yeah* (G20, 108).

Deir N2, fear 33 bliain d'aois a bhí gafa san am a caitheadh le polaitíocht na Gaeilge sa Tuaisceart, go bhfuil cearta teanga i bhfad níos teoranta ó thuaidh. In éagmais na gceart sin, leagann sé béim ar an úsáid is féidir a bhaint as an nGaeilge le cairde agus leis an teaghlach beag beann ar na húdaráis:

Dá mbeinn i mo chónaí ó dheas déarfainn go bhfuil cearta áirithe teanga agam / tig liom plé a dhéanamh leis an stát mar shampla i nGaeilge / tig liom mo chuid teastas agus mo chuid pháipéarachais ar fad a dhéanamh trí mheán na Gaeilge ó dheas / tig liom teacht ar oideachas Gaeilge / cuid is mó den am ó dheas gan stró bhuel tá fadhbannaí ansin chomh maith tá sé i bhfad níos fusa ó dheas / ó thuaidh níl an ceart agam teagmháil a dhéanamh leis an stát i nGaeilge / níl rochtain ar Ghaelscoileanna nó ar ranganna Gaeilge chomh forleathan agus a bheadh sé sa Phoblacht / so tá cearta áirithe agam ach is dócha nach gcaithim an oiread sin ama ag caint / ag smaointiú ar mo chuid cearta sna limistéir ina mbainim úsáid as an nGaeilge / níl cead dlíthiúil ag teastáil chun an Ghaeilge a úsáid // sin mo shaol sóisialta / mo shaol pearsanta tá sé

furasta go leor do Ghaeilge a úsáid agus tú i gcomhlúadar Gaeilge/ uaireanta bíonn daoine róspleách ar an stát chun rudaí áirithe a dhéanamh / tig leat go leor a dhéanamh laistigh de do shaol pearsanta féin / tig leat Gaeilge a labhairt le do pháistí agus timpeallacht Ghaeilge a chothú thart timpeall ort so níl cearta ar leith de dhíth orm chun é sin a dhéanamh / tig leat go leor a dhéanamh gan an t-ionchur stáit sin a bheith ann (N2, 45).

10.2 Tábhacht shuibhachtúil ag roinnt le cearta teanga

Cé gur dóigh le nuachaintoirí go bhfuil sé tábhachtach go ndéanfaí freastal orthu siúd ar mian leo a gcuid gnó a dhéanamh leis an stát trí Ghaeilge, ní éileoidís ar fad na cearta sin dóibh féin. Tá nuachaintoirí ann a bhíonn ag agóidíocht ar mhaithe lena gcearta a éileamh agus táthar ann ar an taobh eile nach n-éiríonn róchorraithe faoi na ceistanna seo in aon chor. Léiríonn na hagallaimh a cuireadh ar nuachaintoirí an Tuaiscirt nach bhfuil ach tacaíocht choinníollach acu d'acht teanga. I gcás na sleachta seo a leanas, is ceart a mheabhrú gur saineolaithe iad na cainteoirí go léir agus mar sin nach mbeadh aon bhac teangeolaíoch orthu úsáid a bhaint as seirbhísí Gaeilge dá mbeadh na seirbhísí sin ar fáil.

Tógadh G10, 28 bliain d'aois, le Gaeilge agus le Béarla agus cé go mbíodh dearcadh radacach i leith na Gaeilge aige, tá an seasamh sin maolaithe le blianta beaga anuas. Ní lorgódh sé seirbhísí Gaeilge mura bhféadfaí teacht orthu go héasca:

Domsa níl sé an-tabhachtach em go rachainn isteach go dtí an teach cúirte agus dá mbeinn / dá stopfaí mé sa charr agus mé ag ól nó rud éigin agus dá mbeinn sa teach cúirte ní bheadh fadhb ar bith agam Béarla a labhairt em dá mba rud é gur foirm Gaeilge a stop / nó go gcuirfeadh sé moill ar an gcás ní thaitneodh sé sin liom eh ní maith liom Gaeilge a iarraidh ach amháin má tá sé éasca é a dhéanamh eh má tá sé éasca an tseirbhís a fháil trí mheán na Gaeilge (G10, 208).

Dar le G15, 26 bliain d'aois, is tábhachtaí í labhairt shóisialta na teanga na seirbhísí an stáit a bheith ar fáil i nGaeilge:

Ní fear mór polaitíochta mé em / níl a fhios agam maidir le cearta agus mar sin de / is ea tá ba cheart go mbeadh sé de cheart againn ar fad ár rogha teanga a labhairt / maidir leis an bhfreastal sin a luann tú braithim féin dáiríre gur faoin duine atá sé an teanga a chur chun cinn seachas a bheith ag brath nó a bheith ag súil leis an Rialtas teacht i gcabhair orainn an rud / is éard a déarfainnse ná a fhad is nach gcuirtear isteach orainn / a fhad is nach gcuirtear inár gcoinne is muid ag labhairt na teanga fúinn féin atá sé (G15, 52).

Os a choinne sin, éilíonn J3, 26 bliain d'aois, seirbhísí Gaeilge i gcónaí. Admhaíonn sé go mbíonn frustrachas air go minic, áfach, agus léiríonn sé go dtuigeann sé an dúshlán a bhaineann le soláthar seirbhísí poiblí i dteanga mhionlaigh:

Go háirithe nuair a bhím ag iarraidh mo ghnó a dhéanamh leis an rialtas bím ag troid leo i gcónaí em ach fosta em aithním an saol mar atá sé agus ní bhímse riamh feargach le aon duine nach bhfuil Gaedhilg acu sa rialtas ach ba mhaith liom dá

dtiocfadh athrú air sin agus táim i gcónaí dóchasach go mbeidh na seirbhísí sin ar fáil / bíonn coimhlintí ann i gcónaí go háirithe agus tú ag caint teanga mionlaigh agus gur annamh go gcloiseann daoine í á labhairt uaireanta cuireann sé frustrachas ar dhaoine eile agus mar sin [...] cuireann sé frustrachas orm sílim (J3, 95).

Creideann N1, ar Protastúnach Tuaisceartach í, gur cheart cosaint dhlíthiúil éigin a thabhairt don Ghaeilge sa Tuaisceart ach nach gá go mbeadh gach seirbhís ar fáil i nGaeilge:

Bhuel is dóigh go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh acht na dteangacha i bhfeidhm leis an teanga a chosaint/ ach ní bhíonn sé i gcónaí riachtanach go mbeadh aistriúcháin as Gaeilge d’achan rud / sílim in san Pharlaimint nuair a labhrann achan duine Béarla ach tá sé tábhachtach go mbeadh cosaint éigin ag dul don teanga (N1, 43).

Deir N4 go raibh sé an-ghníomhach sa chéad mhórfheachtas ar son achta teanga sa Tuaisceart i 2007 agus 2008 ach go bhfuil a dhóchas tráite de bheagán ó shin. Creideann sé go mb’fhéidir gurbh fhearr an Ghaeilge a chur chun cinn ar bhonn na dea-thola i bhfianaise a ghoilliúnaí atá sí sa Tuaisceart:

Tá rud beag de dhóchas caillte agam sna feachtais sin / tá feachtas ag dul ar aghaidh faoi láthair agus tá achainí curtha isteach agam agus mar sin // ach níl mé cinnte // ní hé gur chaill mé dóchas gabh mo leithscéal sna feachtais / chaill mé dóchas in san maitheas a thiocfadh as acht Gaeilge sa Tuaisceart / b’fhéidir nach bhfuil mé chomh radacach céanna is a bhí uair den tsaol ach táim den tuairim go dtiocfadh an t-acht Gaeilge sa Tuaisceart tuilleadh fadhbanna a chruthú / táim féin i bhfabhar cur chun cinn na Gaeilge ag brath ar dhea-thoil a chruthú don Ghaeilge [...] / sílim má ghlactar le hacht Gaeilge a thabhairt isteach agus má bhrúitear an Ghaeilge ar chodanna áirithe den phobal ó thuaidh go gcruthóidh níos mó fuath dó na mar atá ann cheana féin / *I mean* tharla sé sin anseo ó dheas cé go bhfuil pobal níos báúla don teanga / tháinig an fuath chun cinn tríd an Ghaeilge a bheith brúite ar dhaoine (N4, 45).

Is mó an seans go mbeidh na nuachainteoirí ar saineolaithe iad níos míshásta leis an mbeartas teanga nó go mbeidh frustrachas orthu faoi. Toisc go bhfuil cumas níos fearr acu sa Ghaeilge, is féidir leo úsáid níos minice a bhaint as seirbhísí Gaeilge an stáit nó na seirbhísí sin a lorg agus mar sin, faigheann siad taithí ar chaighdeán nó ar éifeacht na seirbhísí céanna. I gcás na gcainteoirí a bhfuil cumas níos teoranta acu, is cosúil go bhfuil sé tábhachtach dóibh go mbeadh beartas teanga ann ach ní gá go mbeadh ar a gcumas tástáil ghníomhach a dhéanamh ar ghnéithe den bheartas sin.

Léiríonn G16, 30 bliain d’aois, frustrachas faoin dua a bhaineann le seirbhísí Gaeilge a úsáid nó a lorg toisc nach mbíonn siad ar fáil i gcónaí. Tugann sí le fios nach n-aithnítear an iarracht bhreise i gcónaí agus áitíonn sí nár cheart Gaeilge an nuachainteora a cheartú ná a cháineadh má tá an duine sin ag úsáid seirbhísí Gaeilge an stáit:

Ba cheart go mbeadh daoine in ann em Gaelainn a labhairt agus ná beidís faoi bhrú agus ná beadh *kind of you know* ‘tabhair an bata mór amuigh’ má dhéanann tú botún ná beadh éinne do do cheartú ní maith liom féin é nuair a dhéanann daoine mé a

cheartú *you know* táim ag snámh in aghaidh easa gach lá ar son na cúise so tóg go bog é *you know* tá mé ag déanamh mo dhicheall LF agus nuair a bhím istigh sa leabharlann agus nuair a bhímse ag iarraidh Gaelainn a labhairt agus rudaí a fáil trí Ghaelainn / i gcónaí ag snámh in aghaidh an easa foirmeacha a fháil trí Ghaelainn so má bhíonn daoine ag gearán liomsa *just* ní maith liom é déanta na fírinne ach em caithfidh an óige a mholadh agus deireadh a chur leis an mbata mór (G16, 140).

Os a choinne sin, cé gur cainteoir líofa é B45, léiríonn sé sástacht gurb ann do na seirbhísí Gaeilge. Cé nach ar mhaithe le deiseanna fostaíochta a labhair sé Gaeilge lena chlann féin, is maith leis gur féidir gnó a dhéanamh leis an stát trí Ghaeilge anois:

D'fhéadfá a rá b'fhéidir go bhfuil an Ghaeilge i measc na rudaí i measc na huirlisí a theastaíonn uaim a thabhairt do mo pháistí chun go mbeadh Gaeilge acu ach níl mé ag iarraidh go mbeadh aon duine ag bronnadh post orthu díreach ar an gcúis sin amháin gur féidir leo Gaeilge a labhairt tá rudaí i bhfad níos tábhachtaí sa saol ach is maith liom anois go bhfuil mé in ann an fón a ardú anois agus glaoch ar an oifig cánach agus mo chuid gnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge agus is breá liom é sin agus ní fhaigheann siad mórán glaonna mar sin san oifig agus is dóigh liomsa nuair a ghlaonn tú ar oifig mar sin agus nuair a chuireann tú *press one* chun do chuid gnó a dhéanamh trí Ghaeilge an duine a bhíonn tú ag labhairt [leis] bhuel tá meon comónta agat tuigean siad tú / Gaeilgeoirí / is cainteoir Gaeilge iad sin chomh maith (B8, 86).

11. Conclúidí

Sa tuarascáil seo bheartaíomar anailís a dhéanamh ar chuid den chorpas reatha sonraí faoi nuachaintoirí na Gaeilge. Bunaithe ar shampla 46 agallamh agus roinnt comhfhreagras breise le hagallaithe, dheineamar anailís ar na sonraí faoi thrí mhór-réimse: cúla sochtheangeolaíoch na nuachaintoirí, úsáid na Gaeilge ina measc agus a n-idé-eolaíochtaí ina leith.

11.1 Torthaí na tuarascála

Léiríonn an tuarascáil gur as éagsúlacht cúlaí sochtheangeolaíocha iad na nuachaintoirí Gaeilge, i dtéarmaí a dtógála agus a dtaithí ar an gcóras oideachais. Tógadh a bhformhór i dteaghlaigh aonteacha Béarla agus shealbhaigh siad an Ghaeilge tríd an gcóras oideachais. Ach chuala líon níos lú roinnt Gaeilge ó dhaoine muinteartha leo ina n-óige nó d'fhás siad aníos i dteaghlaigh inar úsáideadh roinnt Gaeilge. Bhí meon thar a bheith dearfach i leith na Gaeilge ag tuismitheoirí nó piaraí eile roinnt rannpháirtithe. D'fhreastail a bhformhór ar scoil Bhéarla ach thuairiscigh go leor acu gur spreag a múinteoirí Gaeilge iad. D'fhreastail roinnt ar Ghaelscoileanna nó i gcás an chohóirt is sine ar na scoileanna stairiúla 'A' a chuir oideachas trí mheán na Gaeilge ar fáil freisin. Léiríonn an tuarascáil nach mbíonn gach taithí oideachasúil ar an nGaeilge diúltach agus go bhféadfadh taithí dhearfach daoine a spreagadh le bheith ina nuachaintoirí níos déanaí ina saol.

Tuairiscíonn nuachaintoirí éagsúlacht *mudes* nó cora ríthábhachtacha ina saol nuair a dhein siad athrú suntasach i dtreo úsáid na Gaeilge. Ba é an spreagadh ba choitianta do na hathruithe sin taithí ar an nGaeltacht, i gcoláiste samhraidh mar dhéagóir go minic. Ach thuairiscigh go leor cainteoirí cumasacha go raibh na blianta a chaith siad ar an ollscoil ríthábhachtach sa tslí is go raibh siad i dteagmháil le cainteoirí rialta eile lena linn, athrú sochtheangeolaíoch as ar eascair *muda* go minic. Sainithníodh spreagthaí a bhain le seasamh féiniúlachta agus idé-eolaíochta ar nós an náisiúnachais chultúrtha nó an fhrithdhomhandaithe freisin.

Léiríonn an tuarascáil go ndéanann nuachaintoirí féinmheastóireacht idir dhiúltach agus dearfach ar a gcumas Gaeilge. Cuireann fiú cainteoirí atá fíorchumasach in iúl go bhfuil siad fós ar aistear foghlama agus cé go ndéanann roinnt cur síos orthu féin mar chainteoirí líofa, go minic bíonn easpa muiníne acu i gcomparáid le cainteoirí Gaeltachta. Ach ní léir go mbíonn an imní chéanna ar dhaoine eile faoina leibhéal cumais agus creideann siad go bhfuil sé oiriúnach dá riachtanais ghairmiúla nó shóisialta.

Úsáideann nuachaintoirí an Ghaeilge i suíomhanna éagsúla. Déanann grúpa amháin cainteoirí cur síos ar an tslí a n-úsáideann siad an Ghaeilge i suíomhanna sóisialta níos teoranta ar nós an chiorcail comhrá. Míníonn daoine eile an tslí ar thosaigh siad ag úsáid na Gaeilge trí ghníomhaíochtaí cultúrtha ar nós an cheoil agus na drámaíochta. Tógadh roinnt nuachaintoirí le Gaeilge (nó le Gaeilge agus le Béarla) lasmuigh den Gaeltacht agus úsáideann siad fós lena gclann féin í. Ní labhraíonn daoine eile an Ghaeilge ag baile agus

braitheann siadsan ar an tumoideachas chun an teanga a sheachadadh dá gclann. Chuir roinnt daoine in iúl go bhfuil imní orthu toisc nach bhfuil gach cainteoir Gaeilge, idir nuachainteoirí agus chainteoirí Gaeltachta, ag tógáil a gclann le Gaeilge.

Níor deineadh anailís ach ar chuid bheag de na sonraí ar idé-eolaíochtaí agus ar fhéiniúlachtaí sa tuarascáil seo .i. iad siúd a bhaineann leis an nGaeltacht. Cé gur thagair beagnach gach cainteoir don Ghaeltacht agus dá hurlabhra, níor dhein gach duine gaisce díobh ar an tslí chéanna. Dhlisteanáigh cúpla nuachainteoir urlabhra na Gaeltachta mar an sprioc-urlabhra agus cainteoirí Gaeltachta mar a n-eiseamláirí. Chuir daoine eile in iúl go mb'fhearr leo leaganacha eile Gaeilge nach bhfuil chomh traidisiúnta céanna. Bhraith roinnt nuachainteoirí go raibh níos lú úinéireachta acu i leith na Gaeilge ná cainteoirí Gaeltachta.

Ar deireadh, chuir nuachainteoirí tuairimí éagsúla in iúl maidir leis an mbeartas teanga. Mhínigh roinnt daoine gur ghlac siad le ról níos gníomhaí, agus iad ag éileamh seirbhísí stáit trí Ghaeilge agus i mbun feachtais do chearta teanga go minic. Ní raibh an imní chéanna ar dhaoine eile faoi na dioscúrsaí sin agus b'fhearr leo díriú ar úsáidí sóisialta agus neamhfhoirmeálta na Gaeilge i measc cainteoirí Gaeilge seachas ar idirghníomhaíochtaí foirmeálta trí Ghaeilge leis na húdaráis.

11.2 Moltaí beartais

Deirtear sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge gurb é 'aidhm pholasaí an Rialtais i leith na Gaeilge ná úsáid agus eolas ar an nGaeilge a mhéadú mar theanga phobail ar bhonn céimiúil. Is aidhm ar leith de chuid an Rialtais é a chinntiú go bhfuil an oiread saoránach agus is féidir dátheangach i nGaeilge agus i mBéarla. Tá sé ina dhlúthchuid de bheartas an Rialtais i leith na teanga go ndéanfaí cúram agus soláthar ar leith don teanga sa Ghaeltacht go háirithe i bhfianaise an taighde a léiríonn go bhfuil géarchéim ann maidir le hinmharthanacht na Gaeilge mar theanga phobail agus theaghlaigh sa Ghaeltacht.

Is é aidhm pholasaí an Rialtais chomh maith:

- cur le méid na dteaghlach ar fud na tíre a bhaineann úsáid as an nGaeilge mar theanga chumarsáide laethúil;
- tacaíocht theangeolaíoch a sholáthar don Ghaeltacht mar phobal labhartha Gaeilge a thugann aitheantas do shainriachtanais na gceantar sin ina bhfuil an Ghaeilge mar theanga phobail agus theaghlaigh;
- a chinntiú chomh fada agus is féidir go mbeidh úsáid na Gaeilge nó an Bhéarla mar rogha ag an saoránach i ndioscúrsa poiblí agus i seirbhísí poiblí agus de réir a chéile go ndéanfaidh níos mó daoine ar fud an Stáit cinneadh a ngnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge; agus

- a chinntiú go mbeidh an Ghaeilge níos infheicthe sa tsochaí againn, mar theanga labhartha ag ár gcuid saoránach mar aon le bheith le feiceáil ar chomharthaí agus i litríocht’ (Rialtas na hÉireann 2010: 3).

Baineann go leor de na haidhmeanna beartais thuas le nuachainteoirí go sonrach agus dá bhrí sin is léir gur chóir go mbeadh tacaíochtaí sonracha spriocdhírithe do chainteoirí dá leithéid ina ndlúthchuid de bheartas an rialtais as seo amach.

Cé go bhfuil siad ag staideanna difriúla ó thaobh an chumais teanga, samplaí iad na nuachainteoirí sa tuarascáil seo de dhaoine a d’aistrigh ó thacaíocht don Ghaeilge go fíorúsáid na Gaeilge. Téama a thagann aníos arís is arís eile sna sonraí is ea na deacrachtaí a bhaineann leis an aistriú sin. Molaimid go bhforbrófaí bearta beartais chun tacú le daoine ar mian leo dul níos faide ná bheith ina bhfoghlaimeoirí Gaeilge agus bheith ina nuachainteoirí gníomhacha. Ina theannta sin, molaimid gur cheart tacaíochtaí breise a thairiscint do nuachainteoirí reatha chun tacú lena n-iarrachtaí a gcumas sa Ghaeilge a fheabhsú agus an úsáid a bhaineann siad aisti a mhéadú. D’fhéadfaí a áireamh i measc beart dá leithéid:

- ‘Spásanna sábháilte’ a chruthú ina bhféadfaí an Ghaeilge a labhairt go sóisialta. Ba cheart do spásanna dá leithéid freastal ar éagsúlacht leibhéal agus cúlraí, idir na daoine a bhfuil cumas teoranta acu agus na cainteoirí atá níos cóngaraí do chatagóir an tsaineolaí. Bheadh neartú ghréasán reatha na gciorcal comhrá i gceist leis sin agus éagsúlacht leathan spásanna nua sóisialta a chruthú don Ghaeilge i gcathracha agus i mbailte móra. Ba cheart go mbeadh réimse leathan i gceist le spásanna dá leithéid, ó ionaid fhisiciúla Ghaeilge go gníomhaíochtaí Gaeilge in áiteanna eile nach mbaineann leis an teanga de ghnáth. Tagraíonn an Straitéis 20 Bliain don ghá atá le forbairt a dhéanamh ar ‘ionaid acmhainní’ don Ghaeilge sna cathracha móra (Rialtas na hÉireann 2010: 25) ach níor deineadh aon dul chun cinn feiceálach chuige sin agus é seo á scríobh.
- Caithfear nuachainteoirí féideartha a chur ar an eolas faoin tslí lena gcomhtháthú i ngréasáin labhartha Ghaeilge atá ann cheana féin. Ba cheart do leasú curaclaim na Gaeilge ar an dara agus ar an tríú leibhéal ábhar oideolaíoch do scoláirí a chuimsiú, ina dtabharfaí treoir dóibh faoin tslí le páirt a ghlacadh i ngréasáin dá leithéid. D’fhéadfadh na moltaí oideachais sa Straitéis 20 Bliain, ar nós páirt-tumadh agus leasú suntasach ar oiliúint múinteoirí, líon mór nuachainteoirí a chruthú freisin (Rialtas na hÉireann 2010: 23-36) ach mar aon leis na hionaid acmhainní ní raibh aon dul chun cinn soiléir ar a bhfeidhmiú ach an oiread agus an tuarascáil seo á tabhairt chun críche.
- Léiríonn an tuarascáil an tslí a mbíonn imní shóisialta ar go leor nuachainteoirí faoi Ghaeilge a labhairt agus go mbíonn muinín íseal acu as a gcumas cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach le cainteoirí Gaeltachta. Ba chóir do thionscnaimh bheartais béim a leagan ar an tslí nach ionann i gcónaí a bheith i do chainteoir Gaeilge

agus glacadh le dul cainte traidisiúnta Gaeltachta agus go bhféadfadh cainteoirí cumasacha eile a bheith ina n-eiseamláirí do nuachainteoirí féideartha.

- Caithfear níos mó feasachta a fhorbairt i measc nuachainteoirí agus cainteoirí Gaeltachta araon faoi na cineálacha éagsúla cainteoirí lena n-airítear cainteoirí traidisiúnta agus próifílí éagsúla na nuachainteoirí a dtugtar breac-chuntas orthu i réamhrá na tuarascála seo. D'fhéadfaí aghaidh a thabhairt air sin i gcuraclam na scoile agus trí ionadaíocht níos leithne sna meáin ar a bhfuil i gceist le bheith i do chainteoir Gaeilge sa 21^ú haois. D'fhéadfaí cuntais phearsanta nuachainteoirí Gaeilge a úsáid chun nuachainteoirí féideartha a spreagadh. Moltar a leithéid a dhéanamh trí fheachtais feasachta nó craolta agus ar na meáin shóisialta a mhaoineofaí i gceart mar a tharla i gcomhthéacsanna teangacha mionlaigh eile ar nós na Catalóine (féach mar shampla Plataforma per la Llengua 2010). Laige mhór i mbeartas teanga na Gaeilge faoi láthair is ea a laghad feachtas dá leithéid a bhíonn go mór i mbéal an phobail.
- Is léir go bhfuil meas ag nuachainteoirí ar ról na Gaeltachta chun deiseanna sóisialta a chur ar fáil chun a gcuid Gaeilge a fhoghlaim, a chleachtadh nó a fheabhsú agus go gcreideann go leor díobh go bhfuil an Ghaeltacht riachtanach do thodhchaí na Gaeilge. Is léir nach leor an tacaíocht a thairgtear do phobail Ghaeltachta chun tabhairt faoi phleanáil teanga faoi Acht na Gaeltachta 2012. Caithfidh an rialtas tacaíocht airgeadais do thionscnaimh áitiúla pleanála teanga sa Ghaeltacht a mhéadú go mór, ionas go mbeadh sí i bhfad níos mó ná an leithdháileadh suarach atá ann faoi láthair.
- Gealltar san Acht Gaeltachta freisin 'Líonraí Gaeilge' a aithint lasmuigh den Ghaeltacht, a mbeadh nuachainteoirí cosúil leo siúd a phléitear sa tuarascáil seo in go leor díobh. Tá ríghá le breithniú a dhéanamh ar thaithí agus ar riachtanais nuachainteoirí dá leithéid nuair atá na gréasáin Ghaeilge sin á bhforbairt.

Tá an líon daoine a aistríonn go nuachainteoirí sách beag agus baineann nuachainteoirí dá leithéid a n-aidhmeanna amach d'ainneoin dúshlán mhóra go minic. Teastaíonn tuilleadh taighde chun tuiscint níos fearr a fháil ar idé-eolaíochtaí agus ar fhéiniúlachtaí na gcainteoirí sin agus ar a ról féideartha i bhforbairt na Gaeilge sa todhchaí. Ach is beag atá ar eolas againn faoi ghrúpa níos mó nuachainteoirí féideartha a bhfuil an toil acu Gaeilge a labhairt is cosúil ach nár tharla *muda* dóibh go fóill. D'fhéadfadh leibhéal cumais sách ard a bheith ag roinnt de na daoine sa ghrúpa sin ach is cosúil go gcuireann easpa deiseanna nó muiníne isteach ar a n-aistriú go nuachainteoirí. Teastaíonn i bhfad níos mó taighde chun tuiscint a fháil ar an gcúis a dtarlaíonn sé sin agus ar ar féidir a dhéanamh chun é a réiteach.

12. Tagairtí

An Phríomh-Oifig Staidrimh 2013. *Profile 9: What we know – Education, Skills and the Irish Language*. Corcaigh: An Phríomh-Oifig Staidrimh.

Berg, B.L., 2008. *Qualitative Research Methods for the Social Sciences* (7ú eagrán). Bostún & Londain: Allyn & Bacon.

Coimisiún na hIar-Ghaeltachta. 2000. ‘An Chéad Tuarascáil’. *An Aimsir Óg* (Cuid 2), 199-226.

Davies, A. 2003. *The native speaker: Myth and reality*. Clevedon, An Ríocht Aontaithe: Multilingual Matters.

Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Staidreamh agus um Thaighde. 2012. *Census 2011: Key Statistics for Northern Ireland*. Ar fáil ag: <http://www.nisra.gov.uk/archive/census/2011/results/key-statistics/summary-report.pdf>.

Mac Giolla Chríost, D. 2012. *The Irish Language, Symbolic Power and Political Violence in Northern Ireland, 1972-2008*. Caerdydd: University of Wales Press.

Maguire, G. 1992. ‘Resilience and versatility in an urban Gaeltacht’. In: Ó Baoill, D.P. (eag.) *Insealbhú na Gaeilge mar chéad teanga/Acquisition of Irish as a first language*. Baile Átha Cliath: Cumann na Teangeolaíochta Feidhmí, 43-53.

Murtagh, L. 2003. Retention and Attrition of Irish as a Second Language: *A longitudinal study of general and communicative proficiency in Irish among second level school leavers and the influence of instructional background, language use and attitude/motivation variables*. Rijksuniversiteit Groningen, tráchtas PhD.

Ortega, A., Urla, J., Amorrortu, E., Goirigolzarri, J. agus Urangu, B. 2015. ‘Linguistic identity among new speakers of Basque’. *International Journal of the Sociology of Language* 231: 85-105. Ar fáil ag: <http://www.degruyter.com/view/j/ijsl.2015.2015.issue-231/issue-files/ijsl.2015.2015.issue-231.xml>

Ó Béarra, F. 2009. ‘An Ghaeilge Nua agus Triall na Gaeilge’. In: Mac Craith, M. & Ó Héalaí, P. (eag.) *Diasa Díograise: Aistí i gCuimhne ar Mháirtín Ó Briain*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 257-276.

Ó Catháin, B. 2001. ‘Dearcadh an Teangeolaí ar Chomharthaí Sóirt Ghaeilge an Lae Inniu’. *Ceist na Teanga: Léachtaí Cholm Cille XXXI*. Maigh Nuad: An Sagart, 128-149.

Ó Curnáin, B. 2007. *The Irish of Iorras Aithneach, Co. Galway* [4 imleabhar]. Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn.

Ó Curnáin, B., 2009. ‘Mionteangú na Gaeilge’. In: Ó Catháin, B. (eag.) *Sochtheangeolaíocht na Gaeilge: Léachtaí Cholm Cille XXXIX*. Maigh Nuad: An Sagart, 90-153.

- Ó Curnáin, B. 2012. ‘An Chanúineolaíocht’. In: Ó hIfearnáin, T. & Ní Neachtain, M. (eag.) *An tSochtheangeolaíocht: Feidhm agus Tuairisc*. Baile Átha Cliath: Cois Life, 83-110.
- Ó Dónaill, É. 2000. “‘Tá sé suas duit féin’: Impleachtaí Mheath na Gaeilge do Mhúineadh na Teanga’. In: Mac Mathúna, L., Mac Murchaidh, C. & Nic Eoin, M. (eag.) *Teanga, Pobal agus Réigiún: Aistí ar Chultúr na Gaeltachta Inniu*. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 48-63.
- Ó Duibhir, P. 2009. ‘The spoken Irish of sixth-class pupils in Irish immersion schools’. Baile Átha Cliath: Coláiste na Tríonóide, tráchtas PhD sa Teangeolaíocht Fheidhmeach.
- Ó Giollagáin C. & Charlton, M. 2015. *Nuashonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: 2006-2011*. Na Forbacha: Údarás na Gaeltachta.
- Ó Giollagáin, C., Mac Donnacha, S., Ní Chualáin, F., Ní Shéaghdha, A. & O’Brien, M. 2007. *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: Tuarascáil Chríochnaitheach*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- Ó hIfearnáin, T. & N. Ó Murchadha. 2011. ‘The perception of Standard Irish as a prestige target variety’. In: T. Kristiansen & Coupland, N. (eag), *Standard Languages in a Changing Europe*. Osló: Novus Press, 97-104.
- Ó Murchú, H. (eag.) 2006. *Léargais: Pobail na Gaeilge 2006*. Baile Átha Cliath: Glór na nGael.
- Ó Murchú, H. 2007. ‘Cur chun cinn na Gàidhlig agus na Gaeilge sa Chathair’. In: McLeod, W. (eag.) *Gàidhealtachdan Ùra/Nua-Ghaeltachtaí*. Dún Éideann: Ollscoil Dhún Éideann, 5-18.
- Ó Riagáin, P. 1997. *Language policy and social reproduction in Ireland 1893-1993*. Oxford: Clarendon Press.
- Ó Riagáin, P. & Ó Gliasáin, M. 1979. *All-Irish Primary Schools in the Dublin Area: A sociological and spatial analysis of the impact of all-Irish schools on home and social use of Irish*. Baile Átha Cliath: Institiúid Teangeolaíochta Éireann.
- Ó Riagáin, D. 2011. ‘The Concept of Gaeltacht: Time to Revisit?’ In: Kirk, J.M. & Ó Baoill, D.P. (eag.) *Sustaining Minority Language Communities: Northern Ireland, the Republic of Ireland, and Scotland*. Béal Feirste: Cló Ollscoil na Banríona, 89-95.
- O’Rourke, Bernadette. 2011a. *Galician and Irish in the European Context: Attitudes towards Weak and Strong Minority Languages*. Palgrave: Basingstoke.
- O’Rourke, B. 2011b. ‘Whose Language is it?: Struggles for Language Ownership in an Irish Language Classroom’. *Journal of Language, Identity and Education*. 10 (5). 327-345.
- O’Rourke, B. agus Ramallo, F. 2011. ‘The native-non-native dichotomy in minority language contexts: comparisons between Irish and Galician’. *Language Problems & Language Planning* 35 (2), 139-159.

O'Rourke, B. agus Pujolar, J. 2013. 'From native speakers to "new speakers" – problematizing nativeness in language revitalization contexts'. *Histoire Épistémologie Langage* 35 (2), 47-67.

O'Rourke, B. agus Ramallo, F. 2013. 'Competing ideologies of linguistic authority amongst new speakers in contemporary Galicia'. *Language in Society*, 42, 287-305.

O'Rourke, B., Pujolar, J., agus Ramallo, F. 2015. 'New speakers of minority languages: the challenging opportunity – Foreword'. *International Journal of the Sociology of Language* 231: 1-20. Ar fáil ag:

<http://www.degruyter.com/view/j/ijsl.2015.2015.issue-231/issue-files/ijsl.2015.2015.issue-231.xml>

O'Rourke, B. agus Ramallo, F. 2015. 'Neofalantes as an active minority: understanding language practices and motivations for change amongst new speakers of Galician'. *International Journal of the Sociology of Language* 231: 147-165. Ar fáil ag:

<http://www.degruyter.com/view/j/ijsl.2015.2015.issue-231/issue-files/ijsl.2015.2015.issue-231.xml>

O'Rourke, B. agus Walsh, J. 2015. 'New speakers of Irish: shifting boundaries across time and space'. *International Journal of the Sociology of Language* 231: 63-83. Ar fáil ag:

<http://www.degruyter.com/view/j/ijsl.2015.2015.issue-231/issue-files/ijsl.2015.2015.issue-231.xml>

Pétervary, T., Ó Curnáin, B., Ó Giollagáin, C. & Sheahan, J. 2014. *Iniúchadh ar an gCumas Dátheangach: An sealbhú teanga i measc ghlúin óg na Gaeltachta*. Baile Átha Cliath: COGG.

Piller, I. 2002. 'Passing for a native speaker: identity and success in second language learning'. *Journal of Sociolinguistics* 6 (2): 179-206.

Plataforma per la Llengua 2010. *Guia per a nous i futurs parlants de català*. Barcelona: Fundació Vincle. Ar fáil ag:

http://www.plataforma-llengua.cat/media/assets/1880/guia_nousparlants_web_DEF.pdf

Pujolar, J. agus Puigdevall, M. 2015. 'Linguistic mudes: how to become a new speaker in Catalonia'. *International Journal of the Sociology of Language* 231: 167-187. Ar fáil ag:

<http://www.degruyter.com/view/j/ijsl.2015.2015.issue-231/issue-files/ijsl.2015.2015.issue-231.xml>

Rialtas na hÉireann 2010. *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030/20-Year Strategy for the Irish Language 2010-2030*. Baile Átha Cliath: Rialtas na hÉireann.

Walsh, J. 2012. *Contests and Contexts: The Irish Language and Ireland's Socioeconomic Development* (dara heagrán). Oxford: Peter Lang.

Walsh, C. 2007. *Cruinneas na Gaeilge scríofa sna hiar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge i mBaile Átha Cliath*. Baile Átha Cliath: COGG.

Walsh, J. agus Lane, P. 2014. 'Activity of Working Group 1: Report on Conceptualisations of New Speakerness in the case of Indigenous Minority Languages'. Position paper of COST Action *New Speakers in a Multilingual Europe: Opportunities and Challenges*. Ar fáil ag: http://www.nspk.org.uk/images/downloads/CONCEPTUALISATIONS_OF_NEW_SPEAKERS_IN_A_MULTILINGUAL_EUROPE_OPPORTUNITIES_AND_CHALLENGES_RNESS_final.pdf

Walsh, J. agus O'Rourke, B. 2014. 'Becoming a new speaker of Irish: linguistic *mudes* throughout the life cycle'. *Digithum* 16: 67-74. Ar fáil ag: <http://journals.uoc.edu/index.php/digithum/article/view/n16-walsh-orourke/n16-walsh-orourke-en>

